

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth
an Dúin

PLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA hAERÁIDE 2024-2029





Ba í Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a d'ullmhaigh an plean seo i bpáirt leis na húdaráis áitiúla eile i mBaile Átha Cliath (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas), Oifig Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath um Gníomhú ar Son na hAeráide (CARO) agus Codema - Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath.

Bhunaigh an Rialtas na hOifigí Réigiúnacha um Gníomhú ar Son na hAeráide (CARO) in 2018 le sainordú a thabhairt maidir le páirt a ghlacadh ann agus an rannpháirtíocht sin a chomhordú ag gach leibhéal den rialtas agus chun cabhrú le forbairt a dhéanamh ar an taithí agus an saineolas atá sa réimse um ghníomhú ar son na haeráide cheana. Tá na ceithre oifig réigiúnacha CARO ina gceann feadhna ar ghníomhú ar son na haeráide ar bhonn réigiúnach agus áitiúil araon, agus iad ag obair i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla ina gceantar féin.

Soláthraíonn Codema réimse leathan de sheirbhísí um fhuinneamh agus aeráid a mhaolú do na ceithre údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath agus do pháirtithe leasmhara eile sa réigiún, iad ag tacú le gach údarás áitiúil ceannaireacht a thabhairt agus dul i gcion ar dhaoine glacadh le haistriú go saol ar bheagán carbóin. Is é misean Codema dlús a chur le haistriú Bhaile Átha Cliath go saol ar bheagán carbóin ag druidim le 2030 agus 2050 ach leas a bhaint as fuinneamh nuálaíoch áitiúil agus taighde ar athrú aeráide, pleanáil, rannpháirtíocht agus cur i gcrích tionscadail d'fhonn drochthionchair athraithe aeráide a mhaolú agus saol saoránach a fheabhsú.

Is le caoinchead ó Conor Lally a fuarthas an íomhá ar an gclúdach

CLÁR ÁBHAIR

ACHOIMRE FHEIDHMEACH	6
1 RÉAMHRÁ	10
2 PRÓISEAS PLEANÁLA UM GHNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE AGUS RIALACHAS	22
3. GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE AR BHEALACH ATÁ FIANAISEBHUNAITHE	26
Próifíl Astaíochtaí	27
Measúnú ar na Rioscaí Ó Athrú Aeráide	34
4 RIOSCAÍ A FHREAGAIRT - PRÁINNFHREAGAIRT A PHLEANÁIL	40
5. ÁR nGNÍOMHARTHA AR SON NA hAERÁIDE – FREAGAIRT I dTACA LE MAOLÚ AGUS OIRIÚNÚ DE	45
Fuinneamh agus Foirgnimh	46
Iompar	58
Seasmhacht in Aghaidh Tuilte	70
Réitigh Nádúrbhunaithe	80
Geilleagar Ciorclach agus Bainistiú Acmhainní	92
Rannpháirtíocht an Phobail	102
6 CRIOS DÍCHARBÓNAITHE	112
7 CUR I bhFEIDHM AGUS TUAIRISCIÚ	134
8. AGUISÍNÍ	140



BROLLACH

Ó tá gníomhú ar son na haeráide ar cheann de na nithe is mó ar mo phaidrín mar Chathaoirleach, is mór an díol sásaimh dom an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2024-2029 seo a chur in bhur láthair, agus é mar aidhm leis a bheith gníomhach faoi lucht cónaithe, oibrithe, agus cuairteoirí chuig ár gContae a chur ar an eolas agus, trí bhíthin réimse leathan de chlár agus de chomhpháirtíochtaí, a n-aird a tharraingt ar chláir nuálaíocha faoi conas gníomhú ar son na haeráide.

Níl meas ag Athrú Aeráide ar theorainneacha; caithfidimid féin agus páirtithe leasmhara eile sa Chontae seo agus na húdaráis áitiúla lámh linn tarraingt le chéile chun obair i gcomhar ar ár gcur chuige i leith athrú aeráide le go mbeadh sé ionchuimsitheach, fiúntach agus teacht ag cách air. Na ceithre údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath - tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas tar éis a bPleananna um Ghníomhú ar Son na hAeráide a fhorbairt i gcomhar le Codema, Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath agus le hOifig Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath um Gníomhú ar Son na hAeráide (CARO). Chuaigh dlr i gcomhairle le Comhairle Contae Chill Mhantáin faoi seo freisin. dlr agus gníomhaireachtaí stáit eile, i ndáil le bonneagar ríthábhachtach atá i mbaol ag tionchair ar an aeráid, amhail obair i gcomhar le hIarnród Éireann ar an gcaoi ina bhfuil creimeadh cósta ag cur isteach ar sheirbhísí Mhearlíne Átha Cliath a sholáthar.

Dul chun cainte ar bhealach éifeachtach le pobail, le gnólaicthe, agus le hearnálacha eile faoi na deiseanna a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide le cur ar chumas daoine athrú iompraíochta chun feabhais a ghlacadh chucu féin ó thaobh na haeráide de. Uaidh sin, d'fhéadfaí cabhrú go mór leis an iarracht astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus cur isteach ó athrú aeráide a laghdú faoi mbliain 2030, faoi 2050 agus lá níos faide anonn. Le haitheantas a thabhairt go bhfuil tuiscint ar leith ag pobail ar na tionchair atá ag athrú aeráide go háitiúil, tá caibidil nua sa leagan nua seo den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide dar teideal 'Rannpháirtíocht an Phobail', ina leagtar amach sraith beart chun an chomhpháirtíocht idir dlr agus na pobail éagsúla fud fad an Chontae a neartú.

Le tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'iarrachtaí an ghrúpa pobail dul i ngleic le hathrú aeráide, tá an-áthas orm fáilte a chur roimh theacht Snáithe 1 den Chiste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide chuig dlr. Éascóidh an ciste seo tionscadail phobail um ghníomhú ar son na haeráide faoi théamaí amhail fuinneamh, taisteal, bia agus dramhaíl, siopadóireacht agus athchúrsáil mar aon le haeráid na háite agus gníomhú ar son na timpeallachta.

Is í Athrú Aeráide an dúshlán polaitiúil, geilleagrach, teicniúil agus sóisialta is tromchúisí lenár linn é. Beidh dlr ar thús cadhnaíochta san iarracht chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo ar bhonn náisiúnta fad is a bheidh sé ag obair go háitiúil sa Chontae chun tionchair nithiúla buanseasmhacha a chur i gcrích.



Teachtaireacht ón gCathaoirleach, an Comhairleoir Denis O'Callaghan

Denis O'Callaghan



Tá Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2024-2029 ag teacht le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide náisiúnta na bliana 2023, le Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe de chuid na NA, leis na Spriocanna Corparáideacha a leagadh síos sa ‘Phlean Corparáideach 2020 – 2024’ de chuid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus le carachtar uathúil an Chontae.

Díríonn an Plean fadbhreathnaitheach seo ar roinnt príomhthéamaí trasearnála idirghaolmhara lena gcuirtear creat ar fáil chun an t-aistriú chuig Contae atá níos seasmhaí ó thaobh na haeráide de a chur i gcrích. Orthu sin tá Foirgnimh atá Tíosach ar Fhuinneamh/Fuinneamh In-Athnuaite, Mótariompar Dícharbónaithe, Réitigh Dhúlrbhunaithe, Seasmhacht i gcoinne Tuilte, Geilleagar Ciorclach agus Rannpháirtíocht an Phobail. Tá gníomhartha ag dul le gach ceann de na téamaí seo agus déanfar monatóireacht leanúnach ar a gcur i bhfeidhm le cois foireann atá tiomanta do ghníomhú ar son na haeráide (agus iad ag obair ar fud Ranna dlr) i mbun tuairisciú fúthu go bliantúil.

Mar is maith is eol dúinn, tá athrú aeráide ar cheann de na dúshláin dhomhanda agus áitiúla is mó lenár linn. Ar aon dul le treochothaí domhanda, tá athrú ag teacht ar aeráid na hÉireann agus ar aeráid Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá teochtaí ag dul in airde, tá leibhéal na mara ag dul in airde, agus tá athrú ag teacht ar phátrúin titime báistí. Táthar ag tuar go leanfaidh na hathruithe seo agus go rachaidh siad i ndéine, rud óna dtiocfaidh an-chuid tionchar ar an gcontae. Dá bhrí sin, is den rithábhacht é go ngearraimid siar ar ár n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa d’fhonn ár ngealltanais ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus ag leibhéal an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh. Le hé seo a bhaint amach, beifear ag brath ar réimse leathan páirtithe leasmhara ag obair as lámha a chéile agus ar dhaoine a bheith toilteanach a gcuid nósanna a athrú go mór.

I measc na ngnéithe is tábhachtaí de straitéis gníomhaithe ar son na haeráide dlr, tá feithiclí leictreacha a cheannach nuair is féidir nó, de rogha air sin, feithiclí bithdhíosail chumhachtaithe a cheannach, le cois féachaint chuige go mbeidh gach soilsiú sráide tíosach ar fhuinneamh, agus iad ag feidhmiú de réir chaighdeán ISO 50001 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh an t-am ar fad. Tá cur chuige Tús Áite do Chúrsaí Digiteacha á chleachtadh ag dlr i leith a chuid seirbhísí a sholáthar agus é ag iarraidh a oiread dá ghnó agus dá phróisis iarratais a chur ar líne agus is féidir chomh maith le deiseanna a thabhairt dár bhfostaithe gabháil don obair chumaisc chun a gcaighdeán maireachtála a fheabhsú agus tionchair dlr ar an aeráid de dheasca taistil a laghdú. Lena chois sin, beidh an Crios Dícharbónaithe Dhún Laoghaire agus na Carraige Duibhe ina eiseamláir de conas astaíochtaí a laghdú ar bhealach spriocdhírthe. Cuirfear na rudaí a fhoghlaimítear anseo chun tairbhe do ghnólachtaí, don earnáil phoiblí, do lucht cónaithe agus do na cuairteoirí a thagann chuig gach cuid dár gContae.

dul i ngleic le drochthionchair athraithe aeráide ar ár gcósta agus ar ár bpobail agus caighdeán na beatha a fheabhsú do chách. Mar bhonn faoi seo beidh torthaí straitéiseacha Contae atá bunaithe ar choincheap na comharsanachta deich nóiméad arb é is aidhm dó féachaint chuige gur féidir le daoine siúl, dul ar rothar nó ar iompar poiblí chun riar ar a gcuid riachtanas laethúil agus chun teacht ar sheirbhísí amhail scoileanna, siopaí, páirceanna agus fostaíocht.

Ar deireadh thiar, ba mhaith liom mo bhúiochas a ghabháil leis na comhaltaí tofa, leis na grúpaí leasmhara, leis na comhlachtaí reachtúla agus lenár mbaill foirne as cur go gníomhach le forbairt an phlean seo agus as bonn eolais a chur fúithi.



**Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach,
Frank Curran**

ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr) tar éis an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 seo a chur le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair atá ag athrú aeráide ar lucht cónaithe, ar chuariteoirí, ar ghnólachtaí, ar oibríthe agus ar an gContae trí chéile faoi láthair agus amach anseo. Mar chuid den phlean tá raon gníomhaíochtaí atá eagraithe thart ar sé réimse téamacha: Fuinneamh agus Foirgnimh, Iompar, Seasmhacht i gcoinne Tuilte, Réitigh Dhúlra bhunaithe, Geilleagar Ciorclach agus Bainistiú Acmhainní agus Rannpháirtíocht an Phobail. Tugann na gníomhaíochtaí sna téamaí seo aghaidh i dteannta a chéile ar cheithre sprioc an phlean seo:

- Éifeachtúlacht fuinnimh dlr a fheabhsú 50% faoi 2030
- Astaíochtaí gáis cheaptha teasa dlr a fheabhsú 51% faoi 2030
- Drochthionchair imeachtaí adhaimsire arb é athrú aeráide is bun leo a tharlóidh amach anseo a mhaolú chun réigiún seasmhach ó thaobh na haeráide a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath Baile agus,
- Ár bpobail a spreagadh chun bheith gníomhach faoi athrú aeráide agus iad a chur ar an eolas faoi.

Le cur ar chumas dlr na spriocanna seo a bhaint amach, tá bonn fianaise curtha faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide i dtreo is gur féidir gníomhú ar son na haeráide go háitiúil ar bhealach comhtháite agus gur láidre a bheidh gníomhaíochtaí ar son na haeráide dá réir agus iad áitbhunaithe, leis. Mar chuid den bhonn fianaise seo:

- Cíorfar comhthéacs beartais an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide i gcoitinne (Caibidil 1)
- Déanfar measúnú ar na rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide agus na drochthionchair a d'fhéadfadh titim amach dá dheasca (Caibidil 3)
- Forbrófar próifíl astaíochtaí don tír ar fad (Caibidil 4)
- Forbrófar próifíl astaíochtaí don Chríos Dícharbónaithe (DZ) (Caibidil 6)

tá dlr tar éis Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide cuimsitheach a chríochnú ina bhfuarthas amach go bhfuil tionchair athraithe aeráide ag cur isteach ar an gContae cheana féin. Is ródhócha gur i ndéine a rachaidh na tionchair seo agus go dtarlóidh siad níos minice.

Tá an chuma air go bhfuil leibhéal na mara i gCuan Bhaile Átha Cliath ag dul in airde níos tapúla ná mar a bhíothas á thuair ar dtús agus go bhfuil ardú a dhá oiread ná an meán domhanda tagtha air le 20 bliain anuas.

Chonacthas creimeadh cósta agus tuile le blianta beaga anuas agus an seans ann i gcónaí lena leithéidí go mbainfí an bonn de Phríomh-bhonneagair.

Tá rótheas agus rófhuacht ag éirí níos coitianta sa Chontae freisin, mar a tharla in 2018, am arb éigean do Met Éireann a chéad rabhadh aimsire Stádas Dearg riamh a eisiúint faoi shneachta a thit i mí Feabhra agus samhradh na bliana céanna (le linn mhí an Mheithimh agus mhí Iúil) ar na samhraí is teo dár taifeadadh riamh.

Tá na laethanta ina bhfuil báisteach throm ann ag dul i líonmhaire freisin agus tá tuilte ag éirí níos coitianta san ardchathair le 15 bliana anuas. Is in olcas atá siad ag dul freisin. Gach uair a thiteann báisteach throm agus a bhíonn tuilte ann, déantar damáiste dár mbonneagar agus dár bpobal toisc go mb'éigean do ghnólachtaí éirí as obair.

Is léir ó na tarlúintí adhaimsire seo go léir go bhfuil géarghá ann na tionchair atá ag athrú aeráide ar ár dtimpeallacht, ár ngeilleagar agus ar na daoine ina gcónaí inár gContae a mhaolú.



Ríomhann an phróifíl astaíochtaí na hastaíochtaí gáis cheaptha teasa a chuireann gníomhaíochtaí dlr féin amach agus a chuireann ceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin trí chéile amach (lena n-áirítear miondealú ar astaíochtaí de réir na n-earnálacha cónaithe, iompair agus tráchtála). Fuair sé amach gur chuir dlr 6,869 tonna de Dhé-Ocsaíd Charbóin (tCO₂) amach in 2021. Tríd is tríd, tá laghdú 38% tagtha ar astaíochtaí ón mbonnlíne de 2016 - 2018 i leith, agus is éard atá taobh thiar de seo den chuid is mó ná laghdú ó fhoinsí leictreachais, ach fós féin tá 16% tagtha ar astaíochtaí neamhleictreachais ó cuireadh an bhonnlíne ar bun.

Forbraíodh na gníomhartha sa phlean seo chun an bhearna a líonadh idir na bonnlínte atá ann faoi láthair agus na spriocanna sainithe. Is iomaí comhthairbhse atá ag na gníomhartha seo, amhail an bisiú a thagann ó aer níos glaine agus taisteal gníomhach, gan trácht ar bhail níos fearr a bheith ar an timpeallacht de bharr cosaint gnáthóg, agus borradh faoin ngeilleagar de bharr teacht aige ar mhargaí nua agus níos mó deiseanna fostaíochta a bheith ann. Mar sin féin, ós rud é nach n-astaíonn foirgnimh agus oibríochtaí dlr ach 1.5% de líon iomlán na n-astaíochtaí a chuirtear amach i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, tá cruóg ag baint le hobair ar scáth a chéile chun dul i ngleic leis an 98.5% d'astaíochtaí eile a astaítear ar fud a chontae. Agus aghaidh á thabhairt ag dlr ar an dúshlán seo, oibreoidh sé le príomhpháirtithe leasmhara d'fhonn dul i bhfeidhm ar agus tacú le tionscnaimh um laghdú ar charbón ar fud earnálacha iompair, tráchtála agus cónaithe an Chontae.

Lena chois sin, toisc go mbeifear ag brath go mór ar an bpobal a bheith ar an eolas faoi agus rannpháirteach ann chun tabhairt faoi oiriúnú don athrú aeráide agus faoi athrú aeráide a mhaolú, tugann dlr gealltanais sa phlean seo tacú le muintir na háite beart a dhéanamh i gcoinne athrú aeráide ach réimse gníomhartha feasachta

a dhéanamh agus nósanna a athrú a liostaítear i dtábla gníomhaíochtaí rannpháirtíocht an phobail.

In 2022, roghnaigh dlr ceantar Dhún Laoghaire agus na Carraige Duibhe mar Chrios Dícharbónaithe ina bhforbrófaí cur chuige áitbhunaithe agus smaointeoireacht chóras d'fhonn conairí a shainaitheint a thacóidh le bearta i leith athrú aeráide a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Is éard is aidhm leis an méid a foghlaimíodh ón gcur chuige comhoibríoch seo curtha in oiriúint do chúinsí na háite a mhacasamhlú d'fhonn an Contae ar fad a dhícharbónú go héifeachtach.

Forbraíodh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide i gcomhar le gníomhaireacht fuinnimh Bhaile Átha Cliath Codema agus i gcomhar le húdarais áitiúla lámh linn, tar éis dúinn próiseas a chur dinn ina ndearnadh go leor taighde, anailís beartas, cruinniú duine le duine agus ceardlanna a dhéanamh le comhaltaí tofa agus le meithleacha réigiúnacha. Cuireadh le chéile é i gcomhréir le Treoirlínte maidir le Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na nÚdarás Áitiúil agus na hiarscríbhinní teicniúla a ghabhann leo agus foilsíodh é i mí an Mhárta 2023.


Cuirfead foireann atá tiomnaithe do ghníomhú ar son na haeráide agus a bheidh ag obair ar fud gach roinne in dlr i mbun monatóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar gníomhaíochtaí an phlean seo ar bhonn leanúnach. Gheobhaidh siad cuidiú san obair seo ó Oifig Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath um Ghníomhú ar son na hAeráide, a fhéachfaidh chuige go ndéanfar an Plean a nuashonrú go hiomlán gach cúig bliana le go gcuirfí san áireamh ann an beartas, teicneolaíocht agus tionchair ar an aeráid is déanaí.



FORLÉARGAS AR DHÚN-LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

PRÍOMH-AIBHNEACHA

- BAILE UÍ LACHNÁIN
- SEANGÁNACH
- CARRAIG MHAIGHIN
- AN DOTHRA



Toghcheantair agus Leabharlanna Dhún-Laoghaire Ráth an Dúin



Leabharlanna: **8**



Ionaid Phobail: **28**



Scoileanna: **107**

Páirceanna Réigiúnacha: **Páirceanna os cionn 1000 heicteár / Spásanna Glasa.**



PRÍOMH-LIMISTÉIR RIOSCA:
TUILTE

TEAGMHAIS ADHAIMSIRE AMHAIL stoirmeacha, tréimhse fhuar, tonnta teasa

ARDÚ AR LEIBHÉAL NA FARRAIGE



DAONRA
233,860



85,110
TEAGHLAIGH



17 km
DE CHÓSTA

FÍS

‘Contae atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus é d’uailmhian aige éirí neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050.’

MISEAN

‘Gníomhaíochtaí ar son na haeráide intomhaiste a dhéanamh ar fud an Chontae seo s’againne agus i dlr, ach ceannaireacht agus sampla a thabhairt agus gníomh a spreagadh go háitiúil.’



1 RÉAMHRÁ

Is chun Contae ar bheagán carbóin agus seasmhach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach a d'ullmhaigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 seo.



FORLÉARGAS AR ATHRÚ AERÁIDE

Tuigean níos mó agus níos mó daoine anois gurb é an t-athrú aeráide an dúshlán domhanda is tromchúisí san fhadtéarma lenár linn agus tá a chuid iarmhairtí ag éirí follasach ar fud an domhain agus sa tír seo. Dearbhaíonn an Seú Tuarascáil Mheasúnachta de Mheitheal I an Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) go bhfuil fianaise dhoshéanta ann gur tháinig athrú ar aeráid an Domhain ó bhí an ré réamhthionsclaíoch ann (thart faoi 1850-1900) agus gurbh iad gníomhaíochtaí an chine daonna, go háirithe scaoileadh gáis cheaptha teasa isteach san atmaisféar, ba bhunsiocair leis an athrú seo¹.

De dheasca an téimh domhanda seo arb é an duine is cúis leis, tá an mheánteocht ar thalamh an domhain méadaithe 1.1°C sa tréimhse idir 2011 agus 2020, le hais na meánteochtaí a bhíodh ann sa ré réamhthionsclaíoch. Is í an treocht chéanna atá le sonrú ar aeráid na hÉireann agus atá le sonrú ar an aeráid ar fud na cruinne.



CÉN FÁTH A BHFUIL SÉ TROMCHÚISEACH GO BHFUIL MÉADÚ 1.1 °C TAGTHA AR AN AERÁID?

Cé gurb í an aimsir atá i gceist againn nuair a thráchtaimid ar dhálaí aimsire ar feadh cúpla uair nó roinnt laethanta, is éard atá i gceist le haeráid ná an meánphatrún aimsire a mbeifí ag súil leis in áit ar leith i bhfianaise na haimsire a thit amach sa taobh sin tíre leis na scórtha bliain. Is mór an ní é méadú 1.1 °C mar caithfidh an t-uafás téimh tarlú sula dtiocfadh athrú ar an bpatrún seo.

Tá méadú 1.1 °C tagtha ar mheánteocht an domhain, fad is go ndeachaigh an teocht os cionn talún in airde níos tapúla ná an teocht sna haigéin, Tá roinnt réigiún ann, leis, ina bhfuil an teocht ag dul in airde níos tapúla ná i réigiún eile. Tá méadú 1.1 °C ag cur isteach ar bheatha an domhan ar iliomad bealaí.

TUISCINT A FHÁIL AR ASTAÍOCHTAÍ GÁIS CHEAPA TEASA


Maidir leis na córais a mbainimid leas astu go laethúil, ár dtithe agus ár bhfoirgnimh, an líonra leictreachais, ár gcóiracha iompair, ár gcórais bia agus dramhaíola, agus na córais a tháirgeann na hearraí agus na seirbhísí a cheannaímid, tá siad bunaithe ar chleachtais óna scaoiltear gás cheaptha teasa (GCT) nuair a úsáidimid iad.

Gáis cheaptha teasa - dé-ocsaíd charbóin, meatán, ocsaíd níotrach, agus gáis fluairínithe - is gáis dofheicthe iad agus, nuair a scaoiltear isteach san atmaisféar iad, ceapann siad an teas ónár bpláinéad atá ar tí éalú amach sa spás, mar a bheadh brat éadaigh nó blaincéad ann. Tá an próiseas seo tar éis an domhan seo s'againne a théamh 1.1°C ó bhí 1850-1900 ann.

CONAS A BHAINTEAR GÁIS CHEAPA TEASA DEN ATMAISFÉAR?

Faraor, tá gníomhaíocht dhaonna tar éis i bhfad Éireann níos mó gáis cheaptha teasa a chur isteach san atmaisféar ná mar is féidir leis an dúlra a shú isteach. Tá timthriall nádúrtha ag gach príomhghás cheaptha teasa, rud a fhágann gur féidir le 'linnte' éagsúla iad a ionsú go nádúrtha gach bliain, linnte amhail aigéin, ithreacha, crainn, fásra, agus bogaigh/portaigh.

I bhFíor 1.1 cuirtear teocht na hÉireann i gcomparáid leis an teocht dhomhanda ó 1900 i leith. Ach oiread le teochtaí ar fud an domhain, tá teochtaí in Éirinn ag dul in airde fad is nach bhfacthas a leithéid riamh ann sa tír seo in 2022 i dtaca le rótheas, rófhucht agus fearthainn throm ann de. Dhearbaigh Met Éireann gurb é 2022 an bhliain is teo dár taifeadadh riamh in Éirinn. Rud a d'fhágfadh go raibh an teocht in Éirinn os cionn an na meánteochta fadtéarmaí don dódhéagú bliain as a chéile. Thairis sin, tharla na teochtaí is airde dár taifeadadh riamh in Éirinn le linn shamhradh na bliana 2022, agus nuair a bhain an teocht 33°C i bPáirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath, ba í an dara teocht is airde dár taifeadadh riamh².



Fíor 1.1: Neamhréireanna (°C) Teochta Oileán na hÉireann 1900-2022 (difríocht ó 1961-1990) (Foinse: Met Éireann²)

Tá an t-athrú atá ag teacht ar an aeráid ag cur isteach ar thitim báistí agus bhí an méid báistí a taifeadadh ag formhór na stáisiún aimsire in 2022 faoi bhun an mheáin fhadtéarmaigh. Ní raibh aon sheasmhacht ann maidir le báisteach in 2022, agus rófhucht nó rótheas le brath i ngach séasúr, i riocht is go raibh Samhradh agus Earrach níos tirime ann dá bharr agus gur fliche a bhí Fómhar agus Geimhreadh na bliana sin ná mar is gnáth.

Agus an aeráid ag éirí níos teo, tagann ardú ar leibhéal na mara nuair a chailltear muiróghear agus tarlaíonn forbairt theirmeach (borrann toirt an uisce nuair a théitear é) toisc an fharraige a bheith ag éirí níos teo. Tá meánleibhéal na mara ag ardú go comhsheasmhach ó 1901 i leith, agus tharla méadú 20cm air idir 1901 agus 2018. Tharla a leithéid d'ardú ar leibhéal na mara in Éirinn agus a dhó nó a trí mhiliméadar d'ardú ann in aghaidh na bliana.


Tá Éire thíos le drochthionchair ar an aeráid cheana féin. Is rléir ó tharlúintí adhamsire na gairid an baol atá in athrú aeráide do bhonneagar do dhaoine aonair, do phobail agus d'earnálacha gnó (amhail talmhaíocht, turasóireacht agus iompar). Tarraingíonn tarlúintí adhamsire mar seo aird ar an ngéargh atá le gníomhú go práinneach ar son na haeráide ar fud an tsochaí.

Is minic a bhíonn drochthionchair athraithe aeráide faoi deara do dhúshláin shóisialta, timpeallachta agus gheilleagracha dul in olcas. Is féidir le rudaí éirí níos leochaílí agus níos íogaire dá dheasca seo agus iad fágtha níos mó gan chosaint ar aeráid atá ag athrú agus ar rófhucht agus ar rótheas dá bharr.

Bunaithe ar athruithe ar an aeráid a chonacthas agus na hiarmhairtí a d'eascair astu, tá Met Éireann agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) in ann réamh-mheastacháin láidre a dhéanamh i leith patrúin aeráide a thiocfaidh chun cinn in Éirinn agus ar fud an domhain amach anseo. Chomhfhóilsigh an GCC, Foras na Mara agus Met Éireann Tuarascáil ar Stádas Aeráid na hÉireann³ i mí Iúil 2021. Tá le tuiscint as na réamh-mheastacháin inti nach mbeidh aon stop leis na treochtaí aeráide ar tugadh faoi deara iad le céad bliain anuas ar aghaidh agus gur i ndéine a rachaidh siad sna blianta amach romhainn.

Déantar achoimre ar na réamh-mheastacháin d’aeráid na Éireann i bhFíor 1.2. Le haghaidh réamh-mheastacháin níos mionsonraithe do dlr, féach le do thoil ar Chaibidil 4 – Gníomhú ar Son na hAeráide ar bhealach Fianaisebhunaithe – sa Phlean seo.

Is féidir an staid atá ar aeráid na hÉireann sa lá atá inniu ann agus an staid a d’fhéadfadh a bheith uirthi amach anseo a thabhairt le chéile in aon thátal amháin. Tá aeráid na hÉireann athraithe le hais na haeráide a bhí ann sna 1900idí. Níl aon dabht ach go bhfuil sí éirithe níos teo ar aon dul le teochtaí go domhanda, rud a fhágann gur tháinig ann do scata iarmhairtí a fheictear nuair atá aeráid níos teo agus tarlúintí adhaimsire níos measa ann.



Fíor 1.2: Réamheastacháin maidir leis an Aeráid a d’Fhéadfadh a bheith i nDán d’Éirinn Amach Anseo (Foinse: Bunaithe ar: ©GIZ/Global Programme on Risk Assessment and Management for Adaptation to Climate Change (Loss and Damage))

MAIDIR LEIS AN bPLEAN SEO


Is bealach é forbairt an Phlean seo do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr) chun a fhís uileghabhálach i leith an Contae a athrú ó bhonn le gur

‘Contae atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus é d’uailmhian aige éirí neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050.’

Mar chabhair don Fhís seo a fhíorú tá Misean forbartha ag dlr

‘Gníomhaíochtaí ar son na haeráide intomhaiste a dhéanamh ar fud an Chontae agus sa Chomhairle, ach ceannaireacht agus sampla a thabhairt agus gníomh a spreagadh go háitiúil’

Tá an Plean seo ag teacht le Cuspóir Aeráide foriomlán an Rialtais iompú ina gheilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, lán le bithéagsúlacht, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de tráth nach déanaí ná deireadh 2050 mar a leagtar amach san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021⁴. Tá an tAcht seo mar chúlra d’uailmhian aeráide na hÉireann atá ina ceangal dlí chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú 51% faoi 2030, rud a chuirfidh an tír ar chonair i dtreo neodracht ó thaobh aeráide de a bhaint amach faoi dheireadh na bliana 2050.



Fíor 1.3 Gníomhú ar Son na hAeráide: Maolú agus Oiriúnú (Foinse: Plean Forbartha Contae dlr 2022 -2028)


Ceanglaíonn an tAcht go sonrach ar gach údarás áitiúil in Éirinn Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a ullmhú agus a chur le chéile i leith tréimhse cúig bliana agus ina dtugtar aghaidh ar bhearta maolaithe agus oiriúnaithe araon:

- **Baineann Maolú ar Athrú Aeráide** le hathrú a dhéanamh ar an gcaoi ina mairimid, ina n-ídimid, agus ina monaraímid d'fhonn na gáis cheaptha teasa dhíobhálacha a astaítear astu seo go léir a laghdú nó fáil réidh leo ar fad ar fad. Áirítear leis seo freisin an leas is fearr agus is féidir a bhaint as ár gcuid talún; agus
- **Is éard is Oiriúnú don Athrú Aeráide** ann dul i ngleic leis na hiarmhairtí a eascraíonn as athrú aeráide agus, chuige seo, déantar bearta praiticiúla chun priacail a bhainistiú, pobail a chosaint agus níos mó teacht aniar a chur sa gheilleagar (m.sh., an baol atá ann ó thuilte, ardú ar leibhéal na mara, srl).

Ceanglaítear ar údaráis áitiúla glacadh lena bPlean um Ghníomhú ar Son na hAeráide féin faoin 23 Feabhra 2024. A mhéid is indéanta, beidh Pleananna um Ghníomhú ar Son na hAeráide de chuid na nÚdarás Áitiúil, i gcomhréir leis an bPlean náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus leis an gCreat Náisiúnta um Dhul in Oiriúint is déanaí a formheasadh. Ní mór aird a bheith acu freisin ar an Straitéis i leith Gníomhú ar son na hAeráide go Fadtéarmach is déanaí a formheasadh, ar Phleananna Earnála um Dhul in Oiriúint agus ar bheartas ar bith ón Aire nó ón Rialtas i leith Athrú Aeráide.

COMHTHÉACS BEARTAIS AERÁIDE

Tugann fianaise eolaíoch gríosú do lucht gníomhaithe ar son na haeráide ós rud é go dtacaíonn sé leis na torthaí a léiríonn gurb é an cine daonna is cúis le hathrú aeráide go pointe. Agus é ina cheangal dlí, sa chonradh idirnáisiúnta is déanaí ar an athrú aeráide, leagtar síos creat i gcomhair freagairtí beartais atá uailmhianach agus níos láidre - Comhaontú Pháras 2015. Ar an ábhar sin, cumadh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo i gcomhthéacs ginearálta bheartas athraithe aeráide idirnáisiúnta, an Aontais Eorpaigh (AE), náisiúnta agus earnála. Léirítear é seo i bhFíor 1.4.



Fíor 1.4: Reachtaíocht agus Comhthéacs Beartais don Phlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide (Foinse: Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide)

BEARTAS IDIRNÁISIÚNTA I LEITH ATHRÚ AERÁIDE

Tuigtear go forleathan go bhfuil gá le comhoibriú agus le huailmhian ar bhonn idirnáisiúnta má táthar chun dul i ngleic le hathrú aeráide. Ó bunaíodh **Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC)**⁵ in 1994, tá tíortha ag iarraidh comhar idirnáisiúnta a neartú d’fhonn srian a chur le méadú na meánteochta domhanda agus d’fhonn dul i ngleic le tionchair

athraithe aeráide a thagann as na teochtaí méadaithe seo. Síniú **an Chomhaontaithe Páras 2015**⁶ ag Comhdháil na 21 Pháirtí (COP21) an toradh a bhí ar na hiarrachtaí seo. Is é is an Comhaontú Pháras 2015 ann conradh idirnáisiúnta ar athrú aeráide atá ina cheangal dlí ar shíniú na 196 tír uile is comhaltaí iad é, Éire san áireamh, agus a tháinig i bhfeidhm an 4 Samhain 2016.

Trí bhíthin dhá sprioc atá sainithe go soiléir, déanann Comhaontú Pháras tréaniarracht tabhairt faoi ghníomhú ar son na haeráide ar bhealach forásach uailmhianach i bhfad na haimsire d'fhonn athrú aeráide contúirteach a sheachaint trí:

- i. Mhéadú ar an meánteocht dhomhanda a choimeád i bhfad faoi bhun 2°C agus iarrachtaí a dhéanamh chun an t-ardú teochta a shrianadh go 1.5°C os cionn na leibhéal a bhíodh ann sa ré réamhthionsclaíoch; agus
- ii. Cur le cumas dul in oiriúint do dhrochthionchair athraithe aeráide agus acmhainn i gcoinne athrú aeráide a chothú.

Comhaontú Idirnáisiúnta eile a bhfuil dlúthbhaint aige leis an gComhaontú Pháras is ea **Ár nDomhan a Athrú ó Bhonn: Clár Oibre le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe 2030**⁷ ar ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe leis i mí Meán Fómhair 2015. I gcroílár an Chláir Oibre tá **17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna)**. Tá sé mar aidhm ag na spriocanna seo 'deireadh a chur le bochtaineacht, dúlra na cruinne a chosaint agus feabhas a chur ar shaol gach duine agus ar a bhfuil i ndán dóibh'. Ar na 17 SDG tá:

169 sprioc le baint amach faoi 2030. In 2019, d'agair ceannairí an Domhain 'deich mbliana de bheart a dhéanamh' d'fhonn na Spriocanna a bhaint amach faoi cheann an achair ama seo. Pléadh na SDGanna i gCaibidil 7 den Phlean seo freisin.


I mí na Nollag 2019, mar chuid de ghealltanais Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, d'fhógair an Coimisiún Eorpach an **Comhaontú Glas don Eoraip**⁸ arb é is aidhm dó an Eoraip a iompú ina chéad ilchríoch neodrach ó thaobh na haeráide de riamh ar domhan. Féachann an Margadh leis an nglanmhéid astaíochtaí de gháis cheaptha teasa a bhaint amach faoi 2050, fás eacnamaíoch a scaradh le hídiú acmhainní agus gan aon duine a fhágáil ar leataobh. Thug an tAontas Eorpach sraith tograí isteach le go mbeadh beartais an Aontais Eorpaigh i leith athrú aeráide, cánachais, fuinnimh, agus cúrsaí iompair ag teacht le chéile agus níos fabhraí do bhaint amach na haidhme seo dá bharr. Le cois na spriocanna seo a dhéanamh ina cheangal dlí, leagann an **Dlí Aeráide Eorpach**⁹ sprioc eile síos i leith glanmhéid astaíochtaí de gháis cheaptha teasa a laghdú 55% ar a laghad faoi 2030 agus neodracht ó thaobh aeráide de a bhaint amach faoi 2050.

BEARTAS I LEITH ATHRÚ AERÁIDE IN ÉIRINN

Le sonrú i mbeartas athraithe aeráide in Éirinn anois tá uailmhian an AE ar ghá é chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an athraithe aeráide. Achtaíodh **An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021**⁴ ar an 23 Iúil 2021 agus ceanglaíonn sé ar an Stát an t-aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh aeráide de, lán le bithéagsúlacht, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050. Tugtar an **Cuspóir Náisiúnta Aeráide** air seo, leis. Is é is geilleagar neodrach ó thaobh na haeráide de ann, mar a luaitear san Acht, geilleagar inbhuanaithe agus socháí ina mbaintear níos mó astaíochtaí gáis cheaptha teasa ón atmaisféar ná mar a astaítear nó go mbaintear cothromaíocht amach eatarthu ar a laghad.

Chun an Cuspóir seo a bhaint amach, cuirfidh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide faoi bhráid an Rialtais go rialta lena bhfaomhadh - buiséid charbóin, uasteorainneacha astaíochtaí earnála, Plean náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide, Straitéis Fadtéarmach i leith Gníomhú ar son na hAeráide agus Creat Náisiúnta um Dhul in Oiriúint. Maidir le buiséid charbóin, arb é an Rannóg um Chomhairle faoi Athrú Aeráide dlí a mholfaidh iad, ba cheart foráil a dhéanamh sa chéad dá bhuiséad carbóin astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú 51% faoi dheireadh 2030 agus 2018 á úsáid mar an bhliain bhonnlíne. Trí bhíthin buiséid charbóin fhorásacha uile-gheilleagair agus uasteorainneacha earnála, ceapadh sraith straitéisí chun meascán de bhearta um dhul in oiriúint agus um maolú a chur chun cinn. Le cois maoirseacht láidir agus socrúithe tuairiscithe, tá beartas i leith athrú aeráide ag obair leis chun cur le hiarrachtaí ar fud an

tsocháí. Cuirfidh sé seo mór-athrú i bhfeidhm ar ghníomhú ar son na haeráide ar bhonn uailmhianach claochlaitheach go ceann 2030 agus níos faide anonn go 2050.



PLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE 2024 (CAP24)

Déanann CAP24 forbairt ar na Pleananna um Gníomhú ar son na hAeráide a cuireadh le chéile roimhe seo, trí na bearta agus na gníomhaíochtaí is gá chun na buiséid charbóin agus na huasteorainneacha astaíochtaí d'earnálacha a chur i gcrích, a bheachtú agus a nuashonrú. Is treochlár é CAP24 chun gníomh cinntitheach a dhéanamh chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa na hÉireann a laghdú faoi leath faoi 2030 agus chun neodracht carbóin a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050, mar a gealladh san Acht (Leasú) um Gníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Isealcharbóin, 2021.

Aithníonn CAP24 go bhfuil ról lárnach ag an rialtas áitiúil maidir le bearta a chur i bhfeidhm chun spriocanna náisiúnta na hÉireann i leith an aeráid a bhaint amach agus chun tacú le gníomhú ar son na haeráide agus é a spreagadh, ar bhonn réigiúnach agus áitiúil. Beidh tábhacht níos mó ná riamh ag an ról seo nuair a fhorbraítear na Treoirilínte maidir le Pleananna an Údaráis Áitiúil um Gníomhú ar son na hAeráide (LACAPanna). Cuirfidh na Pleananna seo béim láidir ar chur chuige áitbhunaithe i leith gníomhú ar son na haeráide agus iad ag iarraidh cur le tuiscint an phobail ar na rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide go háitiúil fad is a thabharfaidh siad aghaidh ar choinníollacha suíomhshonracha.

Mar chuid de CAP24 beidh na gníomhaíochtaí ar son na haeráide seo a leanas a bhainfidh go sonrach le húdaráis áitúla:

- RÁ/24/1 - Glacadh le Pleananna an Údaráis Áitiúil um Gníomhú ar son na hAeráide
- RÁ/24/2 - Criosanna Dícharbónaithe a Fhorbairt
- ÚÁ/24/3 - Córas monatóireachta agus tuairiscithe a fhorbairt do Phleananna an Údaráis Áitiúil um Gníomhú ar son na hAeráide
- RÁ/24/4 - Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an gCairt um Gníomhú ar son na hAeráide
- RÁ/24/5 - Céim 2 den Chlár Luathaithe um Shoghluaisteacht Chliste agus Inbhuanaithe a Chur i bhFeidhm ar Bhonn Céimneach
- RÁ/24/6 - Tacú le Corcaigh agus le Baile Átha Cliath i Misean an Aontais Eorpaigh maidir le Cathracha Aeráid-Neodracha Cliste

Leanfaidh an Chomhairle d'aird a bheith aici ar an bPlean náisiúnta um Gníomhú ar Son na hAeráide (agus ar aon leasú a dhéantar air) fad is atá sí i mbun Plean an údaráis áitiúil um Gníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air.

Cíofar sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus glacfar isteach ann de réir mar is cuí nuashonruithe ábhartha ar an bPlean náisiúnta um Gníomhú ar son na hAeráide, an Creat Náisiúnta Pleanála agus na Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha le linn shaolré an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus cuirfear san áireamh ann Tuarascálacha ábhartha ar Staid an Chomhshaoil a rinne an GCC.

D'fhoilsigh Éire a céad **Creat Náisiúnta um Dhul in Oiriúint** (NAF)¹¹ in 2018. Leagtar amach sa chreat seo an comhthéacs is gá le cinntiú go bhfuil príomh-earnálacha agus údaráis áitúla in ann príomhrioscaí agus leochaileachtaí i leith athrú aeráide a mheas; gníomhartha a dhéanamh chun seasmhacht ó thaobh na haeráide de a chothú agus féachaint chuige go bhfuil tosca maidir le hoiriúntú don athrú aeráide chun tosaigh agus bearta á ndéanamh ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Leagtar amach sa **Straitéis fhadtéarmach um Laghduithe Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa**¹² atá ag Rialtas na hÉireann faoi láthair conairí táscacha, go ceann 2030 agus lá níos faide anonn, i dtreo neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach d'Éirinn faoi 2050. Déanann an Straitéis seo forbairt ar na conairí dícharbónaithe a leagtar síos sna buiséid charbóin, sna huasteorainneacha astaíochtaí d'earnálacha agus sna Pleananna náisiúnta um Gníomhú ar Son na hAeráide, ar mhaithe lena chinntiú go dtabharfar faoi bheartais i leith athrú aeráide a dhéanamh ar bhealach comhleanúnach éifeachtach. Mar bhonn eolais faoi tá anailís ar na roghanna atá ann maidir le haistriú a dhéanamh ar fud gach príomh-earnáil den gheilleagar. Is nasc ríthábhachtach é idir na spriocanna atá ag Éirinn i leith athrú aeráide faoi 2030 agus an sprioc fadtéarmach atá leagtha síos ag an gCuspóir Náisiúnta Aeráide agus ag an nDlí Aeráide Eorpach.

Táthar tar éis Pleananna Earnála um Oiriúntú don Athrú Aeráide¹³ a fhoilsiú ar fud ranna Rialtais mar fhreagairt ar an gCreat Náisiúnta um Oiriúntú. Aithnítear i ngach Plean na rioscaí is mó roimh an earnáil agus an cur chuige atá á ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin d'fhonn athléimneacht ó thaobh na haeráide de a chothú sna blianta amach romhainn. Le hiad a fhorbairt baineadh feidhm as próiseas pleanála um oiriúntú d'athrú aeráide a bhfuil sé chéim ann. Tugtar cuntas ar an bpróiseas seo sna Treoirilínte Pleanála Earnála um Oiriúntú don Athrú Aeráide, arb iad an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a d'fhoilsigh iad. Tugann na Pleananna aghaidh ar na hearnálacha seo a leanas: Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Bia Mara, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta, Bonneagar iompair, Líonraí Leictreachais agus Gáis, Líonraí Cumarsáide, Bainistiú Riosca i gCás Tuitle, Caighdeán an Uisce, Bonneagar Seirbhísí Uisce agus Sláinte.

Shínigh na húdaráis áitúla uile Cairt an Údaráis Áitiúil um Gníomhú ar son na hAeráide¹⁴ i mí Dheireadh Fómhair 2019. Leis an gCairt seo geallann gach údarás áitiúil gearú ar a iarrachtaí agus a bheith i gcróilár na n-iarrachtaí áitúla agus náisiúnta gníomhú go héifeachtach ar son na haeráide. Cuireann sé de chúram ar údaráis áitúla ceannaireacht láidir a thabhairt maidir le gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn ar bhonn réigiúnach agus áitiúil fad is a bheidh sé ag cloí le SDGanna na NA, go háirithe Sprioc 13 maidir le Gníomhú ar son na hAeráide. Le cois astaíochtaí óna n-oibríochtaí féin a laghdú, oibreoidh comhairlí i gcomhar lena chéile agus i bpáirt le frontair áitúla, le grúpaí pobail, le lucht cónaithe chomh maith leis na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus oideachais ar thionscnaimh um gníomhú ar son na haeráide.

Is é Ag Seachadadh Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide 2030¹⁵ straitéis na n-údarás áitiúil i leith gníomhú ar son na hAeráide a foilsíodh i mí Aibreáin 2021. Is ionann an straitéis agus gealltanais uileghabhálach earnála féachaint chuige go mbeidh cur chuige comhleanúnach ann i leith gníomhú ar son na haeráide ar fud na struchtúr riaracháin agus polaitíochta atá ag an aon údarás áitiúil is tríocha. Ag an leibhéal earnála, cuireann an straitéis rún ginearálta straitéiseach in iúl trí sheasamh ceannaireachta a shamhlú a spreagfaidh líonra na údarás áitiúil chun gníomhú go héifeachtach ar son na haeráide. Laistigh den den earnáil, is ionann an straitéis fhoriomlán agus lucht ceannasaíochta uile a bheith ar aon intinn faoin gcur chuige i leith gníomhú ar son na haeráide mar aon le bheith tiomnaithe go mór do ról ceannaireachta a leagtar síos. Is éard atá sa straitéis treochlár sainithe d'údarás áitiúla lenár féidir leo na freagairtí dícharbónaithe agus oiriúnaithe ar athrú aeráide is gá a chur i gcrích.

PLEANÁIL ÚDARÁIS ÁITIÚIL I LEITH GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Tá sé d'acmhainn ag an dlr seo cheana féin, agus ag údaráis áitiúla eile ar fud na tíre, a bheith ar thús cadhnaíochta san iarracht gníomhú ar son na haeráide in Éirinn. Tá ról nach beag ag údaráis áitiúla i dtaca le bearta oiriúnaithe agus maolaithe a chur i gcrích ar bhonn áitiúil agus i measc an phobail. Cuirtear de chúram orthu, tríd na bhfeidhmeanna rialála agus straitéiseacha atá acu, obair chun na spriocanna náisiúnta uaimhianacha i leith athrú aeráide agus beartas a oibríochtú ar bhonn áitiúil d'fhonn cuidiú leis an gCuspóir Náisiúnta Aeráide a chur i gcrích.

Beidh an Plean seo ina áis thábhachtach chun na naisc idir beartas aeráide náisiúnta agus idirnáisiúnta a neartú agus gníomhú ar son na haeráide a chur i gcrích go héifeachtach ar bhonn áitiúil agus i measc an phobail trí ghníomhú ar son na haeráide ar bhealach áitbhunaithe. Forbraíodh é i bpáirt leis na húdaráis áitiúla eile i mBaile Átha Cliath, Codema - Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath agus le hOifig Réigiún Bhaile Átha Cliath um Ghníomhú ar Son na hAeráide (CARO).

Is é misean Codema dlús a chur le haistriú Bhaile Átha Cliath go saol ar bheagán carbóin ag druidim le 2030 agus 2050 ach leas a bhaint as fuinneamh nuálaíoch áitiúil agus taighde ar athrú aeráide, pleanáil, rannpháirtíocht agus cur i gcrích tionscadail d'fhonn drochthionchar athraithe aeráide a mhaolú agus saol pobal a fheabhsú. D'fhonn tacú leis seo, soláthraíonn Codema réimse leathan de sheirbhísí um fhuinneamh agus aeráid a mhaolú do na ceithre údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath agus do pháirtithe leasmhara eile sa réigiún, iad ag tacú le gach údarás áitiúil ceannaireacht a thabhairt agus dul i gcion ar dhaoine glacadh le haistriú go saol ar bheagán carbóin.

Bhunaigh an Rialtas na CAROanna in 2018 le sainordú a thabhairt maidir le páirt a ghlacadh ann agus an rannpháirtíocht sin a chomhordú ag gach leibhéal den rialtas agus chun cabhrú le forbairt a dhéanamh ar an taithí agus an saineolas atá i réimse an athraithe aeráide agus gníomhaithe ar son na haeráide cheana féin. Tá ról ag na hoifigí maidir le dlús a chur le gníomhú ar son na haeráide ar bhonn réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear tacú le Pleananna Údarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Leagtar amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029 bealach soiléir atá le dul ag dlr chun:

- bheith gníomhach maidir le beartas náisiúnta a mhúnlú do chúinsí áitiúla trí thús áite a thabhairt do bhearta atá fianaisebhunaithe agus dlús a chur leo.
- cuidiú leis an gcuspóir maidir le neodracht ó thaobh aeráide de a bhaint amach ar bhonn áitiúil agus i measc an phobail; agus
- Crios Dícharbónaithe (DZ) a shainnaint agus a chur ar bun laistigh de cheantar an údaráis áitiúil. Feidhmeoidh an crios seo mar áit inar féidir réimse bearta maolaithe agus oiriúnaithe aeráide agus bithéagsúlachta a thástáil i limistéar sainithe. Beidh sainnaint na dtionscadal agus na dtorthaí ina cabhair don Chuspóir Náisiúnta Aeráide a chur i gcrích.

Agus é ag obair leis i gcomhthéacs ina bhfuil creat beartais uaimhianach ann i leith athrú aeráide atá á fhorbairt de shíor, caitheann dlr a dhúthracht le gníomhú ar son na haeráide a fhí isteach ina chuid oibríochtaí agus feidhmeanna féin, fad is atá ról ceannaireachta glactha chuige féin go háitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide. Le sonrú sa Phlean tá cur chuige comhleanúnach i leith gníomhú ar son na haeráide ar fud struchtúir riaracháin agus pholaitíochta an údaráis áitiúil faoi réir formheasa ag na Comhaltaí Tofa den údarás áitiúil tar éis dó comhairliúchán poiblí agus dul chun cainte leis an bpobal a dhéanamh. Tacaíonn réimse pleananna eile, Plean Corparáideach dlr san áireamh, Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail agus Plean Forbartha an Chontae leis na gealltanais a thugtar sa Phlean um Ghníomhú ar Son na hAeráide a chomhlíonadh.

Leagtar amach sa Phlean conas a bheidh dlr freagrach as cur le hathléimneacht ó thaobh na haeráide de agus le héifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú ar fud a chuid sócmhainní, seirbhísí agus bonneagar, rudaí atá sé go hiomlán freagrach astu. Beidh ról níos leithne ag dlr freisin lena bhféachfaidh sé dul i gcion ar earnálacha eile, labhairt ar a son agus an bealach a réiteach dóibh a gcuid spriocanna agus uaimhianta féin i leith athrú aeráide a bhaint amach. Ní fhéadfaí déanamh gan seo má táthar chun lánleas a bhaint as na tairbhí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíochta a eascraíonn as gníomhú ar son na haeráide. leanfaidh dlr de thionscadail uaimhianacha um gníomhú ar son na haeráide a chur i gcrích ar bhonn céimneach, na foinsí maoinithe uile atá ar fáil a tharraingt anuas agus daoine den phobail agus páirtithe leasmhara a spreagadh chun bheith páirteach ann. Beidh creat beartais forásach mar thaca ag na hiarrachtaí seo go léir. Seolfaidh dlr Snáithe 1 den Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide - Pobail ar Bheagán Carbóin a Chothú chun tacú le pobail ar bheagán carbóin agus iad a chothú.


Agus an aeráid ag athrú, is éard atá uainn teacht aniar a chothú i gcoinne gach rud a d'fhéadfadh titim amach. Cuirfidh sé seo ar chumas pobal teacht faoi bhláth agus obair as lámha a chéile i dtreo réitigh phraiticiúla atá fiúntach, ionchuimsitheach, cothrom agus a bhfuil teacht ag cách orthu.

Ceanglaítear ar údaráis áitiúla cloí le Treoirlínte ón Aire le linn dóibh cinneadh a dhéanamh faoi a mbeidh ina bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus faoin gcaoi ina n-ullmhófar é. Eisíodh na Treoirlínte seo don earráil i mí an Mhárta 2023¹⁶. Ullmhaíodh an Plean seo i gcomhréir leis na ceanglais sin. Sa Phlean tá measúnú riosca ar athrú aeráide agus measúnú bonnlíne um athrú aeráide a mhaolú.

Taobh thiar de spriocanna an Phlean tá an tAcht um Gníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021⁴ agus an Plean náisiúnta um Gníomhú ar son na hAeráide 2023¹⁰.

Is mar seo a leanas atá spriocanna an plean:

- Éifeachtúlacht fuinnimh dlR a fheabhsú 50% faoi 2030;
- Astaíochtaí gáis cheaptha teasa dlR a fheabhsú 51% faoi 2030;
- Drochthionchair imeachtaí adhaimsire arb é athrú aeráide is bun leo a tharlóidh amach anseo a mhaolú chun réigiún seasmhach ó thaobh na haeráide a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath Baile; agus
- Ár bpobail a spreagadh chun bheith gníomhach faoi athrú aeráide agus iad a chur ar an eolas faoi.



Fíor 1.5: Sprioc an Phlean Gníomhach ar Son na hAeráide

Tá réimse beart sa Phlean seo a bhfuil dlR ‘Freagrach go hIomlán’ astu. Dá bhrí sin, ina fhoirgnimh, oibríochtaí, seirbhísí agus ina fheidhmeanna féin, tá sé mar aidhm ag dlR astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú 51% agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50% faoi 2030. Is Plean é freisin a dhíríonn ar an saol lasmuigh agus réimse gníomhartha ann trínar féidir le dlR ‘Dul i gcion’, ‘Comhordú agus Éascú a Dhéanamh’ agus ‘Labhairt ar Son’ earnálacha eile, fad is atá a spriocanna aeráide agus fuinnimh féin á mbaint amach acu. Ar an gcaoi seo, beidh an Cuspóir Náisiúnta Aeráide le sonrú ann agus laghdú 51% ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa sa tsochaí ar fad faoi 2030. Cé go n-admhaítear nach bhfuil aon ‘uasteorainn astaíochtaí earnála’ ann d’earnáil na n-údarás áitiúil, fós féin féachtar leis an bPlean tacú le hearnálacha eile agus le pobail na háite, chun teacht aniar i gcoinne drochthionchair an athraithe aeráide a chothú agus chun dul i ngleic leis na nithe is bunsiocair le hathrú aeráide.

Tá sé mar aidhm ag cur i bhfeidhm an Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide an bealach a réiteach do ‘Aistriú Cóir’ ar fud an Chontae. Ní féidir ‘Aistriú Cóir’ a dhéanamh gan féachaint chuige go dtugtar faoi bhaint amach an Chuspóra Náisiúnta Aeráide ar bhealach nach bhfágann aon duine i leataobh. Athdhearbhaítear é seo sa Phlean náisiúnta um Gníomhú ar son na hAeráide 2023, áit a ndeirtear:

- *Le haistriú cóir a chur i gcrích caithfear a thuiscint gur ghá athrú ó bhonn a dhéanamh chun na spriocanna seo a bhaint amach agus caithfidh gach duine a chreidiúint go bhfuil an t-aistriú á dhéanamh ar bhealach cóir cothrom agus go bhfuil a gcion féin den chostas á íoc ag gach duine. Ba cheart dár mbeartais i leith athrú aeráide, dá bhrí sin, tréanarracht a dhéanamh na daoine is leochaillí a chosaint.*

NA BEALÁI INAR FÉIDIR GNÍOMHÚ AR SON NA AERÁIDE A CHUR CHUN TAIRBHE, B'FHÉIDIR

GEILLEAGRACH

1. Trí dhul in oiriúint d'athrú aeráide láithreach bonn, is féidir linn féachaint chuige go mbeidh gach plean a dhéanfar amach anseo aeráid-díonach agus go dtapófaí na deiseanna a ghabhann leo a oiread agus is féidir.
2. Is bealach é iompú ina gheilleagar a bheagán carbóin borradh a chur faoi chruthú post ar fud réimse disciplíní.
3. Ach leas a bhaint as réitigh áitiúla chun athrú aeráide a mhaolú agus chun dul in oiriúint dó, beimid in ann uasoiliúint a chur ar ár n-oibríthe agus fostaíocht a chruthú.
4. Ach feabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, beimid in ann nuálaíocht a chothú sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha.
5. Ach foinsí dúchasacha inbhuanaithe a úsáid le riar ar ár riachtanais, ní bheimid i dtuilleamaí chomh mór sin ar bhreoslaí iontaise ón gcoigríoch.
6. Ach athrú ina gheilleagar ciorclach, beimid in ann nuálaíocht a spreagadh agus fostaíocht a chruthú san earnáil athúsáidte agus deisithe.
7. Ach ceannródaíthe maidir le cúrsaí athraithe aeráide a dhéanamh dínn féin, beimid in ann infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh chun na tíre seo mar aon le cuideachtaí a bhfuil clár oibre corparáideach neamhdhóbhálach don timpeallacht acu.

COMHSHAOIL

1. Agus leas á bhaint againn as réitigh dúlrbhunaithe chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a ghabhann le hathrú aeráid, beimid in ann cur le bonneagar glas na háite agus tuilleadh maise a chur ar ár spásanna uirbeacha.
2. Ach feabhas a chur ar an iompar poiblí agus na gréasáin raonta rothar atá inár gceantar, beimid in ann brú tráchta agus truailliú ó thorann a laghdú.
3. Ach breis teacht aniar a chothú, beimid in ann na plandaíthe agus ainmhithe dúchasacha inár gceantar a chosaint.
4. Ach gníomhartha um maolú agus um oiriúnú a chur i bhfeidhm i láthair na huaire, laghdóimid an méid a chuirfear isteach ar an timpeallacht amach anseo.
5. Ach réitigh dhúlrbhunaithe bunaithe a úsáid in éineacht le, nó in áit, crua-innealtóireachta, beimid in ann na costais bainteach le gníomhú ar son na haeráide aeráide a laghdú agus cur le bithéagsúlacht ag an am céanna.
6. Ach gréasáin de chonairí fiadhúlra nádúrtha a sholáthar tríd an timpeallacht uirbeach, beimid in ann cuidiú le speicis ainmhithe agus plandaí a mbealach a dhéanamh trí thírdhreach atá ag athrú.
7. Ach athrú ina gheilleagar ciorclach, beimid in ann gearradh siar ar thruailliú plaisteach agus ar ídiú acmhainní nádúrtha.

SÓISIALTA

1. Ach éifeachtúlacht fuinnimh ár stoc tithíochta sóisialta a fheabhsú, beimid in ann bille fónais ár dtionóntaí a laghdú agus tearcrochtain fuinnimh a mhaolú.
2. Ach ár gceantar a chosaint ar na rioscaí a ghabhann le hathrú aeráide, beimid in ann an méid a bheidh ár bpobail, ionaid réadmhaoine s'acusan, agus seirbhísí s'againne thíos leis a laghdú.
3. Ach pobail a chur ar an eolas faoi thionchair an athraithe aeráide agus faoi na réitigh orthu a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ina gceantair féin, beimid in ann comharsanachtaí atá athléimneach ó thaobh aeráide de a chothú.
4. Ach gníomhartha um maolú agus um oiriúnú a chur i bhfeidhm, beimid in ann breis deiseanna a chur ar fáil a rachaidh chun sochair don phobal a bhfoirm spásanna glasa, cosáin do choisithe agus rotharbhealaí.
5. Ach cur le líon na gcrann, beidh tuilleadh spáis ann atá ar scáth na gréine agus neart príobháideachta le fáil ann freisin.
6. Ach tacú le tionscnaimh phobail agus obair ar scáth a chéile, cothóimid an bhraistint i measc na ndaoine go bhfuil níos mó comhtháthú sóisialta ann.

SLÁINTE AGUS FOLLÁINE

Tá comhthairbhí sláinte le baint ó na príomhghníomhaíochtaí i gcoinne athrú aeráide amhail:

1. Ach daoine a spreagadh le dul ag siúl nó ag rothaíocht, d'fhéadfaimis feabhas a chur ar shláinte ár bpobal.
2. Ach réitigh dhúlrbhunaithe a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na rioscaí a ghabhann le hathrú aeráide, beimid in ann bail níos sláintiúla agus níos tarraingtí a chur ar ár gceantar mar áit le teacht chun cónaithe agus le dul ag obair ann.
3. Ach cur le héifeachtúlacht fuinnimh agus an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise a laghdú, beimid in ann líon na n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa a astaítear inár gceantar a laghdú agus caighdeán an aeir ann a fheabhsú.
4. Ach bearta um maolú agus um oiriúnú a chur i bhfeidhm a bhfuil cuma dheas orthu, beimid in ann meabhairshláinte mhuintir na háite a fheabhsú.

STRUCHTÚR AN PHLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE 2024-2029



- 1** An bonn fianaise a cuireadh mar bhonn eolais faoi ghníomhú ar son na haeráide i gceantar dlínse Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (lena n-áirítear, na rioscaí a ghabhann le hathrú aeráid, an chaoi ina dtugtar freagairt orthu agus próifíl bhonnline d'astaíochtaí).
- 2** An creat i gcomhair gníomhú ar son na haeráide (lena n-áirítear, Fís, Misean, agus Gníomhaíochtaí faoi théamaí sonracha).
- 3** An Crios Dícharbónaithe (DZ) (lena n-áirítear an Fhís chuige sin agus Clár Deiseanna maidir leis an DZ).
- 4** Cur i bhfeidhm agus Tuairisciú (lena n-áirítear dul chun cinn a thomhas le linn shaolré an Phlean).

2 PRÓISEAS PLEANÁLA UM GHNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE AGUS RIALACHAS



Maidir le próiseas an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a leagtar amach sa chaibidil seo, tugtar mionchuntas ann ar conas agus cad chuige a d’fhorbair Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr) é. Leagtar amach sa chaibidil freisin rialachas an Phlean agus an chaoi inar fíodh isteach é sna pleananna reachtúla agus neamhreachtúla eile a d’fhorbair dlr.

Comhthéacs Reachtúil an Plean Gníomhaithe ar Son na hAeráide 2024-2029


Leagtar amach san Acht (Leasú) um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2021⁴ (an tAcht anseo feasta) an ceanglas reachtúil atá ar gach údarás áitiúil Plean an údaráis áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide a cheapadh dá limistéar riaracháin, ina ‘luafar go sonrach na bearta um maolú agus um oiriúnú a ghlacfaidh an t-údarás áitiúil chuige féin’. Ceanglaíonn sé freisin go mbeidh na pleananna i gcomhréir leis an bPlean náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus leis an ggreat náisiúnta um dhul in oiriúint is déanaí agus, tar éis glacadh leo, go mbeidh gach plean bailí go ceann cúig bliana.

Ullmhú an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 Ullmhaíodh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 i gcomhréir leis an Acht agus leis na Treoirlínte maidir le Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na nÚdarás Áitiúil (na Treoirlínte anseo feasta). Agus an Plean á ullmhú, tá a bhfuil de bheartais agus reachtaíocht ábhartha i leith athrú aeráide, measúnú riosca ar athrú aeráide scála an Chontae, agus

measúnú ar astaíochtaí bonnlíne curtha san áireamh ag dlr, agus an dá rud sin curtha isteach sa Phlean seo.

Ar mhaithe le cloí leis na Treoirlínte, tá an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo Uaillmhianach, Dírithe ar Ghníomh, Fianaisebhunaithe, Rannpháirteach agus Trédhearcach. Fónfaidh na treoirphrionsabail seo, mar a leagtar amach i bhFíor 2.1 thíos, mar thagarmharc do dlr maidir le Gníomhú ar son na hAeráide a Phleanáil. Is cuid thábhachtach den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide raon feidhme fhreagracht dlr i leith gníomhú ar son na haeráide a shainnaint agus a thuiscint agus an raon feidhme atá ag a Phlean, leis; léirítear é seo i bhFíor 2.2. Is éard is aidhm leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide díriú ní hamháin ar astaíochtaí díreacha dlr a laghdú, ach dul i bhfeidhm ar an méid astaíochtaí a astaítear sa Chontae trí chéile.

Leagtar amach sa Phlean conas a bheidh dlr freagrach as cur le hathléimneacht ó thaobh na haeráide de agus le héifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú ar fud a chuid sócmhainní, seirbhísí agus bonneagar, rudaí atá sé go hiomlán freagrach astu. Fad is a bheidh ról níos leithne aige freisin lena bhféachfaidh sé ‘dul i gcion’ ar earnálacha eile, iad ‘a chomhordú agus an bealach a réiteach dóibh’, agus ‘labhairt ar a son’ le linn dóibh a gcuid spriocanna agus uailmhianta féin i leith athrú aeráide a bhaint amach. Caithfear é seo a dhéanamh le cinntiú go mbainfear lánleas as na tairbhí comhshaoil, sóisialta, agus eacnamaíocha a thagann as gníomhú ar son na haeráide.



Fíor 2.1: Treoirphrionsabail maidir leis an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide (Foinse: Treoirlínte um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid na nÚdarás Áitiúil, 2023).



Staidéar scóipe Údaráis Áitiúil ar Gníomhú ar son na hAeráide

Cuntasacht Iomlán	Dul i gCion	Comhordaigh & Éascaigh	Labhairt ar a son
<p>Gníomhú ar son na haeráide a chur i gcrích i gceantair atá faoi smacht díreach an dlr; lena n-áirítear a chuid foirgneamh, bonneagar, córais, oibríochtaí agus foireann féin.</p>	<p>Dul i gcion ar eárnálacha agus ar phobail maidir le gníomhú ar son na haeráide. Díreach: Soláthar/slabhraí soláthair agus prótacail foirne. Rialála: Déanamh cinntí ar chúrsaí pleanála agus forbartha, ar dhramháil, ar fhodhlíthe, agus maidir le caighdeáin. I gCoitinne: Trí sheirbhísí a sholáthar ar fud réimse feidhmeanna, trí rudaí a chur in ord tosaíochta, agus trí infheistíocht chur i dtreo srl</p>	<p>Iarrachtaí a chomhordú idir páirtithe leasmhara éagsúla m.s.h Criosanna Dícharbónaithe, an Bealach a Réiteach dóibh trí mhaoiniú a shainnithint, trí leas a bhaint as luamháin rialála, agus trí obair i gcomhair agus i bpáirt le heagraíochtaí eile chun gníomhú ar son na haeráide.</p>	<p>Fís a chothú ina leith go háitiúil, dul chun cainte, é a chur i mbéal an phobail, a chur chun cinn, forbairt acmhainne.</p>

Fíor 2.2: Staidéar scóipe Údaráis Áitiúil ar Gníomhú ar son na hAeráide (Foinse: Treoirlínte um Gníomhú ar son na hAeráide de chuid na nÚdarás Áitiúil, 2023).

D'fhonn Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a chur le chéile, chuaigh Foireann dlr um Gníomhú ar son na hAeráide chun cainte le Lucht Ardbhainistíochta agus leis na Ranna ábhartha, ag cruinnithe agus ag ceardlanna, chun gníomhartha uaillmhianacha a fhorbairt ar fud na sé réimse théamacha a sainnithníodh, bunaithe ar an bhfianaise a tháinig chun solais nuair a rinneadh fardal d'astaíochtaí bonnlíne (BEI) agus measúnú riosca ar athrú aeráide (CCRA). Ba é Codema, Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath, a d'ullmhaigh an BEI do cheantar Dhún Laoghaire agus do Chrios Dícharbónaithe na Carraige Duibhe thar ceann dlr. Earcaíodh sainchomhairleoir, KPMG, chun measúnú riosca ar athrú aeráide a fhorbairt i gcomhar le baill foirne dlr. D'éascaigh an Oifig Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath um Gníomhú ar Son na hAeráide (CARO) cruinnithe míosúla leis na ceithre Údarás Áitiúil eile i mBaile Átha Cliath agus le Codema, d'fhonn cur chuige cuíchóirithe réigiúnach a mhaoirsiú i leith Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide a fhorbairt.

Baineadh feidhm as suirbhé chun dlús a chur le plé níos leithne a dhéanamh le gach ball foirne, rud a forbraíodh a thuilleadh trí bhithin fócasghrúpaí agus cruinnithe le baill ábhartha i measc na bpríomhbhall foirne atá freagrach as na gníomhaíochtaí a forbraíodh sa Phlean.

Tionóladh ceardlanna luath-rannpháirtíochta le Comhaltaí Tofa agus baill de na Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPC). Tugadh nuashonruithe go rialta ag cruinniú coiste dlr, ag cruinnithe den Choiste um Beartais Straitéiseacha i leith na Timpeallachta agus i leith an Athrú Aeráide, agus i dTuarascáil Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh.

Chuathas i mbun comhoibriú go rialta leis na hÚdarás Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath ar mhaithe le cinntiú go bhfuil gach cuid den réigiún ag teacht le chéile maidir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a chuireann gach údarás áitiúil le chéile. Rinne CARO Bhaile Átha Cliath éascú ar phlé a dhéanamh le gach údarás áitiúil eile sa chóngar.

Measúnachtaí Timpeallachta

Ceanglaíodh measúnacht a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 faoi reachtaíocht chomhshaoil ar leith. Aon mholadh nó beart a dhéanfar trí na próisis mheasúnaithe a leagtar amach thíos, glacfar isteach sa Phlean seo iad agus tabharfar fúthu mar chuid den Phlean glactha a chur i bhfeidhm.

Measúnachtaí Timpeallachta

Is éard is measúnacht timpeallachta ann nós imeachta a chinntíonn go gcuirfear na hiarmhairtí a bheadh ag cinntí ar an timpeallacht san áireamh roimh na cinntí sin a dhéanamh sa fhíorshaol. Is í Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) an téarma a úsáidtear nuair a dhéantar measúnacht timpeallachta ar phleananna agus ar chláir, rud atá ina chabhair cineál agus suíomh tionscadal atá i mbun tógála a fháil amach. Is próiseas córasach é MST lena ndéantar tuar agus lena meastar na hiarmhairtí is dócha a bheidh ar an timpeallacht má chuirtear an plean nó an clár atá beartaithe i bhfeidhm, d'fhonn a chinntiú go dtugtar aird a dhóthain ar na hiarmhairtí sin a luaite sa phróiseas cinnteoireachta agus is féidir, agus iad á gcur sa mheá taobh le cúinsí eacnamaíocha, sóisialta agus eile. Fíodh an próiseas MST isteach in ullmhú an Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide. Maidir leis na bearta maolaithe a chuirtear ar fáil i gCuid 8 de Thuarascáil Chomhshaoil ar an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, déanfar tagairt dóibh agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 á chur i bhfeidhm nó d'aon athrú a thagann orthu le linn shaolré an Phlean.

Tá sé seo de réir Rialachán na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe) 2004 (IR 435 de 2004 arna leasú le IR 200 de 2011). Tá an Tuarascáil Chomhshaoil MT le fáil mar cháipéis ar leith ag gabháil le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029.

Measúnacht Chúí

De réir cheanglais Threoir um Ghnáthóga an AE (92/43/EEC) agus Threoir um Éin an AE (79/409/CEE), mar chuid de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a ullmhú, caithefear measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 ar láithreáin áirithe a rinneadh limistéar díobh ina bhfuil an dúlra faoi chosaint faoi reachtaíocht Eorpach. Tugtar Measúnacht Chúí ar an bpróiseas seo agus tabharfar faoi le fáil amach cé acu an mbeidh nó nach mbeidh drochiarmhairtí ag cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ar na gnáthóga nó ar na speicis dá cuireadh na láithreáin seo i leataobh. Rinneadh Measúnacht Chúí mar chuid den próiseas ceaptha plean agus tá tuarascáil tionchair Natura le fáil mar cháipéis ar leith ag gabháil le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029.



Plé leis an bPobal agus a mBeannacht a Fháil

Bhí an Plean ar taispeáint go poiblí ón 20 Meán Fómhair 2023 go dtí an 3 Samhain 2023, an dá lá sin san áireamh, agus cuireadh fáilte roimh gach aighneacht nó tuairim faoin bPlean, má cuireadh isteach trí na bealaí cuí iad, agus rinneadh machnamh orthu roimh an bPlean a cheapadh. Tar éis comhairliúchán poiblí a dhéanamh agus dul chun cainte leis an bpobal, bhí an Plean nuashonraithe faoi réir formheasa ag Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, tar éis Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a fháil ar an gComhairliúchán Poiblí a rinneadh i dtaobh an Phlean.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Forbraíodh an Plean de réir an Achta um Gníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021⁴, agus na 'Treoirínte maidir le Pleananna Gníomhaithe Údarás Áitiúil ar son na hAeráide' agus i gcomhthéacs beartas, straitéisí, pleananna agus spriocanna a bhfuil forás mear ag teacht orthu ag leibhéal na hEorpa, ar bhonn náisiúnta agus go háitiúil.

Agus an Plean á fhorbairt aige, tá dlR tar éis feidhm a bhaint as an méid a foghlaimíodh ón bPlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide 2019-2024 (CCAP) a chuir sé le chéile roimhe seo. Bhí na gníomhaíochtaí in CCAP mar bhonn faoin bPlean agus réitigh a lán acu an bealach do na gníomhaíochtaí níos uailmhianaí atá sa Phlean seo chun gníomhú ar son na haeráide inár gContae.

Tacaíonn an réimse leathan de phleananna eile a d'fhorbair dlR le Gníomhú ar son na hAeráide agus cinnteoidh siad go mbeidh gach beartas agus straitéis de chuid dlR aeráid-díonach.

Áirítear sna pleananna seo:

- Plean Corparáideach dlR 2020-2024,
- Plean Forbartha Contae dlR 2022-2028
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023-2028 (á fhorbairt)
- Plean Oidhreacht an Chontae dlR 2021-2025
- Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht an Chontae de chuid dlR 2021 -2025
- Plean um Sholáthar Corparáideach dlR 2022-2024

Sainítear i bPlean Corparáideach dlR 2020-2024¹⁷ ár mbunluachanna agus ár spriocanna is cuspóirí corparáideacha. Ar cheann de na bunluachanna a sháinnítear sa Phlean Corparáideach tá **'Tús Áite don Aeráid-Cur chuige thús áite don aeráid a ghlacadh isteach sa phróiseas cinnteoireachta'**. Ta spriocanna corparáideacha mar bhonn agus mar thaca ag an mbunluach seo, agus ag bunluachanna eile amhail Tréithe Ceannaireachta a Léiriú i dtaobh an Timpeallacht a Chosaint ach leas a bhaint as an Oideachas agus as an gCaoi ina nOibrímid chuige sin, spriocanna corparáideacha a chuir borradh faoi fhorbairt an Phlean seo. Is cuid suntas é Plean Forbartha Contae dlR 2022-2028 (CDP)¹⁸ i dtaca leis an tionchar atá aige ar cuspóirí dlR féin agus an chaoi ina mbainfidh an Contae a spriocanna laghdaithe astaíochtaí féin amach le linn shaolré an Phlean seo. Is caibidil aistí féin é 'Gníomhú ar son na hAeráide'

sa PFC agus naoi gcuspóir beartais déag inti arb é is aidhm leo gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn sa Chontae. Tá lorg an Gníomhaithe ar Son na hAeráide ar an PFC ar fad maille le roinnt cuspóirí beartais i ranna eile a chuireann leis an iarracht an Contae a athrú ina shochaí ar bheagán carbóin atá athléimneach ó thaobh aeráide de.

Tá Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail dlR 2023-2028 (LECP) á fhorbairt agus ráiteas socheacnamaíoch 2023-2028 mar bhonn eolais faoi¹⁹. Áirítear sa ráiteas sprioc ardleibhéil chun *'Contae atá seasmhach ó thaobh na haeráide a chur ar bun ach dea-chleachtas a chur chun cinn agus a chur i gcrích i leith athrú aeráide a mhaolú, dul in oiriúint d'athrú aeráide, bithéagsúlacht, agus i leith an gheilleagair chiorclaigh, rud a bheidh ina chrann taca ag an bpobal, ag lucht fiontraíochta, agus ag an ngeilleagar*. Forbrófar an LECP i gcomhthéacs phrionsabail na forbartha inbhunaithe agus, nuair a thabharfar chun críche é, treoróidh sé forbairt gheilleagar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar bhealach inbhuanaithe agus cothú an phobail ann sa tréimhse 2023-2028.

Is éard is Plean Oidhreacht 2021-2025²⁰ ann plean cúig bliana ina leagtar amach creat soiléir i leith conas a oibreoidh an dlR seo s'againne chun ár n-oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an chontae.

I bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht don Chontae de chuid dlR 2021 -2025²¹, leagtar amach an tuiscint atá againn ar an éagsúlacht beatha plandaí agus ainmhithe atá i gceantar dlR agus conas atáimid chun í a chosaint, a nascadh agus a fheabhsú.

Is bealach é Plean dlR 2022-2024²² chun Soláthair Phoiblí Ghlais (GPP) a chur i bhfeidhm ar gach tairiscint dlR mar chuid den mheasúnú fiúntais scóráilte, ar mhaithe le hearraí, seirbhísí agus oibreacha a fhoinsiú a bhfuil tionchar maolaithe acu ar an aeráid agus ar an timpeallacht.

Breithneofar na pleananna seo agus na hathleaganacha díobh a dhéanfar amach anseo i gcuibhreann leis an bhFoireann um Gníomhú ar son na hAeráide agus an bhéim ar fhéachaint chuige go gcuirfí gníomhú ar son na haeráide san áireamh. Is é rud a thiocfaidh as seo ná gurb é an gnáthrud é gníomhú ar son na haeráide a bheith i bhfeidhm ar fud ár n-eagraíochta, ar ár n-oibríochtaí uile, agus ar an bpobal i gcoitinne sa Chontae seo s'againne.

Braithfidh cur i gcrích na ngníomhaíochtaí atá sa Phlean ar mhaoiniú a bheith ar fáil agus breithneofar iad mar chuid de phróiseas buiséadach bliantúil dlR agus den athbhreithniú a dhéantar ar a chlár caipitiúil. Cuirfead roinnt de na gníomhaíochtaí i gcrích ar choinníoll go bhfaighfead aiseolas fúthu ó bhaill foirne agus ó shainchomhairleoirí a bhfuil sainscileanna acu.

Rud eile de, beidh an Fhoireann um Gníomhú ar son na hAeráide ina taca ag na Comhaltaí Tofa agus ag na Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPCanna) le linn dóibh ról ceannaireachta a ghlacadh chucu féin i leith gníomhaíochtaí ar son na haeráide.

3 GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE AR BHEALACH ATÁ FIANAISEBHUNAITHE





PRÓIFÍL ASTAÍOCHTAÍ

Athdhearbhaíonn an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 (CAP 23)¹⁰ na conairí astaíochtaí a leagadh amach d’Éirinn san Acht (Leasú) um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2021⁴ - astaíochtaí na hÉireann a laghdú faoi leath faoi 2030 agus neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi 2050. Ar na spriocanna a leagtar síos d’Údarás Áitiúla tá:

- Ceanglaítear ar Údarás Áitiúla a gcuid éifeachtúlachta fuinnimh a fheabhsú 50% faoi 2030, mar a leagadh amach i dtús báire sa Chairt Údarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide¹⁴, le hais na bonnlíne de 2009 (nó níos luaithe).
- Caithfidh údarás áitiúla a gcuid astaíochtaí téimh agus iompair a laghdú 51% le hais an mheánmhéid a cuireadh amach le linn 2016 - 2018 arb í an tréimhse bhonnlíne í.
- Sa tír trí chéile, caithfidh astaíochtaí gáis cheaptha teasa (GCT) a laghdú 51% ar an iomlán faoi 2030 le hais na bonnlíne 2018 agus neodracht ó thaobh aeráide de a bhaint amach faoi 2050 - Tá sé d'oibleagáid ar Údarás Áitiúla faoin Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 pleananna atá ar comhréir leis an sprioc seo a chur le chéile.

I dtábla 3.1 thíos, tarraingítear aird ar na blianta garspriocanna san anailís seo:

Príomhbhlianta	Fáth ar Díol Suntais Iad
2009	An bhliain bhonnlíne i gcomhair spriocanna i leith éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach san earnáil phoiblí
2018	An bhliain bhonnlíne i gcomhair spriocanna i leith astaíochtaí GCT a bhaint amach Ríomhtar astaíochtaí cheantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin don bhliain seo freisin
2021 2022	Úsáidtear na sonraí is déanaí ó 2021 agus ó 2022 san anailís seo, má tá siad ar fáil, le haird a tharraingt ar an stádas atá ag dlR faoi láthair agus an dul chun cinn atá déanta aige i dtreo spriocanna 2030 a bhaint amach.
2030	An bhliain faoina gcaithfidh an earnáil phoiblí spriocanna i leith éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach – laghdú 50% An bhliain faoina gcaithfear astaíochtaí na tíre trí chéile a laghdú 51% (le hais na bliana bonnlíne de 2018)
2050	Bliain faoina gcaithfear an sprioc náisiúnta éirí saor ó astaíochtaí a bhaint amach

Tábla 3.1, na blianta garspriocanna a úsáidtear san anailís seo:


AN MÉID FUINNIMH A ÍDÍONN dlR FAOI LÁTHAIR

Tá dlR freagrach as an méid fuinnimh a ídíonn agus as na hastaíochtaí a chuireann a chuid foirgneamh agus áiseanna, a chuid soilse poiblí agus a fhlít feithiclí amach. Tugtar chun suntais sa chuid seo an méid fuinnimh a ídíonn dlR faoi láthair agus an dul chun cinn atá déanta ag dlR i dtreo éirí tíosach ar fhuinneamh. Úsáidtear na sonraí is déanaí dá bhfuil ar fáil chun é seo a dhéanamh. De réir an fhaisnéis a fuarthas ó bhunachar sonraí um Monatóireacht agus Maoirseacht (M&R) de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), ídigh dlR **22.6 uair ghigeavata** (GWh) san iomlán d’ídiú fuinneamh dheiridh in 2021 (Fíor 3.1), rud arb ionann é agus **36.7 GWh** d’fhuinneamh príomhúil. D’éirigh le dlR éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50.9% in 2021 le hais na bonnlíne de 2009.

¹⁰ Le haghaidh astaíochtaí a ghabhann le gníomhaíochtaí dlR féin, cruthaítear an bhonnlíne ó mheán de shonraí 2016 – 2018

FEABHSÚCHÁIN ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH Ó dlr

Mar atá léirithe i bhFíor 3.1, in 2021 ba é **Soilsiú Poiblí** dlr ba mhó a d'úsáid fuinneamh, agus é freagrach as **50%** (18.2GWh) d'úsáid fuinnimh phríomhúil nó de Riachtanas Iomlán Fuinnimh Phríomhúil (RIFP) dlr. Chuir an flít bardasach le **8%** (2.9GWh) den RIFP. Tá na tomhaltóirí fuinnimh eile atá cuimsithe den chuid is mó as foirgnimh agus seirbhísí freagrach as **42%** (15.6GWh) de RIFP, lena n-áirítear seirbhísí fóillíochta ag **12%** (4.5GWh).




Fíor 3.1 Úsáideoirí Móra Fuinnimh Riachtanas Iomlán Fuinnimh Phríomhúil i dlr 2021 (GWh)

Meastar gurb é atá i bhfuinneamh príomhúil ionchuir amha neamhphróiseáilte a chuirtear isteach sa chóras fuinnimh. Nuair a thagann an fuinneamh sin chuig an úsáideoir tar éis cailleanas táirgthe, dáileacháin agus tarchuir, meastar mar Fhuinneamh Deiridh é.



Chun míniú breise a thabhairt, tá cuntas tugtha i bhFíor 3.2 thíos ar na bealaí difriúla le fuinneamh a thomhas.



Fíor 3.2 – Na Ceithre Bhealach le Fuinneamh a Thomhas²³

ASTAÍOCHTAÍ REATHA dlr

I measc astaíochtaí reatha dlr de **6,869 tona de Dhé-Ocsaíd Charbóin (tCO₂)** in 2021, ba é soilsiú poiblí bha mhó a d’astaigh fuinneamh ag **48.6%** de mhéid iomlán na n-astaíochtaí. Ina dhiaidh sin bhí foirgnimh agus saoráidí agus an flít bardasach ar chuir gach ceann acu **41.8%** agus **9.6%** le hastaíochtaí dlr, faoi seach.

Na hAstaí Is Mó	Soilsiú Poiblí	Foirgnimh agus Áiseanna	Flít Bardasach
Cion de na hastaíochtaí in aghaidh na foinsé	48.6%	41.8%	9.6%

Tábla 3.2a - Príomhfhoinsí astaíochtaí i dlr in 2021

In 2021, tháinig **73%** d’astaíochtaí dlr ó leitreachas; ba í an príomhchúis leis sin an méid mór leitreachais a bhí á úsáid i soilsiú poiblí agus i bhfoirgneamh agus saoráidí dlr. Ba é úsáid gáis nádúrtha an dara foinsé is mó astaíochtaí ag **14.9%**. Baineadh úsáid as an gcuid is mó den ghás sin le haghaidh théamh spáis i bhfoirgnimh agus i saoráidí. Chuir úsáid díosail, a rinne suas an chuid is mó den bhreosla a úsáideadh don fhlíit feithiclí, le **9.5%** de mhéid iomlán na n-astaíochtaí.

Na hAstaí Is Mó	Leitreachas	Gás Nádúrtha	Díosal (Flít Feithiclí)	Eile
Cion de na hastaíochtaí in aghaidh na foinsé fuinnimh	73%	14.9%	9.5%	2.6%

Tábla 3.2b - Cion d’astaíochtaí le haghaidh gach foinsé fuinnimh i dlr 2021


BEARNA GO SPRIOC

Samhail scarbhileoige is ea an tsamhail bearna go sprioc (BGS) a fhéadann comhlachtaí poiblí a úsáid le measúnú a dhéanamh ar a gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa i ndáil le fuinneamh le himeacht ama, i gcomhréir le creat SEAI um fhaireachán agus thuairisciú na hearnála poiblí le haghaidh na tréimhse go dtí 2030.

Leis an anailís ar bhearna-go-sprioc tarraingítear aird ar na laghduithe ar astaíochtaí a bheidh ag teastáil amach anseo le go gcomhlíonfaidh dlr a chuid spriocanna le haghaidh 2030. Meastar gurb é 35% an bearna-go-sprioc le haghaidh 2022 le haghaidh astaíochtaí teirmeacha agus iompair. Ciallaíonn sé sin, lena bhféadfaidh sé a sprioc um laghdú 51% ar astaíochtaí GCT teirmeacha (teas agus iompar) idir 2022 agus 2030 a chomhlíonadh, ní mór do dlr a chuid astaíochtaí bainteach le fuinneamh a laghdú ag 35% breise i gcomparáid le bonnlíne 2016 - 2018.

Tríd is tríd, tá laghdú 38% tagtha ar astaíochtaí ón mbonnlíne de 2016 - 2018 i leith, agus is éard atá taobh thiar de seo den chuid is mó ná laghduithe ó fhoinsí leictreachais, ach fós féin tá 16% tagtha ar astaíochtaí neamhleictreachais ó cuireadh an bhonnlíne ar bun.

Mar is féidir a fheiceáil i bhFíor 3.3 tá sé d'acmhainn ag dlr a chuid spriocanna um laghduithe astaíochta le haghaidh 2030 a sháru, ar bhonn na tionscadail dícharbónaithe aitheanta atá ar na bacáin le haghaidh dlr a chur i gcrích go rathúil.



Fíor 3.3 - Uirlis Bearna go Sprioc, Spriocanna um Astaíochtaí Iomlána dlr le haghaidh 2030 agus Astaíochtaí Reatha



RÉIMSÍ TOSAÍOCHTA UM LAGHDÚ BREISE AR ASTAÍOCHTAÍ NA COMHAIRLE FÉIN

Is iad na príomhréimsí le haghaidh dlr chun gníomh a ghlacadh iontu lena chuid astaíochtaí féin a laghdú:

- Aisfheistiú ar fhoirgnimh agus shaoráidí féin dlr lena n-áirítear fuinneamh inathnuaite, agus córais teasa inathnuaite
- Leictriú fhlít dlr

Leanfar ar aghaidh ag dícharbónú na heangaí náisiúnta i gcaitheamh na mblianta atá le teacht i dtreo sprioc 2030. Meastar go laghdóidh dícharbónú na heangaí go mór astaíochtaí leictreachais dlr. Ní bheidh tionchar aige sin, áfach ar na hastaíochtaí ó iompar agus theas. Is í an réimse béime tosaíochta do dlr dá bhrí sin ná a gcuid astaíochtaí díreacha féin, lena n-áirítear astaíochtaí ó iompar agus theas.

Aisfheistiú agus córais téimh inathnuaite i bhfoirgnimh agus saoráidí féin dlr

Baineann éifeachtacht costas níos fearr ó thaobh laghdú astaíochtaí (€/tona CO₂) le huasghráduithe ar fhuinneamh teirmeach a fhorbairt i gcomparáid le leictriú flít agus tabharfaidh dlr tosaíocht dó dá bharr sin. Tá measúnú déanta ar fhoirgnimh agus tosaíocht tugtha dóibh le haghaidh gnímh de réir raon critéar, lena n-áirítear acmhainn iomlán um laghdú astaíochtaí, agus éifeachtacht costas an laghdú astaíochtaí (€/tona CO₂). Is iad na cineálacha gníomhartha atá beartaithe le haghaidh foirgneamh atá ar na bacáin:

- Measúnú oiriúnachta ar fhoirgnimh le haghaidh uasghráduithe
- Measúnú ar Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF)
- Painéil ghréine
- Uasghráduithe ar shoilse
- Caidéil Teasa
- Uasghráduithe ar ábhar foirgnimh
- Uasghráduithe ar chórais bhainistíochta fuinnimh um fhoirgnimh

Déanfar an obair sin agus úsáid a baint as conarthaí atá bunaithe ar fheidhmíocht fuinnimh lena gcinnteofar coigiltis fuinnimh fhadtéarmacha agus ráthaithe agus a dhéanfaidh na tionscadail sin níos inmharthana ó thaobh airgid do dlr. Is iad na foirgnimh agus saoráidí is mó tosaíochta de chuid dlr le haghaidh na hoibre sin, ar bhonn na hacmhainne um laghdú astaíochtaí Ionaid Fhóillíochta Shruthán na Cluana, Bhaile na Manach agus Bhaile Uí Lachnáin agus Halla an Chontae, Dún Laoghaire.

Leictriú fhlít dlr

tá tús curtha ag dlr le leictriú a fhlít feithiclí; tá 31 fheithicil leictreach á n-oibriú faoi láthair agus é beartaithe é sin a mhéadú go 76 fheithicil faoi 2030, rud a ligfeadh do dlr a chuid spriocanna um astaíochtaí díreacha a sháru níos mó.


Tionchar tionscadal

D'fhéadfadh go gceadódh na tionscadail fhoirgnimh agus na tionscadail um leictriú flít atá ceadaithe thuas do dlr a chuid spriocanna astaíochtaí díreacha le haghaidh 2030 a sháru ag 35%. Tá tionscadail bhreise níos lú maidir le foirgnimh agus soilse poiblí beartaithe freisin chun astaíochtaí dlr a laghdú níos mó.

ASTAÍOCHTAÍ IOMLÁNA CHEANTAR DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

Tá gealltanais tugtha ag Éirinn chun a cuid astaíochtaí a laghdú faoi 51% ar a laghad faoin mbliain 2030. Comhfhreagraíonn sprioc 2030 do laghdú 51% ó fhigiúir 2018, mar atá sainithe ag an gClár Rialtais, ina shonraítear go bhfuil Éire geallta do laghdú 7% ar an meán in aghaidh na bliana ar iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa²⁴ ó 2018 go 2030 (laghdú 51% i gcaitheamh na ndeich mbliana).²⁵ Mar gheall ar thábhacht réigiún Bhaile Átha Cliath do gheilleagar na hÉireann is ríthábhachtach pleanáil agus gealltanais a thabhairt do choigiltis fhuinnimh agus laghdú ar CO₂ ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach, chun spriocanna a chomhlíonadh ar leibhéal náisiúnta.

Is tábhachtach ach go háirithe do réigiún uirbeacha béim a chur ar a laghdú ar astaíochtaí, toisc gurb iad gníomhaíochtaí i gceantair uirbeacha, mar dhéantúsaíocht, iompar agus éileamh fuinnimh is cúis le níos mó ná 70% d'astaíochtaí domhanda. Is gnách go mbíonn teorainn le linnte carbóin i gcathracha, mar gheall ar líon na limistéar a bhfuil go leor tógála déanta iontu agus líon teoranta na n-éiceachóras nádúrtha, a fhéadann CO₂ a shú.



Fíor 3.4 - Iomlán na n-Astaíochtaí Glasa GCT le haghaidh Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin in aghaidh na hEarnála (%)

Rinneadh iomlán na n-astaíochtaí le haghaidh limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a ríomh le haghaidh na bliana bonnlíne 2018. San 'Fhardal Astaíochtaí Bonnliné' (FAB) sin baintear úsáid as sonraí ó dhaonáireamh 2016, agus sonraí breise a bailíodh mar chuid de thionscadal Mháistirphlean Fuinnimh um Réigiún Bhaile Átha Cliath, chun meastachán a dhéanamh maidir leis an BEI le haghaidh Limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le haghaidh 2018. Meastar gurb ionann méid iomlán na n-astaíochtaí coibhéis **752,406 tona de Dhé-ocsaíd Charbóin** (tCO₂e) (Fíor 3.4).

Tagraíonn 'CO₂e' do chainníochtú GCTanna iolracha i méid coibhéiseach CO₂. Más suntasach cainníocht na GCTanna seachas CO₂ le haghaidh earnála sonraí, tiontaítear go CO₂e iad. Murar suntasach iad, ní mheastar ach CO₂. I dtéarmaí matamaitice, CO₂ = CO₂e.



CONAIRÍ UM LAGHDÚ ASTAÍOCHTAÍ LE HAGHAIDH CHEANTAR DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

Is é atá sa Mháistirphlean Fuinnimh um Réigiún Bhaile Átha Cliath²⁵ tionscadal um shamhaltú fuinnimh a sholáthraíonn conairí fianaise-bhunaithe do Réigiún Bhaile Átha Cliath (ar a dtabharfar Baile Átha Cliath ina dhiaidh seo) chun a chuid spriocanna um laghdú astaíochtaí carbóin a laghdú suas go 2030 agus 2050. Den chéad uair in Éirinn, úsáideann an Máistirphlean Fuinnimh um Réigiún Bhaile Átha Cliath samhaltú fuinnimh atá bunaithe ar spás chun réitigh dhícharbónaithe atá optamach ó thaobh costas a aithint lena meastar an tionchar socheacnamaíoch ar leibhéal áitiúil i mBaile Átha Cliath, bunaithe ar na “saintréithe” nó an phróifíl shonrach a ghabhann le limistéar ar leith.

Chun é a rá go simplí, ciallaíonn sé seo go ndearnadh iniúchadh sa Mháistirphlean ar ‘cá háit ar cheart rudaí a chur’ e haghaidh Bhaile Átha Cliath, bunaithe ar an gcineál limistéir agus na teicneolaíochtaí is fearr a oireann do laghdú ar astaíochtaí bainteach le fuinneamh laistigh den limistéar sin. Leis an Máistirphlean tógar le chéile freisin pleannanna agus beartais náisiúnta rialtais chun an tionchar a bheidh acu ar Bhaile Átha Cliath a léiriú. Chun na conairí a shainiú do mhórchearntar Bhaile Átha Cliath lena chuid spriocanna le haghaidh 2030 agus 2050 a chomhlíonadh, i dtosach ba ghá tuiscint mhaith a fháil ar an staid reatha sa chontae; ina dhiaidh rinneadh an t-éileamh fuinnimh agus na hastaíochtaí gnó mar is gnách a thuar don todhchaí agus (le haghaidh earnálacha na bhfoirgneamh, an teasa, an leictreachais agus an iompair) agus ansin an acmhainn ísealcharbóin a aithint le haghaidh na n-earnálacha sin. Baineadh úsáid as an bhfaisnéis sin go léir ansin chun an chonair neodrach a shocrú le haghaidh Bhaile Átha Cliath.

Tosaíochtaí straitéiseacha

Dícharbónú teasa



Conair lárnach um dhícharbónú ar fhuinneamh teasa i bhfoirgnimh i limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin é téamh an cheantair. I gcomhréir le Máistirphlean Fuinnimh Réigiún Bhaile Átha Cliath, féadann téamh ceantair freastal ar chainníochtaí móra d’éileamh teasa cheantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Ina theannta sin, léirítear le hanailís SEAI²⁶ ina aithnítear na limistéir tosaíochta um théamh ceantair go bhfuil acmhainn mhór ag baint le láir bhaile Dhún Laoghaire, na Carraige Duibhe agus Dhún Droma. I ndáil leis sin tá an fhionnachtain go bhfuil neart dramh-theasa i réigiún foriomlán Bhaile Átha Cliath chun coibhéis níos mó ná 1.6 milliún teach a théamh. Áirítear leis na foinsí teasa sin ionaid chóireála fuíolluisce, agus foinsí tionscail, i measc foinsí eile, agus d’fhéadfadh go mbeifí in ann iad a áireamh i líonraí teasa limistéir amach anseo. An teicneolaíocht tosaíochta eile um dhícharbónú teasa aitheanta i Máistirphlean Fuinnimh Réigiún Bhaile Átha Cliath, a fhéadann tacú le dícharbónú leathan teasa i bhfoirgnimh i limistéar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin é caidéal uisce – ar fud na n-earnálacha cónaitheacha, tráchtála agus poiblí.

Foirgnimh



Gné lárnach de dhícharbónú i dtimpeallachtaí uirbeacha iad foirgnimh. Is iad na príomhfhionnachtana ó Mháistirphlean Fuinnimh Réigiún Bhaile Átha Cliath maidir leis an ábhar sin; tá tacaíocht ag teastáil um iarfhéistí fuinnimh foirgneamh - is é an meán-BER i nDún Laoghaire- Ráth an Dúin D1; tá an deis um fhuinneamh gréine comhtháite i bhfoirgnimh i réigiún Bhaile Átha Cliath comhionann le héileamh leictreachais thart ar 65,000 teach, tá cuid shuntasach den deis sin le fáil i limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin; agus ba cheart tosaíocht maidir le hiarfhéistí fuinnimh foirgneamh a thabhairt do na limistéir is mó atá i mbaol bhochtaineacht fuinnimh. Ina theannta sin, chun tacú le dícharbónú na timpeallachta tógtha, is gá níos mó nasc a fhorbairt idir pleanáil fuinnimh agus spásúil ar leibhéal áitiúil – le pleanáil fuinnimh ar leibhéal áitiúil is féidir réitigh a aithint nach féidir a fheiceáil ar leibhéal náisiúnta.

Leictreachas inathnuaite



Is le gaoth amach ón gcósta a ghabhann an acmhainn is mó um ghiniúint leictreachais inathnuaite i limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, sampla suntasach de sin é tionscadal Eagar Bhaile Átha Cliath²⁷. Is gá tacú le forbairt bonneagair chumasaithe don leictreachas chun an leas is mó a bhaint as acmhainn Bhaile Átha Cliath chun fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint.

Iompar



Tabharfar tosaíocht do réitigh taistil ghníomhaigh (siúl agus rothaíocht) agus iompair phoiblí, lena n-áirítear breithniú ar spás bóthair a athdháileadh do na córacha iompair sin, agus inrochtaineacht. Chun tacú leis sin, coincheap atá i ‘Comharsanachtaí 10 Nóiméid’ chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí carbóin, brú tráchtála agus fadhbanna caighdeáin air i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Ina theannta sin, is gá tacaíocht do bhonneagar feithiclé leictre chun tacú le roghnú leantach feithiclí leictreacha sa cheantar.

MEASÚNÚ AR NA RIOSCAÍ Ó ATHRÚ AERÁIDE

Agus an Plean seo á fhorbairt tá athbhreithniú déanta ag dlR ar na rioscaí a ghabhann leis an athrú aeráide don Chontae agus ar impleachtaí na rioscaí sin do sholáthar seirbhísí ag dlR. Baineadh é sin amach trí Mheasúnú ar na Rioscaí ó Athrú Aeráide (CCRA) lena n-aithnítear dóchúlacht guaiseacha aeráide sa todhchaí agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu.

D'fhostaigh dlR comhairleoirí seachtracha chun an Measúnú ar na Rioscaí ó Athrú Aeráide (CCRA) agus an bhonnlíne oiriúnaithe a fhorbairt. Tugadh faoin CCRA, i gcomhréir leis 'Aguisín Theicniúil B: Measúnú ar na Rioscaí ó Athrú Aeráide' i 'Treoirlínte Pleanála na n-Údarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide'¹⁶.

Gné ríthábhachtach den mheasúnú riosca ab ea próiseas feasach a chabhraigh le dlR na rioscaí a bhaineann leis an aeráid a thuiscint agus a láimhseáil níos fearr i ndáil le folláine na sochaí, bonneagar agus sócmhainní eile atá riachtanach do dhaoine (mar shláinte phearsanta agus an timpeallacht) agus an bonn fianaise a sholáthar chun rioscaí aeráide féideartha a aithint don Chontae agus na torthaí a bheidh acu siúd ar sholáthar seirbhísí ag dlR.


Tacaíonn CCRA cáilíochtúil le rioscaí aeráide féideartha na todhchaí a aithint agus a chur in ord tosaíochta d'fhonn anailíse níos mionsonraí agus tugann sé tuiscint leathan ar na réimsí ina bhféadfadh gníomhartha oiriúnaithe a bheith ag teastáil. Cuimsíonn an cur chuige dhá chéim, ina dhéantar measúnú ar rioscaí agus tionchair faoi láthair agus sa todhchaí.

Céim 1: Measúnú ar Rioscaí agus Tionchair Aeráide Reatha

Mar an gcéad chéim riachtanach chun tuiscint a fháil ar riosca aeráide sa todhchaí, is gá tionchair reatha na nguaiseacha aeráide agus aimsire a thuiscint. Is é atá i gceist leis an gcéim sin an raon guaiseacha aeráide agus aimsire a mbíonn tionchar acu faoi láthair ar an gContae a thuiscint chomh maith leis na himpleachtaí atá acu siúd do sholáthar seirbhísí ag dlR.

Céim 2: Measúnú ar Rioscaí agus Tionchair Aeráide sa Todhchaí

Gabhann Céim 2 leis an gcaoi a bhfuil an aeráid agus guaiseacha atá ann faoi láthair tuartha le hathrú sa todhchaí a thuiscint, agus déantar breithniú ar athruithe réamh-mheasta ar dhálaí aeráide agus ar fhás socheacnamaíoch, lena n-áirítear réamh-mheastacháin um dhaonra méadaithe. Ina theannta sin, aithnítear sa chéim seo aon rioscaí nua nó forbartha ó thaobh aeráide agus aimsire don Chontae. Mar shampla, má thugann na réamh-mheastacháin le tuiscint go n-éireoidh tonnta teasa níos minice agus níos déine amach anseo comharthaítear leis sin go méadóidh an riosca i ndáil le teas amach anseo.





AERÁID ATHRAITHE CHONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

Ar aon dul le treochtaí domhanda, tá athrú ag teacht ar aeráid na hÉireann agus ar aeráid Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá treochtaí ag dul in airde, tá leibhéal na mara ag dul in airde, agus tá athrú ag teacht ar phátrúin titime báistí. Táthar ag tuar go leanfaidh na hathruithe seo agus go rachaidh siad i ndéine, agus go mbeidh raon leathan tionchar aige sin don Chontae. Tá sonraí tugtha thíos i bhFíor 3.5 agus i dTábla 3.4²⁸ ar achoimre ar na príomhathruithe aeráide agus aimsire atá tugtha faoi deara cheana don Chontae.

Buaicphointí an Athraithe Aeráide atá Tugtha Faoi Deara d'Éirinn agus do Bhaile Átha Cliath

Tuilte

An 24 Deireadh Fómhair 2011, thit 66.8mm thar 9 n-uaire ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, arb ionann é sin agus teagmhas¹ in 100 bliain.

Taifeadadh an teocht is airde ar taifead an 18 Iúil 2022 ag stáisiún aimsire Pháirc an Fhionnuisce

33.0°C

Báisteach

Tháinig méadú 3.5% ar an meán-titim báistí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath don tréimhse is deireanaí (1981-2010) i gcomparáid leis an mbonnlíne 1961-1990

Mm/Bliain	1961-1990	1971-2000	1981-2010
	732.5	734.6	758.0

0.3°C

Meán-mhéadú bliantúil teochta don tréimhse 1981-2010 nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an mbonnlíne 1961-1990 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

Meastar gur **1.1mm/bl** an ardú ar leibhéal na farraige le linn 1953-2016 agus **7 mm/bl** le linn 1997-2016



Sneachta agus oighear ba chúis le 348 tranglam tráchta thar bóithre Bhaile Átha Cliath an 10 Nollaig 2022

Fíor 3.5: Athrú aeráide atá tugtha faoi deara d'Éirinn agus do Bhaile Átha Cliath


<p>Teas Dian</p>	Chuir teochtaí arda agus dálaí tirime coinníollacha oiriúnacha ar fáil chun tinte neamhshrianta a lasadh. Le linn na toinne teasa i Meitheamh 2018, lean tine aitinn i gCoill Bharr na Slinneán ar aghaidh ar feadh thart ar naoi lá.
<p>Tuilte Cósta</p>	Cuirtear isteach ar iompar agus dúntar bóithre go minic mar thoradh ar thuilte cósta. I mí an Mhárta 2018 mar thoradh ar ghaotha anoir aduaidh agus taoídí arda tharla scaoileogú toinne i gCuan Bhlóic agus fágadh faoi uisce dhá fhoirgneamh cónaithe agus dhá fhoirgneamh gnó.
<p>Sneachta agus Oighear</p>	Tar éis sneachta throm i mí an Mhárta 2018 níorbh fhéidir taisteal ar na bóithre ar na limistéir sléibhe timpeall Ghleann Cuilinn, agus ba ghá do dlR bóithre a ghlanadh lenar áiríodh Br Bhaile Éamainn Duibh agus Br Bhaile Breac.
<p>Stoirmeacha gaoithe</p>	I rith Stoirm Emma ag deireadh mhí an Mhárta 2018 rinneadh dochar mór do na Céanna Thoir agus Thiar, go háirithe timpeall an cheantar foscaidh gréine ar an gCé Thoir agus ar Cheannchruinn na Cé Thiar.
<p>Creimeadh Cósta</p>	I mí Lúnasa 2020, tharla titim pháirteach aghaidhe aille faoi bhun cosáin a chuaigh chuig an gcé i gCuan na Coille Móire.
<p>Tuilte Báistiúla</p>	I mí Lúnasa 2021, fágadh bunurlár Ionad Baile Dhún Droma faoi uisce mar gheall ar bháisteach throm agus ba ghá do roinnt bialann agus siopaí dúnadh. Buaileadh an t-ionad siopadóireachta go dona ag tuilte i mí Dheireadh Fómhair 2011 freisin.

Tábla 3.4 Achoimre ar thionchair tharluithe adhaimsire i gContae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

GUAISEACHA AIMSIRE

Buaileadh Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag imeachtaí éagsúla aeráide agus aimsire i gcaitheamh na tréimhse 1982-2023. Tugann an phróifíl guaise i bhFíor 3.6 forléargas ar na himeachtaí deireanacha aeráide agus aimsire agus ar mhinicíocht a dtionchar ar Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le fíordhéanaí.

Bunaithe ar an mbonnlíne guaiseacha aeráide, is minice a raibh tionchar ag stoirmeacha gaotha troma ar Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i gcaitheamh na tréimhse 1982-2022 agus chuaigh tuilte cósta i bhfeidhm ar an gContae roinnt uaireanta freisin. Bhí tionchar freisin ag tonnta teasa, triomaigh, sneachta trom, tuilte abhann agus creimeadh cósta ar Chontae Dhún Laoghaire- Ráth an Dúin freisin, ach ní raibh tionchar chomh minic acu.



Fíor 3.6 Forléargas ar na himeachtaí guaise a raibh tionchar acu ar Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 1982 - 2023




















Tá bearta réamhghníomhacha á nglacadh ag dlR agus straitéisí oiriúnaithe á gcur i bhfeidhm aige chun na rioscaí a laghdú a ghabhann le hathrú aeráide reatha agus tuartha. Bhí tionchar shuntasacha ag guaiseacha aeráide agus aimsire ar chónaitheoirí, phobail agus ghnólachtaí Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Seo thíos roinnt samplaí den éifeacht a bhí ag na guaiseacha sin ar an gContae le fíordhéanaí.

- Le linn na **Tréimhse Fuair** fada mar thoradh ar Stoirm Emma in 2018, níorbh fhéidir rochtain a fháil ar go leor bóithre i nDún Droma mar gheall ar an sneachta agus dúnadh an bóthar cósta idir Dún Laoghaire agus Cuas an Ghainimh (R831) tar éis tuilte.
- I rith **Stoirm Bharra in 2021**, thit crann mór ag acomhal gnóthach Bhaile na nGabhar. Chomhoibrigh dlR leis an nGarda Síochána le cinntiú go mbeadh úsáideoirí bóthair cosanta go mbainfí an crann.
- Mar gheall ar leibhéal mhéadaithe de bhaictéir i gceantair mar Chladach an Daichead Troigh, An Pointe, An Charraig Bhán, Cuas an Ghainimh agus Cill Aighne tar éis gur forchuireadh coisc shealadacha ar shnámh de thoradh báistí troime i mí an Mheithimh 2020.
- I mí an Mhárta 2018, tar éis **toinne taoide** fágadh na ráillí iarnróid faoi uisce i stáisiún Dart Chnoc an tSalainn & Bhaile na Manach i mBaile Átha Cliath agus cuireadh seirbhísí Dart ar ceal idir Stáisiún an Phiarsaigh agus Bré dá bharr.
- Cheansaigh Briogáid Dóiteán Bhaile Átha Cliath tine aittinn i mí Mheán Fómhair 2022 tar éis rabhaidh dhearg um thine foraoise. Freisin tharla **loscthaí** sléibhe i mí Iúil 2022 i mBaile an Róistigh agus ar Chnoc Chill Aighne.



ATHRÚ AERÁIDE RÉAMH-MHEASTA

Mar thoradh ar athrú aeráide, réamh-mheastar go n-athróidh minicíocht na n-imeachtaí adhaimsire. Le haghaidh ár gContae, ciallaíonn sé sin go bhféadfadh go dtarlódh roinnt guaiseacha níos minice agus go bhféadfadh go laghdódh guaiseacha eile. Seo thíos forléargas ar athruithe réamh-mheasta ar mhinicíocht guaiseacha aeráide le haghaidh á gContae faoi 2050²⁸.

Guais	Athrú Tuartha i minicíocht	Réamh-Mheastacháin Aeráide
Tonnta teasa 	Méadú 	Léiríonn réamh-mheastacháin méadú foriomlán ar an meán-teocht bliantúil idir 1.2°C agus 1.6°C le haghaidh Dún Laoghaire-Rath an Dúin i gcomparáid leis an tréimhse 1981-2000. I gcás astaíochtaí arda, léiríonn réamh-mheastacháin go mbeidh tonnta teasa ann ar bhonn níos minice faoi lár an chéid.
Triomach 	Méadú 	Táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú ar thitim báistí an tsamhraidh amach anseo nuair a chuirtear i gcomparáid í leis an tréimhse bonnlíne 1981 go 2000, lena gcuirtear le triomach féideartha.
Tréimhse fhuar 	Laghdú 	Mar thoradh ar an teocht atá ag dul i méid, tá sé réamh-mheasta go dtiocfaidh laghdú ar líon na laethanta seaca agus laethanta oighir sa tréimhse 2041-2060 amach anseo nuair a chuirtear i gcomparáid é le tréimhse bonnlíne 1981 go 2000.
Titim láidir sneachta 	Laghdú 	Tá sé réamh-mheasta go dtiocfaidh laghdú suntasach ar thitim báistí bhliantúil sneachta faoi lár an chéid.
Stoirmeacha gaoithe crua 	Gan Athrú 	Tá réamh-meastacháin stoirmeacha faoi réir ardleibhéal éiginnteachta. Faoi lár an chéid, léiríonn réamh-mheastacháin go bhfanfaidh meán-luas na gaoithe comhchosúil leis an méid a bhíonn ann faoi láthair. Tá fianaise theoranta ar mhéadú féideartha ar mhinicíocht stoirmeacha níos déine ar eachtraí neamhchoitianta iad faoi láthair.
Tuilte Cósta 	Méadú 	Léiríonn réamh-mheastacháin leibhéal na farraige faoi chás ard astuithe méadú suas le 0.24m faoi 2050 a ardóidh minicíocht na dtuilte cósta sa chontae.
Creimeadh Cósta 	Méadú 	Tá nasc láidir ag ardú leibhéal na farraige le harduithe agus fairsinge an chreimthe cósta.
Tuilte Báistiúla  Tuilte Srutha 	Méadú 	Léiríonn réamh-mheastacháin méadú ar mhinicíocht laethanta báistí trom (laethanta le deascadh níos mó ná 30mm) do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, agus meastar go mbeidh méadú suas le 12.4% i gceantair áirithe. Is dócha go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht tuilte abhann agus tuilte gaolmhara dá bharr.
Tuilte Screamhuisce 	Gan Athrú 	Níl réamh-mheastacháin ar athruithe ar thuilte screamhuisce ar fáil faoi láthair, mar sin is féidir a bheith ag súil leis an athrú ar mhinicíocht tuilte screamhuisce.


Tábla 3.5 Achoimre ar réamh-mheastacháin aeráide le haghaidh Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

RIOSCAÍ AERÁIDE SA TODHCHAÍ

Méadófar tionchair fhéideartha na rioscaí sa todhchaí ón athrú aeráide ag an bhfás socheacnamaíoch agus déimeagrafach a bhfuiltear ag súil go dtarlóidh sé sa Chontae amach anseo. Beidh tionchar ag riosca méadaithe an athraithe aeráide ar an gContae ó thaobh na ndaoine agus na bpobal a mbeidh éifeacht aige orthu lena n-áirítear dochar do agus cur isteach ar shócmhainní agus an ngeilleagar.

Nuair a thógtar le chéile athruithe réamh-mheasta ar na leibhéil guaise, nochta agus leochaileachta, tugtar measúnú ar rioscaí aeráide na todhchaí le haghaidh dl. Léiríonn an mhaitrís riosca an t-athrú ar riosca amach anseo agus léiríonn an spota toll an riosca reatha agus an riosca sa todhchaí léirithe ag an spota cru. Léiríonn an líne bhriste an t-athrú idir an riosca reatha agus an riosca sa todhchaí.

Mar atá léirithe sa mhaitrís riosca aeráide Fíor 3.7, tugann na réamh-mheastacháin le tuiscint go méadóidh an leibhéal riosca a ghabhann le roinnt guaiseacha (e.g. creimeadh cósta, tuilte cósta, abhann agus báistiúla, tonnta teasa agus triomaigh) cé go mbeidh an leibhéal céanna riosca i gceist le haghaidh guaiseacha eile (e.g. stoirmeacha gaoithe troma agus screamhuisce). Meastar go laghdóidh na rioscaí a ghabhann le roinnt guaiseacha mar gheall ar laghduithe réamh-mheasta ar mhinicíocht guaiseacha amhail tréimhsí fuara agus titim sneachta throm²⁸.



Fíor 3.7: Maitrís riosca a léiríonn na hathruithe ar riosca sa todhchaí le haghaidh na nguaiseacha aitheanta laistigh de Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Tá riosca mór dár gContae ag gabháil cheana le **tuilte cósta**. Mar thoradh air seo fágadh sócmhainní faoi uisce go sealadach, cuireadh isteach ar iompar agus imríodh tionchair dhochracha ar speicis agus ghnáthóga cosanta. Le méadú ar leibhéil na farraige méadófar minicíocht agus fairsinge na dtuilte cósta ar fud an Chontae. Réamh-mheastar go méadóidh an riosca a ghabhann le creimeadh cósta freisin mar thoradh ar ardú ar leibhéal na farraige.

Tarlaíonn **stoirmeacha gaoithe troma** go minic cheana ar fud an Chontae agus bíonn tionchair fhairsinge acu, lena n-áirítear dochar do bhonneagar cumhachta agus cumarsáide, cur isteach ar líonraí iompair agus cur siar gníomhaíochtaí caithimh aimsire. Ní thugann réamh-mheastacháin aon athrú suntasach sin ar an minicíocht sin le tuiscint.

Mar thoradh ar eispéiris dheireanacha ar imeachtaí bliantúla **tuilte abhann agus báistiúla** idir 2018-2022, rinneadh dochar d'fhoirgnimh, d'áiseanna agus do cheantair chaithimh aimsire, dúnadh gnólachtaí agus cuireadh isteach ar líonraí iompair. Mar thoradh ar mhéaduithe réamh-mheasta ar mhinicíocht imeachtaí frasaíochta troime méadófar riosca na dtuilte screamhuisce agus abhann don Chontae.

Tharla tonn teasa agus **triomach sa Chontae** in 2018, agus tugadh taifead ar **thonn teasa** freisin in 2022. Mar thoradh ar na himeachtaí sin rinneadh dochar do dhromchlaí bóthair, cuireadh isteach ar líonraí iompair phoiblí, tharla tinte neamhshrianta níos minice agus cuireadh éileamh níos mó ar acmhainní uisce (a raibh coisc phíobáin mar thoradh air). Mar gheall ar mhéaduithe réamh-mheasta ar mhinicíocht tonnta teasa agus dálaí triomaigh éireoidh imeachtaí a tharlaíonn go hannamh faoi láthair níos minice.

Léirigh na **himeachtaí tréimhsí fuair agus sneachta throm** in 2018 (e.g. Stoirm Emma) an raon leathan tionchar le haghaidh an Chontae. Áiríodh leo siúd, i measc imeachtaí eile dúnadh bóthair, cur isteach ar iompar poiblí, briseadh cumhachta agus tionchair ar acmhainní uisce (soláthar uisce srianta le linn stoirm Emma). Tugann méaduithe réamh-mheasta ar an meánteocht agus laghduithe ar mhinicíocht an tsneachta laghdú ar mhinicíocht tréimhsí fuara, sneachta throm agus na tionchair a ghabhann leo.

Is annamh a tharlaíonn tuilte screamhuisce sa **Chontae** faoi láthair agus bíonn tionchair theoranta aige mar dhochar do bhóithre agus cur isteach ar iompar.



4 RIOSCAÍ A FHREAGAIRT - PRÁINNFHREAGAIRT A PHLEANÁIL





PLEANÁIL FREAGARtha ÉIGEANDÁLA

Leis an Measúnú ar na Rioscaí ó Athrú Aeráide (féach ar Chaibidil 3) aithníodh na rioscaí féideartha a fhéadann a bheith ag baint le haeráid athraithe ó thaobh pobal, bonneagar, gnólachtaí agus soláthar seirbhísí sa Chontae. Tarraingíonn sé sin aird ar an tábhacht a bhaineann le plean freagartha a ullmhú le haghaidh éigeandálaí móra, lena n-áirítear éigeandálaí a bhaineann leis na himeachtaí adhamsire sin.

Glacadh le Creat um Bainistíocht Móréigeandálaí (BMÉ) le cinneadh ón rialtas in 2006²⁹. Is é an cuspóir atá i gceist leis socrúithe agus struchtúir choiteanna a leagan amach um bainistíocht éigeandálaí túsliúne san earnáil phoiblí in Éirinn. Tá an Creat bunaithe ar chur chuige na gcóras atá aitheanta go hidirnáisiúnta, lena moltar, go bunúsach, timthriall atriallach de ghníomhaíocht leanúnach, trí chúig chéim de bhainistíocht éigeandála: Aithint guaiseacha; Maolú; Ullmhacht; Freagairt; agus Téarnamh.

De réir an Chreata, tá dlr ar cheann de na trí Phríomhghníomhaireacht Freagartha (PGFanna) agus oibríonn sé i ndlúthpháirt leis an dá Phríomhghníomhaireacht Freagartha eile - An Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). I dteannta a chéile, pléann na PGFanna le gach gné de bhainistíocht éigeandálaí agus de mhóréigeandálaí lena n-áirítear freagairt chomhordaithe ar imeachtaí adhamsire.

Faoin gCreat um Bainistíocht Móréigeandálaí sainítear móréigeandáil mar:

Imeacht ar bith, atá ina chúis le nó a bhagraíonn, gan mhórán rabhaidh nó gan rabhadh ar bith de ghnáth, bás nó díobháil, cur isteach mór ar sheirbhísí riachtanacha nó dochar do mhaoin, don timpeallacht nó do bhonneagar a sháraíonn gnáthchumais na bpríomhsheirbhísí éigeandála sa cheantar, agus a theastaíonn dá bharr, nósanna imeachta sonracha breise a chur i ngníomh agus leas a bhaint acmhainní breise le freagairt éifeachtach, chomhordaithe a chinntiú.



Fíor 4.1: An cur chuige i dtreo Bhainistíocht Móréigeandálaí



5 ÁR nGNÍOMHARTHA AR SON NA hAERÁIDE – FREAGAIRT I dTACA LE MAOLÚ AGUS OIRIÚNÚ

FUINNEAMH AGUS FOIRGNIMH



IOMPAR



SEASMHACHT IN AGHAIDH
TUILTE



RÉITIGH DHÚLRABHUNAITHE



GEILLEAGAR CIORCLACH AGUS
BAINISTIÚ ACMHAINNÍ



RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL





FUINNEAMH AGUS FOIRGNIMH





FUINNEAMH AGUS FOIRGNIMH

Colún lárnach de bheartas aeráide na hÉireann é an sprioc atá ina cheangal de réir dlí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú ag 51% faoi 2030. Sannadh ról ceannaireachta don earnáil phoiblí ó thaobh na spriocanna uailmhianacha náisiúnta sin a bhaint amach agus cuireann údaráis áitiúla go mór le hiarrachtaí um ghníomhaíocht bhunathraithe ar son na haeráide ar fud shoचाई na hÉireann.


Is iad cuspóirí dlr na hastaíochtaí GCT a bhaineann le fuinneamh agus tá faoina smacht a laghdú, seasmhacht na timpeallachta tógtha in aghaidh éifeachtaí an athrú aeráide a fheabhsú agus tionchar dearfach a imirt ar fheidhmíocht fuinnimh agus astaíochtaí laistigh de cheantar riaracháin Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr). Tá dul chun cinn an-spreagúil déanta faoi seo agus clár cuimsitheach um uasghrádú soilse poiblí tionscanta againn agus sprioc 2020 um fheabhsú éifeachtúlacht fuinnimh sáraithe.

Nuair a fhéachtar ar aghaidh go spriocanna 2030, tá dlr ar cheann de na húdaráis áitiúla is fearr atá ag feidhmiú sa chontae. Beidh iarrachtaí leanúnacha ó na páirtithe leanúnacha go léir ag teastáil um dhearbhlaghdú astaíochtaí faoi 2030. Faoin bPlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023, áirítear leis na spriocanna don earnáil phoiblí:

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ag 51% faoi 2030.
- Éifeachtúlacht fuinnimh dlr a fheabhsú ag 50% faoi 2030.
- Córais téimh nua ina úsáidtear breoslaí iontaise a chosc i bhfoirgnimh phoiblí tar éis 2023

Tá dlr chun tosaigh ó thaobh tacú le foirgnimh ísealfhuinnimh a dhearadh le roinnt blianta anuas agus sa Phlean Forbartha Contae 2022-2028 tarraingítear aird ar tacaíocht d'fhoirgnimh nua chun caighdeán deartha Tí Éighníomhaigh nó Carbóin Neodraigh a bhaint amach. Ina theannta sin, moltar ábhair struchtúracha a úsáid lena ghabhann fuinneamh cumhdaithe agus astaíochtaí dhé-ocsaíd charbóin íseal go nialas.

PRÍOMHSPRIOCANNA DLR UM FHUINNEAMH AGUS FHOIRGNIMH



Fíor 5.1 Príomhspriocanna dlr um Fuinneamh agus Fhoirgnimh

BAINISTÍOCHT FUINNIMH

Molann Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) dul chun cinn i dtreo spriocanna na hearnála poiblí trína gcóras Faireacháin agus Tuairiscithe (F&T). cuireann dlr sonraí faoi úsáid fuinnimh isteach sa chóras F&T de chuid SEAI ar bhonn bliantúil. Ina theannta sin, faigheann an SEAI rochtain dhíreach ar úsáid mhéadráithe ábhartha leictreachais agus gáis agus cuireann sé i bhfeidhm próiseas cuimsitheach Tomhais & Fíorúcháin (T&F) chun iontaofacht na dtuairiscí a chinntiú.

Bhunaigh dlr Foireann Fhuinnimh tras-rannóige thiomnaithe in 2009. Mar thoradh ar uailmhian na Foireann Fuinnimh bhí dlr ar an gcéad Údarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath a bhain amach deimhniú ISO50001 in 2017. Caighdeán é ISO50001 atá aitheanta go hidirnáisiúnta um Chórais Bainistíochta Fuinnimh (Energy Management Systems /EnMS) de chuid eagraíochta. Chun ISO50001 a chomhlíonadh is gá cur chuige córasach bunaithe ar shonraí i dtreo feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú go leanúnach chomh maith le feabhsú leanúnach ar EnMS na heagraíochta chomh maith. Chun deimhniú de réir an chaighdeáin sin a bhaint amach is gá dul faoi iniúchtaí bliantúla ag comhlacht deimhniúcháin cláraithe agus tá deimhniú ISO50001 coinnithe againn.

Clúdaíonn raon feidhme an Chóras Bainistíochta Fuinnimh (EnMS) de chuid dlr úsáid fuinnimh de réir gach chineál breosla lena n-áirítear leictreachas, gás, díosal, bithmhais, agus breoslaí téimh eile. Tríd an gcreat Pleanáil-Déan-Seiceáil-Gníomhaigh a chur i bhfeidhm ar phróisis agus oibríochtaí na heagraíochtaí cuirtear le spriocanna an fheabhais leanúnaigh.

Áirítear le baill den Fhoireann Fhuinnimh an t-Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh, an Comhordaitheoir Fuinnimh agus ionadaithe ar Úsáideoirí Móra Fuinnimh (ÚMFanna) na heagraíochta. Eintitis san eagraíocht iad ÚMFanna a úsáideann cion mór d'fhuinneamh na heagraíochta, mar Shoilse Poiblí, Flít, Ionaid Fhóillíochta, Foirgnimh Chorporáideacha agus Leabharlanna. Tacaíonn cruinnithe míosúla idir an Fhoireann Fhuinnimh agus ionadaithe ar CODEMA le forbairt agus cur i bhfeidhm pleananna gníomhaíochta cuí ar fud na ÚMFanna, chomh maith le cinntiú go gcuirtear béim mhór ar na spriocanna fuinnimh agus astaíochtaí le haghaidh 2030.

In 2021, bunaíodh an Coiste Tús Áite don Aeráide chun maoirseacht a dhéanamh ar straitéis dlr um dhícharbónú agus ar thionscadail chun spriocanna na hearnála poiblí le haghaidh 2030 agus 2050 a chomhlíonadh. Is iad an Príomhfheidhmeannach a dhéanann cathaoirleacht air agus i measc a chuid ball tá Stiúrthóirí Seirbhíse agus bainisteoirí sinsearach sna rannóga ábhartha. In 2019 ghnóthaigh dlr Dámhachtain SEAI um Cheannaireacht san Earnáil Phoiblí agus in 2021 bhain sé amach dámhachtain is airde SEAI um Fhoireann Fuinnimh na Bliana.





FEABHSÚCHÁIN AGUS UASGHRÁDUITHE ÉIFEACTÚLACHTA FUINNIMH

Is é atá i gceist le héifeachtúlacht fuinnimh níos lú fuinnimh a úsáid chun an cúram céanna a chur i gcrích nó chun an toradh céanna a bhaint amach. Úsáideann tithe agus foirgnimh atá tíosach ar fhuinnimh níos lú fuinneamh chun fearais agus earraí leictreonacha a théamh, a fhuarú agus a rith, agus úsáideann saoráidí déantúsaíochta atá tíosach ar fhuinneamh níos lú fuinnimh chun earraí a tháirgeadh.

Bunaíodh CODEMA, Gníomhaireacht Bainistíochta Fuinnimh Bhaile Átha Cliath breis is 20 bliain ó sin mar ghníomhaireacht fhuinnimh chun tacaíocht chomhairleach a thabhairt do na ceithre hÚdarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath maidir le tionscnaimh fhuinnimh.

Le tacaíocht theicniúil ó CODEMA, aithníonn an Fhoireann Fhuinnimh deiseanna chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú ar fud oibríochtaí go léir dlR agus oibríonn siad chun iad sin a chur i bhfeidhm trí Phleananna Gníomhaíochta cuí. Cuimsítear leis sin na srutháin mhaoinithe atá ar fáil a fhiosrú agus tionscadail a fhorbairt chun an bhearna a chlúdach i dtreo spriocanna 2030 dlR um fheidhmíocht fhuinnimh agus laghdú carbóin.

Tá dlR ag obair freisin chun feidhmíocht fhuinnimh a stoc foirgneamh a fheabhsú agus tá sé beartaithe aige go mbeidh na foirgnimh is mó a úsáideann fuinneamh dá chuid i dtreo choibhéis BER de B2 faoi 2030.

CÁS-STADÉAR

PAINÉIL GHRÉINE AGUS CAIDÉIL TEASA I MO LEABHARLANNA OSCAILTE (MLO)

In 2023, suiteáladh painéil ghréine agus caidél teasa in dá cheann de Mo Leabharlanna Oscailte (MLOnna) de chuid dlR. I Leabharlann Ghráinseach an Déin suiteáladh fiche-naoi bpainéal gréine, ar cheart go ngineadh siad 10,000 kwh in aghaidh na bliana, agus é measta go n-aisíocfaidh siad i gceann 4 bliana. Tríd na painéil sin a shuiteáil seachnófar táirgeadh méid measta de 3 thona de dhé-ocsaíd charbóin in aghaidh na bliana, rud a thiontaíonn i gcaitheamh shaolré an chórais chun méid coibhéiseacha de 104,298 ciliméadar i dturais ghluaisteáin a sheachaint.

Freisin suiteáladh caidéal teasa hibrideach aeir go huisce agus clúdaíonn sé 70% d'éileamh teasa an fhoirgnimh. Meastar gurb é an toradh a bheidh air sin laghdú 21,250 kwh ar úsáid fuinnimh lena seachnófar 4.3 tona de dhé-ocsaíd charbóin agus lena mbainfear amach coigiltis fhuinnimh bhliantúla de €2,000 in aghaidh na bliana.

I Leabharlann Dheilginse, suiteáladh tríocha-haon phainéal ar an dÍon le giniúint fuinnimh mheasta de 11,089 kwh in aghaidh na bliana agus aisíoc simplí measta de 4 bliana. Meastar tríd na painéil sin a shuiteáil go seachnófar táirgeadh méid measta de 4 thona de dhé-ocsaíd charbóin in aghaidh na bliana, rud a thiontaíonn i gcaitheamh shaolré an chórais chun méid coibhéiseacha de 115,383 ciliméadar i dturais ghluaisteáin a sheachaint.

Clúdaíonn réiteach an chaidél teasa hibridigh thart ar 90% d'éileamh teasa an fhoirgnimh agus meastar go laghdófar úsáid fuinnimh ag 52,000 kwh lena seachnófar 10.6 tona de dhé-ocsaíd charbóin le coigilteas costais measta de €2,700 in aghaidh na bliana.

Déanann baill foirne sa dá MLO monatóireacht ar úsáid fuinnimh agus cloíonn siad go bliantúil leis na ceanglais um thomhas agus fhíorú. Cinntítear leis sin go bhfuil an leas is mó á bhaint ag an gcóras bainistíochta fuinnimh as giniúint an chaidél teasa agus na bpainéal gréine chun úsáid gáis a íoslaghdú. Bunaithe ar thorthaí an tomhais agus an fhíorúcháin, is féidir indéantachta bhearta ábhair mar insliú dín nó balla a mheas mar chonairí i dtreo dhícharbónú iomlán fuinnimh.



CONRADH FEIDHMÍOCHTA FUINNIMH DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

D'éascaigh dlr Fóillíocht dlr chun Conradh Feidhmíochta Fuinnimh (CFF) a shíniú in 2021 le haghaidh tionscadal éifeachtúlachta fuinnimh dá chuid Ionad Fóillíochta i Sruthán Cluana, i mBaile Uí Lachnáin agus i mBaile an Mhanaigh.

Is é atá i CFF conradh idir eagraíocht agus Cuideachta Seirbhíse Fuinnimh Energy Service Company/ESCO) lena chuimsítear coigiltis fhuinnimh chomhaontaithe i gcaitheamh faid shonraithe.

Cuimsíodh leis an gclár oibreacha sa CFF tionscadail mar chóras nua cumhachta is teasa in éineacht (CTÉ), uasghráduithe ar shoilse reatha lasmuigh agus feabhas ar bhainistíocht fuinnimh agus ar chórais teasa, aeraithe agus ar chórais scagtha linne.

Tá sé beartaithe go rithfear an conradh ar feadh ocht mbliana, le coigiltis fhuinnimh réamh-mheasta de 1,500,000 kWh agus 318,000 kgCO₂ in aghaidh na bliana, arb ionann é agus 24% d'úsáid iomlán fuinnimh. Meastar go mbainfear amach coigiltis chostais de bhreis is €98,000 in aghaidh na bliana - is ionann sin agus laghdú costas de 31%.



CEANNRÓDAÍ AGUS AN TÉ A GHEOBHAIDH

Le Scéim Cheannródaithe SEAI féachtar chuig athrú céime a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú trí thacaíocht chaipitil a thabhairt do thionscadail lena mbaineann bearta um laghdú ar éileamh fuinnimh agus/nó lena laghdaítear astaíochtaí GCT. Tugtar tús áite sa scéim do thionscadail lena nglactar cuir chuige chuimsitheacha i dtreo iarfheistiú fuinnimh nó RFF de 'B' ar a laghad agus ina úsáidtear córais téimh inathnuaite.

Faoin tionscadal DeliverEE atá maoinithe ag an Aontas, tá Aonad Forfheidhmithe Tionscadal (AFT) forbartha ag CODEMA chun cabhrú leis na ceithre hÚdarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath le tionscadail oiriúnacha a chur ar aghaidh. Is í aidhm DeliverEE struchtúr a thógáil a éascóidh infheistiú airgeadais príobháidigh i dtionscadail phoiblí. Féachtar leis an gcur chuige sin le cur i gcrích tionscadal um uasghrádú fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí a mhéadú agus a bhrostú, chomh maith le tionscadail chúí um fhuinneamh inathnuaite a fhorbairt. Mar thoradh lárnach ag DeliverEE roinnfear an méid a fhoghlaimfeofar ón taithí sin, agus é beartaithe tionscadail cosúil leis a aithris i bhfoirgnimh ghnó agus chónaithe ar fud Bhaile Átha Cliath.





IARFHEISTÚ TITHÍOCHTA SÓISIALTA

Tugtar faoi iarrachtaí dlR chun foirgnimh iná stoc tithíochta sóisialta a iarfheistiú mar chuid den Chlár Náisiúnta Iarfheistithe Fuinnimh (CIFF) de chuid an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Clár 10-mbliana é an CIFF a seoladh in 2021 agus arb í an aidhm atá i gceist leis stoc tithíochta údaráis áitiúil a iarfheistiú go BER B2/Optamach ó thaobh Costais.

Gach bliain, socrófar sprioc le haghaidh dlR faoin gclár agus leithdháilfear maoiniú chun na hoibreacha riachtanacha a chur i gcrích. Sa dá chéad bhliain den CIFF, d'éirigh níos fearr le dlR ná mar a bhíothas ag súil leis ó thaobh ár gcuid spriocanna agus fuair sé maoiniú breise ón Roinn os cionn an mhéid a leithdháileadh dúinn i dtosach.

Táimid ag súil go méadófar ár gcuid spriocanna agus maoinithe faoin gclár go bliantúil le linn na tréimhse atá clúdaithe faoin bPlean seo. Táimid geallta chun an maoiniú atá á chur ar fáil dúinn a uasmhéadú le feidhmíocht fuinnimh ár stoc tithíochta a fheabhsú. Agus é sin a dhéanamh cinnteoidimid go mbeidh ár gcuid tionóntaí in ann leas a bhaint as tithe níos teo agus níos tiosaí ar fhuinneamh.

FEASACHT FAOI FHUINNEAMH

Bíonn plé rialta ag an bhFoireann Fhuinnimh le baill foirne agus pobail faoi thionscnaimh um fheasacht fhuinnimh. Cuimsítear leis sin oiliúint leanúnach forbartha gairmiúla do bhaill foirne mar fheabhsúcháin feidhmíochta fuinnimh ar shócmhainní ailtireachta agus oidhreachta agus tacaí a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm chun éifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh i measc Fiontar Beag agus Meánmhéide (FBManna). Áirítear le tionscnaimh eile um fheasacht fhuinnimh Fearais um Choigiltis Fhuinnimh Tí (mar a fheictear sa phictiúr) a sholáthar, atá ar fáil le tógáil ar iasacht, saor in aisce, ó leabharlanna roghnaithe ar fud an Chontae.

PLEANÁIL FUINNIMH AGUS ATHNUAITEÁIN

Tá Éire ag brath an iomarca faoi láthair ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus í nochta do mhéaduithe praghaís ar mhargaí fuinnimh na hEorpa. Is rithábhachtach ár mbrath ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú chun an leibhéal sin nochta a laghdú. Cuimsítear sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2023 gealltanas go dtiocfaidh 80% dár leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030 agus go laghdófar go suntasach úsáid gáis ar fud na tíre. Anuas air sin, aithníodh leictriú teasa agus iompair mar chonair straitéiseach lárnach i dtreo an Sprioc Náisiúnta Aeráide a chomhlíonadh.

Tá acmhainn mhór ann chun leictreachas a tháirgeadh ó fhuinneamh gaoithe ar scála mór amach ón gcósta.

Pléifidh dlR leis na páirtithe leasmhara ábhartha maidir le tionscadail um bhonneagar gaoithe agus fuinnimh eile a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. éascóidh dlR freisin feabhas ar bhonneagar na heangaí tarchurtha chun dícharbónú earnálacha an leictreachais, an teasa agus an iompair a chumasú.



EAGAR BHAILE ÁTHA CLIATH

Is é atá i dtionscadal Eagar Bhaile Átha Cliath forbairt mhór gaoithe amach ón gcósta a bheidh suite i Muir na hÉireann amach ó chósta Bhaile Átha Cliath agus Chill Mhantáin. Is í aidhm an tionscadail leas a bhaint as acmhainní gaoithe flúirseacha na tíre chun fuinneamh glan agus in-athnuaite a ghiniúint agus ar an mbealach sin cur le spriocanna fuinnimh in-athnuaite na hÉireann agus astaíochtaí carbóin a laghdú. Tionscadal comhfhiontair é Eagar Bhaile Átha Cliath idir RWE Renewables agus an chuideachta Éireannach Saorgus Energy. Tar éis gur deonaíodh Cead Ceantair Mhara air in 2022 agus gur éirigh leis sa chéad cheant in Éirinn um Scéim Tacaíochta do Leictreachas In-athnuaite Amach ón gcósta (Offshore Renewable Electricity Support Scheme /ORESS) de chuid na hÉireann in 2023, tá Eagar Bhaile Átha Cliath áisitheoir lárnach i dtreo na sprice i bPlean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach mar atá 5GW d'fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta a bheith ceangailte le heangach leictreachais náisiúnta na hÉireann faoi 2030.

Beidh an fheirm ghaoithe atá beartaithe déanta suas de idir 39 agus 50 tuirbín gaoithe amach ón gcósta, a thiontóidh fuinneamh gaoithe go leictreachas. Nuair a bheidh sé críochnaithe, meastar go ndéanfaidh sé suas le 824 meigeavata (MV) de leictreachas in-athnuaite a sheachadadh. Bainfidh sé thart ar 1.4 milliún tona de charbón gach bliain, agus cabhróidh sé le dícharbónú suntasach a dhéanamh ar sholáthar leictreachais na hÉireann.


Tá tairbhí ag baint leis an tionscadal ní hamháin ó thaobh leictreachas glan a ghiniúint, agus freisin féadann sé neart deiseanna poist a chruthú agus an geilleagar áitiúil a threisiú. Aithníodh cuan Dhún Laoghaire mar an mbunáit oibríochta agus cothabhála (O&C) roghnaithe don tionscadal. Moladh lárnach é Dún Laoghaire a fhorbairt mar bhunáit O&C chun tacú le Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gcósta (FIAAC) i bPlean Eacnamaíoch 2021 le haghaidh Dhún Laoghaire a choimisiúnaigh dlr. Le linn chéim na foirgníochta, meastar go bhfostóidh an tionscadal líon mór oibríthe a mbeidh ina measc innealtóirí, teicneoirí agus foireann tacaíochta. Ina theannta sin, um oibríú agus chothabháil leanúnach na feirme gaoithe beidh gá le fórsa saothair oilte a bheith bunaithe go buan sa bhunáit O&C ar feadh shaolré an tionscadail.

Gné shuntasach eile den tionscadal é an ciste tairbhe pobail a bhunófar chun tacú le pobail áitiúla i gceantar na feirme gaoithe. Faoi théarmaí agus choinníollacha an chonradh ORESS, tá Eagar Bhaile Átha Cliath geallta chun Ciste Tairbhe Pobail (CTP) de €2/MWh a mhaoiniú ar feadh shaolré an tionscadail. Is ionann sin agus thart ar €6.5 milliún in aghaidh na bliana ar feadh suas le 20 bliain, ag brath ar acmhainn oibríúcháin dheireanach an tionscadail.

Is gnách go n-úsáidtear CTPanna a bhaineann le tionscadail feirme gaoithe chun tacú le tionscadail éagsúla, amhail áiseanna caithimh aimsire, tionscnaimh um fhuinneamh inbhuanaithe agus ghníomhú ar son na haeráide, éifeachtúlacht fuinnimh agus oideachas agus forbairt scileanna.

Déanfaidh coiste ciste, a bheidh déanta suas d'ionadaithe ón gceantar áitiúil, cinntí maidir leis na réimsí ina gcaithfear an maoiniú. Ceapadh an coiste seo agus tacófar leis ag riarthóir neamhspleách ciste, a fhostóidh Eagar Bhaile Átha Cliath tar éis phróiseas oscailte tairisceana. Cruthóidh an coiste, agus tacaíocht aige ón riarthóir ciste, plan forbartha don chiste, agus é múnlaite ag comhairliúchán le daoine áitiúla. Is í an aidhm atá i gceist cinntiú go bhfuil an ciste saincheaptha chun freastal ar riachtanais shonracha na bpobal áitiúil.

Is ionann forbairt an tionscadail agus an ciste tairbhe pobail a ghabhann leis agus deis shuntasach do cheantar Dhún Laoghaire Ráth an Dúin leas a bhaint as giniúint fuinnimh in-athnuaite. Ní hamháin go gcuireann sé le spriocanna fuinnimh in-athnuaite na hÉireann ach freisin féadann sé fás eacnamaíoch a chothú, inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus cáilíocht bheatha a fheabhsú do phobail sa Chontae.





AN ACMHAINN OIDHREACTHA


Gné bhunúsach é úsáid agus athúsáid leanúnach seanfhoirgneamh de phobail atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus de sheachaint astaíochtaí gás ceaptha teasa. Go dtí seo dhírigh straitéisí um laghdú carbóin ar astaíochtaí oibriúcháin agus ar fheidhmíocht ábhair, ach tá sé ag éirí soiléir, chum spriocanna aeráide a chomhlíonadh go mbeidh sé riachtanach na hastaíochtaí cumhdaithe ó shaolré iomlán foirgnimh a chuimsiú i measúinthe. D’ullmhaigh an tSeirbhís Náisiúnta Séadchomharthaí agus t-Aonad um Beartas ar Oidhreacht Thógtha Plean Oiriúnaithe in 2019 don Oidhreachta Thógtha agus Sheandálaíoch.

Cuimsíonn sé spriocanna maidir le hoidhreacht thógtha/sheandálaíochta a oiriúnú, an oidhreachta a chothabháil le haghaidh na nglúnta inár ndiaidh, aistriú eolais/scileanna, agus tuiscint ar leochaileacht na hacmhainne oidhreachta don athrú aeráide. Leagtar cúram ar Údaráis Áitiúla as sócmhainní oidhreachta laistigh dá sainchúram a aithint a d’fhéadfadh a bheith á mbagairt go díreach nó go hindíreach mar gheall ar athrú aeráide agus tosaíocht a thabhairt d’fhreagairtí um aeráid-dhíonadh.

Sa treoir náisiúnta atá le teacht tabharfar aghaidh ar mheasúnacht chumhdaithe ar charbón agus shaolré, modheolaíocht um measúnú ar riosca aeráide le haghaidh struchtúr oidhreachta agus airíonna hidriteirmeacha le haghaidh raon d’ábhair fhoirgníochta nó de chóimeálacha traidisiúnta Éireannacha.

“*Is é an foirgneamh is glaise in Éirinn an ceann atá tógtha cheana*”

Carl Elefante, 2007





FUINNEAMH AGUS FOIRGNIMH

Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Príomhroinn (ranna)	Comhpháirtí (Comhpháirtithe) Aitheanta
Éascú agus abhcóideacht a dhéanamh ar son éifeachtúlacht feabhsaithe fuinnimh agus laghdú carbóin inár gContae.							
EB1	Athbheithniú a dhéanamh ar Ráitis Fuinnimh d'íarratais phleanála	Líon na n-íarratas athbheithnithe	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta (Cuan Dhún Laoghaire san áireamh)	Bonneagar Réamhphleanála
EB1A	Athbheithniú a dhéanamh ar an gcaoi a léiríonn íarratais aird ar an gcostas coibhneasta fuinnimh agus na hastaíochtaí cumhdaithe agus oibriúcháin a bhfuiltear ag súil leo agus éifeachtúlacht is fearr fuinnimh i gcaitheamh shaol na forbartha a thagann le beartas aeráide	Líon na n-íarratas athbheithnithe	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta (Cuan Dhún Laoghaire san áireamh)	Bonneagar Réamhphleanála
EB2	Uirlis a fhorbairt, nó a sholáthar atá le húsáid do mheasúnú ard-chaiighdeán do charbón cumhdaithe i dtionscadail dlr ag céim an deartha	Cur i bhfeidhm na huirlise Líon na dtionscadail a bhfuil an uirlis á húsáid acu	Tosú Beartaithe 2025	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	
EB3	Forbairt tionscadal um fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a éascú agus tacaíocht a léiriú agus tionchar a imirt le cinntiú go gcuirfidh na tionscadail den sórt sin chun cinn comh-thairbhí an ghníomhaithe ar son na haeráide, go dtacóidh siad le húinéirí tí, scoileanna, gnólachtaí, áiseanna pobail agus club ina gcuid iarrachtaí a lorg charbóin a laghdú agus nach sáróidh siad na critéir ábhartha um chosaint an chomhshaoil agus nach mbeidh éifeachtaí diúltacha acu ar an gcomhshaoil	Líon cruinnithe cuí / rannpháirtíochtaí poiblí maidir le Tionscadail Inbhuanaithe Amach ón gcósta a thugtar fúthu	Tuairisc bhliantúil tugtha ar dhul chun cinn	Maolú	Comhordaigh agus éascaigh	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta (Cuan Dhún Laoghaire san áireamh) Bonneagar Réamhphleanála
Ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla trí úsáid fuinnimh dlr a laghdú.							
EB4	Tuairisceáin Bliantúla Chóras Monatóireacht agus Tuairiscithe (M&T) Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI) a chur isteach.	Tuairisceáin chríochnaithe sonraí ar mhéadair dlr, breoslaí eile lena n-áirítear taisteal gnó an fhlíit agus na foirne	Go bliantúil	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Ailtirí	Ionadaithe ar Úsáideoirí Móra Fuinnimh Codema
EB5	Seachadadh a bhrú ar aghaidh ar phríomh-spriocanna na hEarnála Poiblí 2030 faoi Chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI)	Éifeachtúlacht Feabhsaithe Fuinnimh Laghdú ar Astaíochtaí (Iomlán) Laghdú ar Astaíochtaí (Teirmeach agus Iompar) ar an Scórchárta M&T	Tuairisc tugtha go bliantúil	An dá rud	Cuntasacht Iomlán/Comhordaigh agus éascaigh	Ailtirí	Coiste Tús Áite don Aeráid de chuid dlr Codema
EB6	Inbhuanaitheacht a mhéadú in úsáid fuinnimh dlr Nóta A	Cuid de chaitheamh fuinnimh dlr a bhaineann leis an inbhuanaitheacht ar an Scórchárta M&T	Tuairisc tugtha go bliantúil	Maolú	Cuntasacht Iomlán/Comhordaigh agus éascaigh	Gnóthaí Corparáideacha (lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna)	Codema
EB7	Feabhsú leanúnach feidhmiú fuinnimh laistigh de Chonradh Feidhmithe Fuinnimh (CFF) agus dícharbónú in Ionad Siamsaíochta an dlr	Coigiltis faoin gConradh Feidhmíochta Fuinnimh a thomhas agus a fhóru An bhfuil na coigiltis fhuinnimh chomhaontaithe á mbaint amach? Tá/Níl Laghdú ar chéatadán d'astaíochtaí carbóin ó bhonnlíne 2016-17-18.	Tuairisc tugtha go bliantúil	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Fóillíocht dlr	Foireann Fhuinnimh dlr Codema



FUINNEAMH AGUS FOIRGNIMH

Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Príomhroinn (ranna)	Comhpháirtí (Comhpháirtithe) Aitheanta
EB8	Cur i bhFeidhm Chonarthaí Feidhmíochta Fuinnimh (CFF) / socruithe feidhmíochta fuinnimh i bhfoirgnimh chomhaontaithe faoi úinéireacht dlr.	Líon CFFanna atá i bhfeidhm	Tuairisc tugtha go bliantúil	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Gnóthaí Corparáideacha (lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna) Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Foireann Fuinnimh dlr Codema
EB9	Uasghráduithe fuinnimh a dhéanamh ar stoc tithíochta de chuid dlr tríd an gClár Iarfeistithe Fuinnimh (CIFF) Nóta B	Líon na n-uasghráduithe fuinnimh agus dícharbónaithe a rinneadh tríd an CAÉF a raibh BER B2 ar a laghad mar thoradh orthu	Tuairisc tugtha go bliantúil	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Tithíocht	An Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht
EB10	Eolas cruinn BER a fháil ar stoc tithíochta an dlr	Líon na dtithe sa stoc tithíochta le rátáil BER	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Tithíocht	
EB11	Nuashonrú a dhéanamh ar Clár Foirgneamh an dlr le hUimhir Thagartha Phointe an Mhéadair (UTPM)/Uimhir Thagartha Phointe an Gháis (UTPG), stádas admhála M&T agus Achar Urláir a chur san áireamh	Céatadán críochnaithe d'iomlán na sonraí ar Chlár na bhFoirgneamh maidir le UTPM/UTPG., stádas stádas admhála M&T, Achar Urláir	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	
EB12	Uasghráduithe fuinnimh a chur i bhfeidhm ar fhoirgnimh an dlr (neamh-thithíochta) Nóta B	Líon na n-uasghráduithe fuinnimh agus dícharbónaithe a rinneadh	2024	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Gnóthaí Corparáideacha (lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna) Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Úinéir Foirgnimh Roinn Ailtirí Foireann Fuinnimh dlr, Pobal Codema, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna
EB13	Cuirfidh forbairt foirgneamh nua a bheidh ag teastáil ag an dlr le ról eiseamláire poiblí trí bheith ina <i>"bhfoirgnimh de dhearadh nuálach atá sa tóir ar chaighdeán deartha an Tí Éighníomhaigh nó Neodrach"</i> de réir Phlean Forbartha an Chontae 2022-28	Caighdeán maidir le tionscadail tógála nua a rinne dlr	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Ailtirí Bord Rialachais an Tionscadail Foirne Fuinnimh de chuid dlr	Úinéir Foirgnimh Roinn
EB14	'Deimhnithe Fuinnimh Taispeána' (DFTanna) a nuashonrú d'fhoirgnimh phoiblí ábhartha atá faoi úinéireacht dlr	Deimhnithe atá ar thaispeánt i bhfoirgnimh ábhartha	Go bliantúil	Maolú	Cuntasacht Iomlán/Comhordaigh agus éascaigh	Ailtirí	Codema
EB15	Páirt a ghlacadh i gclár mhaoinithe maidir le tionscadail fuinnimh agus foirgnimh	Líon na gclár mhaoinithe a nglacadh páirt iontu	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	De réir tionscadail/foirgnimh	Gnóthaí Corparáideacha (lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna) Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna
EB16	Deimhniú an Chórais Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 a Choimeád	Deimhniú leanúnach ar leibhéal idirnáisiúnta	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Ailtirí	Codema Foireann Fuinnimh dlr





FUINNEAMH AGUS FOIRGNIMH

Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Príomhroinn (ranna)	Comhpháirtí (Comhpháirtithe) Aitheanta
EB17	Tionscadail monatóireachta feidhmíochta fuinnimh/ taighde a dhéanamh i dtithíocht agus/nó i bhfoirgnimh atá faoi úinéireacht dlr; cinntiú go gcuirfear aschuir mhonatóireachta/taighde san áireamh i bpróisis chinnteoireachta	Tionscadail Mhonatóireachta/T aighde déanta	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Tithíocht	Foireann Fhuinnimh dlr Ailtirí Gnóthaí Corparáideacha (lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna) Codema
EB18	Tionscadail aitheanta DeliverEE/ Pathfinder (Ceannródaí) chur i bhfeidhm ar fud áitribh dlr chun dícharbónú na bhfoirgneamh ar Úsáideoirí Móra Fuinnimh (ÚMF) iad a chur san áireamh	Líon na dtionscadal	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Gnóthaí Corparáideacha (lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna)	Foireann Fhuinnimh dlr, Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna
EB19	An cion de shoilsiú poiblí a mhéadú trí úsáid a bhaint as soilsiú ardéifeachtúlachta fuinnimh/LED agus a chinntiú go gcoimeádtar nó go laghdaítear/go ndéantar na leibhéil lúman agus an raon speictreach a rialú chun tionchair ar bhithéagsúlacht a sheachaint	Coigilteas kWh in aghaidh na bliana	Aistriú suntasach faoi 2025	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	
EB20	'Comharsanacht Foirgneamh Glas' a chruthú ina gcuimsítear cruthú, stóráil agus dáileadh Fuinnimh lena n-áirítear gnéithe de 'bhainistíocht chliste foirgneamh (ar a dtugtar an Tionscadal ProBono) Nóta C	Na garspriocanna tuairiscithe a bhaint amach laistigh den Tionscadal ProBono	I gcaitheamh na 4 bliana atá le teacht, tuairisciú tréimhsiúil ar gharspriocanna	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Gnóthaí Corparáideacha (lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna)	Dún Laoghaire Cliste Baile Átha Cliath Cliste Foireann Fhuinnimh dlr
EB20A	Oibriú le comhpháirtithe san Oifig Réigiúnach Gníomhaithe ar son na hAeráide, CODEMA agus comhpháirtithe eile le hastaíochtaí raon scóip 3 a laghdú i gcaitheamh shaolré an Phlean.	Plean um Laghdú Scóip 3 forbartha	2029	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	CARO CODEMA Údarás Áitiúla Chomharsanacha Gníomhaireachtaí Eile

Ár n-Acmhainn Oidhreachta a chosaint agus a chur in oiriúnú

EB21	Úsáid fuinnimh a laghdú i bhfoirgnimh oidhreachta de chuid dlr agus aird chúí tugtha ar an ngá le struchtúir chosanta a chosaint agus a chaomhnú go cuí i gcomhréir leis na rialacháin ar struchtúir chosanta	Coigiltis úsáide fuinnimh agus dícharbónaithe de kWh in aghaidh na bliana	2025	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna Caomhantas Gnóthaí Corparáideacha (lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna)	Foireann Fhuinnimh dlr
EB22	Tionscadail a fhorbairt chun úsáid oiriúnaitheach/úsáid mhéadaithe struchtúr stairiúil/foirgneamh traidisiúnta a chur chun cinn agus aird chúí tugtha ar na rialacháin ar speicis agus struchtúir chosanta	Líon na dtionscadal cás-staidéir roghnaithe agus curtha i gcrích	2028	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Ailtirí Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch (lena n-áirítear Cuan Dhún Laoghaire) Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)
EB23	Measúnachtaí ar Riosca Athraithe Aeráide a dhéanamh ar ailtireacht/seandálaíocht aitheanta faoi úinéireacht dlr	Líon na láithreán aitheanta Líon na measúnachtaí riosca aeráide a rinneadh	2024	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Ailtirí Rannóga Léarscáilithe GIS An Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta
EB24	'Pleananna Bainistíochta Tubaiste' a ullmhú agus a chur i bhfeidhm don oidhrecht thógtha lena gcuimseofar cláir rialta cigireachtaí, cothabhála agus caomhantais	Líon na bpleananna bainistíochta tubaiste déanta Líon na n-eiseamláirí/staidéar póilótach	2029	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Ailtirí Bainisteoirí na Tarraingthe Oidhreachta Oifig na n-Oibreacha Poiblí An tSeirbhís Náisiúnta Séadchomharthaí



FUINNEAMH AGUS FOIRGNIMH



Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Príomhroinn (ranna)	Comhpháirtí (Comhpháirtithe) Aitheanta
EB25	Measúnú riosca agus iniúchadh a dhéanamh ar chartlanna agus bhailiúcháin dlr le cinntiú go bhfuil pleananna bainistíochta tubaiste curtha i gcrích agus gníomh glactha dá réir	Líon na míreanna atá clúdaithe faoin bPlean Bainistíochta Tubaiste	2029	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Gnóthaí Corparáideacha (lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna) Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Pobal
EB26	Seasmhacht na hoidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta atá faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach ó thaobh na haeráide a fheabhsú trí scéimeanna maoinithe oidhreacht; faoi réir ábhar machnamh cuí i ndáil le cosaint agus athchóiriú	Líon na láithreán in aghaidh na bliana a mhaoinítear in aghaidh na bliana	2029	Maolú/ Oiriúnú	Comhordaigh agus éascaigh.	Caomhantas/ Ailtirí	An Roinn Tithíochta, Rialtais agus Oidhreacht An Chomhairle Oidhreacht
EB27	Láithreáin/ceantair a aithint áit nach féidir dochar mar thoradh ar athrú aeráide a sheachaint agus taifead a dhéanamh ar an oidhreacht sheandálaíochta, seandálaíochta agus cultúrtha sna láithreáin sin	Líon na gcás-staidéar déanta	2029	Maolú	Comhordaigh agus éascaigh	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)
EB28	Clár oiliúna a fhorbairt le haghaidh bhaill foirne dlr / baill den phobal ar spéis leo maidir le hábhair agus scileanna traidisiúnta tógála a úsáid	Líon na gcúrsaí a reáchtáladh. Líon na mball foirne oilte Líon na struchtúr deisithe	2028	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Il-Rannach

Ceisteanna Comhshaoil Comhtháite:

Nóta A	Gníomh EB6	I gcás ina dhearbhaítear trí mheasúnacht timpeallachta chúí nach mbeidh aon éifeacht shuntasach ó thaobh an chomhshaoil ag forbairt ghaolmhar fuinnimh in-athnuaite.
Nóta B	Gníomhartha EB9, EB12	Agus aird chúí tugtha ar íogaireachtaí comhshaoil mar ghabhdóirí daonna áitiúla, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht, agus an gá le struchtúir chosanta a chosaint agus a chaomhnú go cúí.
Nóta C	Gníomh EB20	Aird chúí a thabhairt ar an ngá le cinntiú nach aon éifeacht shuntasach ó thaobh an chomhshaoil ar fhorbairt fhuinnimh in-athnuaite atá mar chuid den tionscadal seo.



IOMPAR





IOMPAR

Tá ról ríthábhachtach le glacadh ag an iompar inár gcur chuige i dtreo athrú aeráide, toisc go gcuireann sé le cuid mhór astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCT). Sa Chontae, is í earnáil an iompair is mó a chuireann le hastaíochtaí GCT, le méid measta de 41% d’astaíochtaí iomlána. Bíonn tionchar mór ag an modh taistil a roghnaímid ar astaíochtaí, bíodh sé sin le dul chuig an ionad oibre, ionad oiliúna, ionad siopadóireachta nó le haghaidh fóillíochta. Mar sin féin, cuireann sé seo go leor deiseanna ar fáil le haghaidh athrú dearfach.

Leagtar amach sa Phlean náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAP23)¹⁰ sprioc uaimhianach don earnáil iompair lena cuid astaíochtaí a laghdú 50% faoi 2030. Leagtar amach in CAP23 na céimeanna is gá a ghlacadh chun tabhairt faoi athrú radacach cothrom maidir leis an gcaoi a dtaistealaímid sna seacht mbliana amach romhainn ionas go mbeidh laghdú 50% ar astaíochtaí carbóin faoi 2030 agus i dtreo earnáil iompair atá dícharbónaithe go hiomlán faoi 2050.

Is sprioc dhúshlánach í seo - is léir go bhfuil Éire ag brath go hiomlán ar charranna, in áiteanna uirbeacha agus tuaithe agus chun críocha sóisialta agus eacnamaíocha araon. Tugadh le fios i nDaonáireamh 2022 gur tháinig méadú 4% go 1.2 milliún ar líon na ndaoine a thiomáin chun na hoibre idir 2016 agus 2022.

Ba é an carr an príomh-mhodh iompair le haghaidh páistí scoile, thaistealaíodh 55% de pháistí bun scoile agus 42% de pháistí meánscoile chun na scoile i gcarr.

Is é sprioc Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr) astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 50% faoi 2030 agus leagtar amach sa phlean seo príomhghníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar an sprioc sin. Chun na spriocanna dúshlánacha sin a bhaint amach, éilítear tionscnaimh éagsúla a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear acmhainn agus seirbhísí iompair poiblí a leathnú, bonneagar siúil agus rothaíochta a fheabhsú agus bearta athraithe iompraíochta agus bainistithe éilimh a achtú. Thairis sin, réiteoidh na gníomhaíochtaí sin an bealach chun sprioc níos uaimhianáí fós a bhaint amach, is é sin glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050.

Mar gheall ar an gcur chuige a bhíodh ann roimhe seo maidir le níos mó spás bóthair a chur ar fáil chun freastal ar an éileamh atá ag dul i méid, tugadh isteach straitéis iompair níos fearr ar a dtugtar Seachain-Aistrigh-Feabhsaigh. Bunaítear é sin ar mhinicíocht na dturas a sheachaint nó a laghdú, aistriú chuig modhanna taistil atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus éifeachtacht fuinnimh na modhanna iompair innealta a fheabhsú.

PRÍOMHCHUSPÓIRÍ DLR MAIDIR LE HIOMPAR



Fíor 5.2: Príomhchuspóirí dlr maidir le hiompar

Tacaíonn dlr leis an gcur chuige Seachain-Aistrigh-Feabhsaigh trí straitéis agus trí bheartais Phlean Forbartha an Chontae. Cuirtear úsáid talún agus iompair chun cinn agus cuirtear béim ar fhás dlúth ar a bhfreastalaíonn córas iompar poiblí agus bonneagar siúil agus rotháíochta ar ardchaighdeán.

Oibríonn dlr freisin le réimse páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus Údarás Áitiúla eile Bhaile Átha Cliath chun na roghanna iompair inbhuanaithe i réigiún Bhaile Átha Cliath a fheabhsú trí na bearta a chur i bhfeidhm atá i Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2022-2042³² agus sa Bheartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe³³.

Trí roghanna malartacha iompair inbhuanaithe a spreagadh agus spleáchas ar charranna a laghdú, ní hamháin go bhfuil dlr ag obair i dtreo a ghealltanais maidir le gníomhú ar son na haeráide a chomhlíonadh, ach tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh aige freisin i dtreo níos mó áiteanna a thógáil atá dírithe ar dhaoine agus atá compordach chun maireachtáil iontu.

"Trí shiúl agus rotháíocht a spreagadh agus úsáid taisteal gníomhach a chur chun cinn, is féidir tacú lenár spriocanna aeráide chun astaíochtaí a laghdú chomh maith le haclaíocht agus sláinte phoiblí a fheabhsú, agus brú tráchta agus úsáid carranna príobháideacha a laghdú."

Bearas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe³³

6 *Baineann taisteal inbhuanaithe le daoine agus le hearraí a bhogadh ar bhealach a chothaíonn cáilíocht na beatha agus éascaíocht rochtana do chách agus a fhéachann le haistriú córa iompair a spreagadh agus iompar poiblí agus modhanna gníomhacha eile a úsáid. Príomhghné an chur chuige Seachain-Aistrigh-Feabhsaigh is ea an t-aistriú chuig modhanna níos inbhuanaithe. Cuireann an méadú ar mhodhanna taisteal gníomhach le stíleanna maireachtála sláintiúla agus is freagairt riachtanach é ar an athrú aeráide.*

Plean Forbartha an Chontae 2022-2028¹⁸



Foinse an Ghrianghraif: Wikimedia Commons / Niaz

COMHAD FÍRICÍ FEITHICILE 2023

- Táirgeann gnáthcharr peitрил thart ar 157g d'astaíocht CO2 gach ciliméadar.
- Táirgeann gnáthcharr díosail thart ar 149g d'astaíocht CO2 gach ciliméadar.
- Táirgeann gnáthfheithicil leictreach (EV) thart ar 50g d'astaíochtaí CO2 gach ciliméadar (bunaithe ar sholáthar reatha eangach leictreachais in Éirinn).
- Táirgeann gnáthfheithicil leictreach (EV) thart ar 18g d'astaíochtaí CO2 gach ciliméadar (bunaithe ar sholáthar eangach leictreachais réamh-mheasta in Éirinn in 2023).

Treoir ghinearálta - dá mhéad an carr, is ea is mó na hastaíochtaí! De ghnáth úsáideann SUVanna 20% níos mó breosla ná gluaisteáin thraidisiúnta atá an mhéid chéanna - is fíor seo i gcás inneall dócháin inmheánaigh (ICE) agus SUVanna leictreacha araon.

Agus muid ag féachaint ar shaolré iomlán EVanna, is léir go bhfuil teicneolaíocht ceallraí ag athrú go tapa agus go n-úsáidtear níos lú acmhainní agus dianfhuinnimh ina dtáirgeadh. Thar shaolré iomlán na feithicle, táirgeann EVanna i bhfad níos lú astaíochtaí CO2 ná feithicil ICE.

(Tagairt ar Fhigiúirí ó Mháistirphlean Fuinnimh Réigiún Bhaile Átha Cliath)²⁵




TAISTEAL GNÍOMHACH A CHUR CHUN CINN SA CHONTAE LE HAGHAIDH DAOINE DE GACH AOIS AGUS CUMAS.

Baineann Taisteal Gníomhach le taisteal a bhfuil cuspóir leis, agus tú ag baint úsáid as do chuid fuinnimh féin trí mhodhanna inbhuanaithe. Is féidir siúl, rothaíocht, úsáid a bhaint as cláir scátála, scátaí rollála, scútair neamh-mhótaraithe chun turas a bhfuil cuspóir leis a dhéanamh. Is cineálacha Taisteal Gníomhach iad siúl chun na scoile agus rothaíocht chun na hoibre.

Is ríthábhachtach líonra rothar agus páirceáil rothar atá dea-nasctha, dea-dheartha agus sábháilte a chur ar fáil do dhaoine de gach aois agus cumas, chun rogha eile a thabhairt do dhaoine in áit an chairr. Tá dlR ag obair go gníomhach chun bonneagar coisithe agus rothaíochta a fheabhsú chun rothaíocht agus siúl a spreagadh ar fud an chontae. Faoi láthair tá dlR ag obair ar níos mó ná caoga tionscadal, lena n-áirítear Scéim feabhsúcháin nascóirí siúil, rothaíochta agus réimse poiblí, a nascfaidh comharsanachtaí agus sráidbhailte soir siar ó cheann ceann an Chontae trí bhealaí siúil agus rothaíochta atá sábháilte, inrochtana agus tarraingteach a bhfuil réimse poiblí agus spás glas leis. I measc na dtionscadal suntasach eile tá Lárscéim dlR agus Bealach Taisteal Gníomhach Bhóthar Theach Naithí go dtí an N11.

Spreagfaidh na tionscadail seo, i gcomhar le bearta iompair eile, aistriú córa iompair ar fud na bpobal. Tá ról freisin ag tionscnaimh, feachtais feasachta agus oideachais, amhail oiliúint rothaíochta sa bhunscoil agus tacaíocht don scéim iasachta rothar inrochtana.



COMHARSCÉIM ROTHAR

Bíonn ról tábhachtach ag comharscéimeanna rothar poiblí chun spleáchas ar an gcarr a laghdú le haghaidh turais níos giorra. Trí naisc a chur ar fáil ón gcéad mhíle go dtí an míle deireanach d'iompar poiblí, cumasaítear taisteal ilmhódach gan uaim.

Ina theannta sin, cuireann na scéimeanna seo pointe iontrála inacmhainne agus inrochtana ar fáil do rothaithe nua chun aistriú a spreagadh i dtreo roghanna iompair níos inbhuanaithe. Tá dlR tiomanta i gcónaí d'oibriú le hoibrítheoirí príobháideacha chun cur le líon na gcomharscéimeanna rothar laistigh den chontae.



Fíor 5.3: Cur chuige Seachain-Aistrigh-Feabhsaigh chun an flít a bhainistiú



“Tá gá le cur chuige iomlánaíoch i leith iompair agus é mar aidhm spleáchas ar an gcarr a laghdú agus siúl, rothaíocht agus úsáid iompar poiblí a mhéadú.”

Plean Forbartha Contae 2022-2028¹⁸

CÁS-STAIÐÉAR

BEALÁÍ GNÍOMHACHA LE TAISTEAL CHUN NA SCOILE: ÓN bhFARRAIGE GO DTÍ NA SLÉIBHTE

Is é aidhm an tionscnaimh, Taisteal Gníomhach chun na Scoile, líonra nasctha agus sábháilte de bhealaí siúil agus rothaíochta a chur ar fáil do scoileanna ar fud an chontae. Tá trí bhealach sa scéim seo, ón bhFarraige go dtí na Sléibhte, ó na Sléibhte go dtí an Miotal agus ó Pháirc go Páirc.

Nascann an bealach ón bhFarraige go dtí na Sléibhte soir siar trasna an Chontae. Tosaíonn an bealach ag Stáisiún Dart na Carraige Duibhe, trasnaíonn sé an N11 go Gleann Cornáin, leanann sé ar aghaidh ó dheas ansin ag nascadh le Bealach Rothaíochta Áth an Ghainimh agus le Stad Luas Chill Mochuda agus ar aghaidh chuig Glasbhealach Abhainn na Stéille agus Slí Chill Mhantáin.

Tá thart ar 1.3km ann de raonta rothar cosanta nua, bearta maolaithe tráchta, treochoimharthaíocht nua, scagairí córa iompair agus acomhail a thugann tosaíocht do choisithe agus do rothaithe.





MODHANNA IOMPAIR ÍSEALCHARBÓIN, SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE AGUS INROCHTAINÉACHT A LEABÚ SNA POBAIL.

D'fhonn iompar taistil a athrú, ní mór úsáid an taistil ghníomhaigh agus an iompair phoiblí a spreagadh, agus bearta a chur i bhfeidhm freisin a laghdóidh tarraingteacht úsáid carranna i réimsí ina bhfuil roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe ar fáil. Tá dlR, i gcomhréir le beartais agus cuspóirí iompair réigiúnacha agus náisiúnta, ag féachaint ar spás bóthair a athdháileadh chun spleáchas ar charranna a laghdú agus siúl, rothaíocht agus úsáid iompar poiblí a mhéadú. Is iomaí bealach is féidir spás bóthair a athdháileadh lena n-áirítear; lánaí tráchta ginearálta a athrú go lánaí iompar poiblí nó lánaí rothar, páirceáil ar an tsráid a athrú go hiompar inbhuanaithe eile agus úsáidí gaolmhara, sráideanna do choisithe, agus acomhail a athdhearadh chun acmhainn níos fearr a chur ar fáil do rothaithe agus d'iompar poiblí.

CÁS-STAIDEÁR

BEALACH SOGHLUAISTEACHTA CÓSTA

Is tionscadal rothaíochta agus réimse poiblí é an Bealach Soghluaisteachta Cósta a bhfuil gradaim buaite aige agus a nascann na sráidbhailte oidhreacht feadh chósta Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, ó Ascaill an Bhaile Nua ar an gCarraig Dhubh go Cuas an Ghainimh agus Cladach an Daichead Troigh. Baineadh amach scaradh iomlán an bhealaigh trí **spás bóthair a athdháileadh**, tugadh isteach córas aontreo d'fheithiclí ar Ascaill Rinn na Mara (N31), Bóthar na Banríona, Ardán Windsor agus Paráid na Mara.

Thug dearadh an bhonneagair tús áite don chuimsiú agus don éagsúlacht, rud a chinntigh go mbeadh áis rothaíochta shábháilte fairsing agus scartha inrochtana do gach aoisghrúpa, inscne agus cumas. Mar gheall ar a ghnéithe sábháilte agus tarraingteacha, tugadh faoi dhá mhíliúin turas rothaíochta agus siúlóide ar an mbealach ina chéad bhliain. Léirigh an bealach scoilt inscne níos cothroime de dhaoine a bhí ag rothaíocht (ba mhná iad 35% de na rothaithe go léir) i gcomparáid leis an meán náisiúnta (27% de mhná ag rothaíocht chun na hoibre, chun na scoile nó chun an choláiste).



CLÁR PATHFINDER

Díríonn an Clár Pathfinder ar astaíochtaí carbóin san earnáil iompair a laghdú trí thionscnaimh iompair inbhuanaithe áitiúla agus spáis phoiblí a chur ar fáil faoi 2025. Tá dlR ag obair leis an Roinn Iompair agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun Sráideanna Beo Dhún Laoghaire a chur i bhfeidhm, atá ar cheann de 35 tionscadal "Pathfinder".

Fiosróidh Sráideanna Beo roghanna maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe agus feabhsuithe ar an réimse poiblí chun sráideanna áitiúla a dhéanamh níos sábháilte agus níos fearr ó thaobh an chomhshaoil de, chomh maith leis an ngeilleagar a dhéanamh níos bríomhaire agus ár bpobail a nascadh.

FLÍT DLR

Tá 316 feithicil i bhflít iompair dlR, a d'úsáid 4.03 GWh d'fhuinneamh príomhúil agus ba é sin 9.5% d'astaíochtaí iomlána dlR in 2021. Tá dlR tiomanta dá fhlíit leictreach a mhéadú ar bhonn céimnithe, agus tá 11 carr leictreach, 12 veain leictreach, 30 rothar leictreach agus rothar lasta leictreach amháin ina fhlíit faoi láthair. Cabhróidh athrú an fhlíite go feithicil leictreacha le dlR astaíochtaí carbóin óna ghníomhaíochtaí féin a laghdú.

IOMPAR POIBLÍ

Is é aidhm na Dréachtstraitéise Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2022-2042, arna forbairt ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA), "Córas iompair a sholáthar do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a bheidh inbhuanaithe, inrochtana agus éifeachtach agus lena gcomhlíonfar ceanglais an réigiúin ó thaobh an athraithe aeráide de, lena bhfreastalófar ar riachtanais na bpobal uirbeach agus na bpobal tuaithe, agus lena dtacófar le fás geilleagrach³²."

Cuirfidh cur i bhfeidhm tionscadal iompar poiblí amhail BusConnects agus leathnú seirbhísí agus bonneagair iarnróid go mór le hacmhainn agus raon an ghréasáin iompair phoiblí sa Chontae agus cinnteoidh sé gur féidir méaduithe ar an éileamh ar thaisteal amach anseo a éascú trí iompar poiblí ar ardchaighdeán. Leanfaidh dlR air ag obair leis na comhlachtaí iompair ábhartha (lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA), Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), Bus Átha Cliath, Luas, Iarnród Éireann, Bus Éireann, agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre) chun roghanna iompar poiblí a fheabhsú agus chun an t-aistriú chuig modhanna iompair níos inbhuanaithe a éascú.

FEITHICLÍ LEICTREACHA

Sa chás nach bhfuil aistriú chuig iompar poiblí nó modhanna taisteal gníomhach inbhuanaithe indéanta, is féidir le Feithiclí Leictreacha (EV) cabhrú le laghdú na n-astaíochtaí carbóin a bhaineann le feithiclí inneall dócháin inmheánaigh (ICE). Chun an tuiscint sin a léiriú, bunaíodh Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEVI)³⁵ chun tacú le líonra luchtaithe náisiúnta EV a sheachadadh agus chun cabhrú tuilleadh le pobail, leis an earnáil phoiblí agus le gnólachtaí leanúint ar aghaidh leis an aistriú chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha. Is é an sprioc náisiúnta go n-aistreo faoi 30% dár bhflít gluaisteáin phríobháideacha go gluaisteáin leictreacha faoi 2030, i gcomhar le sprioc na hÉireann, laghdú 75% a dhéanamh ar astaíochtaí faoin dáta seo, arna éascú trí úsáid mhórsála fuinneamh in-athnuaite chun earnáil chumhachta na hÉireann a dhíchárbónú.

Tá thart ar 25% de fhlít gluaisteán na hÉireann i réigiún Bhaile Átha Cliath agus mar sin tá ról suntasach aige i ndíchárbónú chóras iompair na tíre. D'fhorbair dlr, i gcomhar leis na trí Údarás Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath, Straitéis Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath maidir le Bonneagar Feithiclí Leictreacha (2022-2030)³⁶ chun tacú leis an aistriú chuig Feithiclí Leictreacha. Leagtar amach ann feidhmiú na nÚdarás Áitiúil chun cur chuige comhordaithe a éascú maidir le bonneagar luchtaithe EV a úsáid. Cuireadh tús leis an obair ar chur i bhfeidhm na straitéise agus leanfar leis faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029.

SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Aithníonn dlr go bhfuil coisithe agus rothaithe níos leochailí ar an mbóthar ná tiománaithe agus mar sin, tá siad ag obair le gníomhaireachtaí eile lena n-áirítear an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair chun tionscnaimh sábháilteacht ar bhóithre a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030⁷. Tá dlr ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an Taisce chun an Clár um Bealaí Sábháilte chun na Scoile (SRTS) a sheachadadh. Faoin gclár, cuirfear infreastruchtúr siúlóide agus rothaíochta sábháilte ar fáil sa phobal chun é a dhéanamh éasca do pháistí, do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí siúl, rothaíocht nó dul ar a scútar go sábháilte chun na scoile gach lá.

BONNEAGAR BÓITHRE AGUS DROICHID DLR A DHÉANAMH DÍONTA AR AN AERÁID

Tá dlr ag leanúint ar aghaidh leis an infheistíocht leanúnach i ngréasán bóithre reatha an chontae chun go mbeidh sé ar ardchaighdeán, láidir sábháilte. Leanfar ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil an t-iompar poiblí bótharbhunaithe agus na córais taisteal gníomhach atá ann cheana ar ardchaighdeán, agus go mbeidh seirbhís, inrochtaineacht agus nascacht sábháilte agus ar ardchaighdeán do gach úsáideoir. Tá dlr ag fiosrú teicnící nua dromchla bóthair atá níos inbhuanaithe, ionas go mbeidh níos lú astaíochtaí ann le linn an phróisis tógála.

Is tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann é **Feithiclí Astaíochta Nialasacha Éireann** faoin Roinn Iompair a chomhordaíonn bearta chun tacú le feithiclí astaíochta nialasacha agus le feidhmiú céimneach an bhonneagair pointí luchtaithe chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo spriocanna uaillmhianacha na hÉireann maidir le feithiclí leictreacha sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021.

Tá sé oibiachtúil maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha, cuirtear comhairle ar fáil don earnáil phoiblí agus don earnáil phríobháideach araon agus tugtar faoi rannpháirtíocht shuntasach le páirtithe leasmhara. Oibríonn an Oifig ar fud an rialtais, an tionscail agus na sochaí chun tacú leis an aistriú chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha, agus tarraingítear ar scileanna agus ar thaithí na Roinne Iompair, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, an Údarás Náisiúnta Iompair agus Bonneagar Iompair Éireann.

I measc na bhfeidhmeanna atá aige déantar:

- Tacaíochtaí a chur ar fáil do dhaoine a úsáideann feithiclí astaíochtaí nialasacha;
- Bonneagair a sheachadadh trí mhaoiniú agus treoir bheartais;
- Ceannaireacht straitéise agus bheartais a chur ar fáil, lena n-áirítear cánachas agus rialáil;
- Taighde agus nuálaíocht;
- Cumarsáid agus rannpháirtíocht leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara.





COTHABHÁIL AGUS DEISIÚ BÓITHRE – BÓTHAR NA CARRAIGE

Baineadh triail as cóireáil theirmeaplaisteach nua le haghaidh cothabháil agus deisiú bóithre ag baint úsáid as aonad deisiúchán teirmeach ar an Síneadh Slí Soghluaisteachta Cósta ar Bhóthar na Carraige. Gineann an t-aonad seo teas trí fhuinneamh in-athnuaite a úsáid, trí mheascán de ghás peitríliam leachtach agus painéil ghréine chomhtháite atá tíosach ar fhuinneamh, chun limistéir den charrbhealach atá ag meath a théamh. Déantar an t-ábhar atá ag teip nó ar teipeadh air cheana a mheascadh ansin le 10% d'ábhar nua chun meascán aonchineálach a chruthú agus déantar é a rácáil agus a dhlúthú le rollóir. Ansin, bíonn críoch dheas ar an dromchla, ní bhíonn aon ailt ann agus bíonn an bóthar deisithe. I measc na mbuntáistí aeráide a bhaineann leis an réiteach seo úsáidtear ábhar bóthair atá ann cheana agus ní úsáidtear an t-oiread céanna fuinneamh innealra sa phróiseas.



COMHTHAIRBHÍ DO BHEARTA MAOLAITHE IOMPAIR

- Is féidir le daoine an t-íosmhóladh seachtainiúil maidir le gníomhaíocht choirp a bhaint amach agus iad ag rothaíocht nó ag siúl in ionad turais ghearra a dhéanamh sa charr.
- Scaoileann feithiclí peitрил agus díosail ábhar cáithnínach agus gáis ar nós ocsaídí nítrigine, rud a chuireann go mór le truailliú aeir. Is féidir le rothaíocht, siúl nó iompar poiblí in ionad turais ghluaisteach phríobháideacha cabhrú le feabhas a chur ar chaighdeán aeir réigiún Bhaile Átha Cliath.
- Is féidir le plódú tráchta a bheith ina fhadhb i mbailte agus i sráidbhailte ina bhfuil spás teoranta. Cabhraítear le brú tráchta a mhaolú nuair a bhíonn níos lú carranna ar an mbóthar mar thoradh ar níos mó daoine a bheith ag siúl, ag rothaíocht nó ag úsáid iompar poiblí.
- Is fotháirge eile carranna é truailliú torainn agus is féidir é a laghdú ach rothaíocht nó siúl. Is fuaimeanna iad an truailliú torainn nach dteastaíonn nó a chuireann isteach ar shláinte agus ar fholláine daoine agus ainmhithe. Is fuaimeanna iad bualadh bonnán, reibheáil innill agus sian ó na boinn a chuireann le truailliú torainn. Nasctar an truailliú seo le fadhbanna sláinte éagsúla, lena n-áirítear brú fola ard, strus, imní agus neamhoird chodlata. I dtaca le rothaíocht agus siúl, ní bhíonn aon truailliú torainn ann, rud a d'fhéadfadh cabhrú le caighdeán na beatha a fheabhsú do gach duine i gceantar uirbeach.



Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Príomhroinn (ranna)	Comhpháirtí/Comhpháir tithe a Aithnítear
Taisteal Gníomhach a chur chun cinn sa Chontae le haghaidh Daoine de gach Aois agus Cumas							
T1	Líonra sábháilte taisteal gníomhach a sheachadadh do dhaoine de gach aois agus cumas trí Líonra Rothaíochta Chontae agus Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm Nóta A	Ciliméadair de ghréasán rothaíochta scartha buan	2029	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Comhordú agus éascú	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Bonneagar Réamhphleanála An tÚdarás Náisiúnta Iompair
T2	Taisteal gníomhach a chur chun cinn sa Chontae ag baint úsáid as suíomh gréasáin dlr, na meáin shóisialta agus imeachtaí i láthair go pearsanta amhail Seachtain na Rothar	Líon rannpháirtíochtaí pobail, Líon na gcomhairliúcháin poiblí	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Comhordú agus éascú	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
T3	Tacú leis an scéim iasachta rothair inrochtana	Líon na n-úsáidí a bhaintear as na rothair inrochtana	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Ionadaíocht a dhéanamh	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
T4	Léirmhíniú digiteach agus pearsanta ar an oidhreacht a chur ar fáil ar bhealaí taisteal gníomhach in áiteanna ar leith	Líon na ngnéithe léirmhíniúcheacha	2029	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Cabhair Phobail, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht) Grafaicí/ Dearthóirí
Modhanna Iompair Ísealcharbóin, Sábháilteacht ar Bhóithre agus Inrochtaineacht a leabú inár bPobail							
T5	Clár 'Bealaí Sábháilte chun na Scoile' a chur i bhfeidhm sa chontae Nóta A	Líon na scéimeanna a cuireadh i gcrích	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	An Taisce An tÚdarás Náisiúnta Iompair
T6	Tacú le cur i bhfeidhm Thionscadail Pathfinder na Roinne Iompair Nóta A	Líon na scéimeanna a cuireadh i gcrích	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
T7	Na líonraí luchtaithe EV / ebike / eScooter a leathnú sa Chontae, lena n-áirítear rochtain EV do dhaoine faoi mhíchumas Nóta A	Líon na bpointí luchtaithe sa chontae, úsáid an aonaid (uaireanta)	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	
T8	Spás bóthair a dháileadh chun soláthar a dhéanamh do roghanna malartacha taisteal inbhuanaithe Nóta A	Achar iomlán na n-athdháileadh bóthair (m2)	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Bonneagar Réamhphleanála
T9	Deiseanna a aithint chun tréscailteacht agus nascacht a chur i bhfeidhm sa phróiseas pleanála	Líon na nasc a aithníodh, líon na nasc a ceadaíodh	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Bonneagar Réamhphleanála Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta (Cuan Dhún Laoghaire san áireamh)
T10	An Clár Oilíúna Rothaíochta a sheachadadh i mbunscoileanna	Líon na ndaltaí a fuair oiliúint	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Bonneagar Réamhphleanála Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta (Cuan Dhún Laoghaire san áireamh)



Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Prómhroinn (rana)	Comhpháirtí / Comhpháirtithe Aitheanta
T11	Tacú le hoibreoírí príobháideacha comharscéimeanna rothar agus eScooter an Chontae a fhorbairt	Líon na gceadúnas oibreora a eisíodh	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	
T12	Scéimeanna roinnte carranna a leathnú sa chontae agus béim a leagan ar sholáthar feithiclí leictreacha	Líon na scéimeanna ceadúnaithe	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Comhordú agus éascú	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Bonneagar Réamhphleanála
T13	An líonra páirceáil phoiblí, rothaíochta agus scútair a leathnú chun freastal ar mhodhanna iompair éagsúla Nóta A	Líon na n-áiteanna páirceála atá ar fáil	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	
T14	Fad na dteorainneacha luais 30 km/u laistigh den Chontae a leathnú	Cílíméadar de ghréasán bóithre a bhfuil luasteorainn 30kmph acu a mhéadú	2029	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	
T15	Forbairt iompair phoiblí sa chontae a éascú, agus ag an am céanna ionadaíocht a dhéanamh agus tionchar a mhéadú chun a chinntiú go gcuireann tionscadail den sórt sin comhthairbhí um ghníomhú ar son na haeráide chun cinn agus nach sáraíonn siad critéir ábhartha um chosaint an chomhshaoil ná nach mbíonn siad ina gcúis le héifeachtaí diúltacha suntasacha comhshaoil Nóta A	Méadú céatadán ar líon na n-úsáideoirí iompar poiblí sa chontae	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Bonneagar Réamhphleanála an Údarás Náisiúnta Iompair agus Bonneagar Iompair Éireann Córas Iompair Éireann
T16	Soilse tráchta a thugann tosaíocht do rothair ag acomhail a leathnú	Líon na soilse tráchta a thugann tosaíocht do rothair	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
T17	Líon na dtrasbhealaí rialaithe agus na ndtrasbhealaí séabra a leathnú	Líon na dtrasbhealaí coisithe comharthaithe, líon na dtrasbhealaí séabra	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
T18	Líon na bhfeithiclí agus an innealra i bhflít dlr atá leictreach nó a úsáideann breoslaí in-athnuaite a fhaightear go hinbhuanaithe a mhéadú	Céatadán den fhlít dlr atá leictreach, Céatadán den fhlít dlr a úsáideann breoslaí inathnuaite	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	
T19	Cóireálacha malartacha a chur i bhfeidhm le haghaidh oibríochtaí cothabhála geimhridh agus freagairt go cúí de réir na teorach, na gcleachtas agus na gcaighdeán tionscail is déanaí atá ar fáil d'aon tuar aimsire níos fadtéarmaí a mholann Met Éireann agus córas réamhaisnéise riocht bóthair Vaisala	Saoráid sáile a shuiteáil go maith Céatadán den fhlít cothabhála geimhridh a oibríonn le salann a bhíonn fliuch cheana	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	



Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Príomhroinn (ranna)	Comhpháirtí / Comhpháirtithe Aitheanta
T20	Deiseanna a aithint chun uasghrádú a dhéanamh ar an ngréasán bóithre agus cosáin atá ann cheana féin chun damáiste mar gheall ar theagmhais aimsire a mhaolú agus chun cosáin nua a chur ar fáil	Fad an ghréasáin bóithre atá ann cheana a uasghrádaíodh Fad an chosáin a deisíodh	2024 agus gach bliain ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	
T21	Deiseanna a aithint agus uasghrádú a dhéanamh ar chórais draenála an ghréasáin bóithre atá ann cheana Nóta A	Fad an ghréasáin draenála ar bhóithre atá ann cheana a uasghrádaíodh nó a deisíodh	2029	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	
T22	Clár bliantúil Cigireachta agus Cothabhála Droichead a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus líon na struchtúr droichid ar a ndéantar oibreacha cothabhála a mhéadú gach bliain, ag féachaint go cuí do rialacháin maidir le speicis agus struchtúir chosanta	Líon na ndroichead a ndearnadh cigireacht orthu Líon na ndroichead ar a ndearnadh oibreacha cothabhála nó uasghrádaithe	2029	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	
T23	Iníúchadh a dhéanamh ar úsáid modhanna inbhuanaithe dromchla bóthair a laghdaíonn úsáid amhábhair	Staidéar a dhéanamh ar roghanna éagsúla Líon na dtreoirchlár ar tugadh fúthu	2025	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	

Breithnithe Comhtháite Comhshaoil:

Nóta A	Gníomhartha T1, T5, T6, T7, T8, T13, T21	Féachaint go cuí d'íogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht uisce, bithéagsúlacht, cáilíocht aeir áitiúil láithreáin Eorpacha, agus oidhreacht chultúrtha.
---------------	--	---





Seasmhacht in aghaidh Tuilte




SEASMHACHT IN AGHAIDH TUILTE

Ceann de na héifeachtaí a bhfuiltear ag súil leo ón athrú aeráide, agus príomhcheist oiriúnaithe don athrú aeráide, is ea bainistiú rith chun srutha de réir mar a mhéadaíonn teocht an domhain agus de réir mar a athraíonn patrúin báistí.

Is dócha go mbeidh tionchar nach beag ag teagmhais drochaimsire agus ardú ar leibhéal na farraige mar gheall ar athrú aeráide ar thuilte agus ar bhaol tuile do phobail agus do bhonneagar atá suite feadh aibhneacha agus inbhir. Beidh an cósta a dtarlaíonn a lán creimthe aige i mbaol chomh maith le gnáthóga cósta agus an comhshaol.

Tá baol níos mó tuilte ó bháisteach, aibhneacha agus taoide i gceantair leochaileacha sa chontae mar gheall ar mhinicíocht agus ar fhad teagmhais báisteach throm agus borradh stoirme. Is féidir lena lán báistí agus teagmhais aimsire brú breise a chur ar an ngréasán draenála uirbeach, rud a d'fhéadfadh tuilte a bheith mar thoradh air.

PRÍOMHCHUSPÓIRÍ DLR MAIDIR LE SEASMHACHT IN AGHAIDH TUILTE



Fíor 5.4: Príomhchuspóirí dlr maidir le Seasmhacht in aghaidh Tuilte

CAD É ATÁ I GCEIST LE TUILTE?

Is feiniméan nádúrtha iad na tuilte agus cruthaítear tuile nuair a chlédaíonn uisce sealadach talamh nach mbíonn uisce air de ghnáth. Is próiseas nádúrtha é a d'fhéadfadh tarlú aon am in áiteanna éagsúla.

Is féidir le tuilte sa chontae tarlú ó réimse foinsí, lena n-áirítear:


- Tuilte abhann (ó aibhneacha nó ó shruthanna)
- Tuilte báistiúla (ó theagmhas báisteach throm agus sreabhadh de dhroim talún)
- Tuilte screamhuisce
- Foinsí eile, amhail tóchair bhlocáilte
- Tuilte cósta

Thuar Met Éireann go mbeidh fómhar agus geimhreadh na hÉireann níos fliche, go mbeidh méadú de thart ar 20% ar theagmhais frasaíocht throm, agus go mbeidh an samhradh níos tirime.

Mar sin féin, níltear cinnte fós faoin athrú ar phatrúin frasaíochta in Éirinn, go háirithe go háitiúil agus ar feadh tréimhsí níos giorra (fo-shéasúracha), agus is ábhar taighde leanúnach é sin. Ní hamháin go léirítear an t-athrú aeráide i dtéarmaí na meánteochta, na frasaíochta, srl, ach léirítear i minicíocht agus i ndéine na ndálaí adhaimsire é freisin. Is é an comhdhearcadh i measc cur chuige samhaltaithe éagsúla gur dócha go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht an fhómhair agus an gheimhridh mar gheall ar adhaimsir báistí.

De bhrí gur oileán í Éire, d'fhéadfadh méadú ar líon na stoirmeacha diana thar an Atlantach Thuaidh tionchar díreach a bheith aige ar bhorradh stoirme, cé go bhfuil éiginnteacht fós ann faoi thionchar borradh stoirme. D'fhéadfadh baol tuilte a bheith mar thoradh ar chreimeadh cósta, agus tiocfaidh méadú ar rátaí creimthe amach anseo de réir mar a ardóidh leibhéal na farraige.


Ardú ar mheán-teocht suas go **1.7°C** faoi **2050** ar fud na hÉireann



Stoirmeach níos déine tuartha d'Éirinn



GEIMHRÍ NÍOS FLICHE
MÉADÚ **20%**
i bhfrasaíocht
SAMHRAÍ NÍOS TIRIME



Fíor 5.5 Rioscaí athraithe tuile reatha agus amach anseo¹³



OIRIÚNÚ LE HAGHAIDH TEAGMHAIS MHÉADAITHE TUILTE (COSAINN AR THUILTE, MONATÓIREACHT, FREAGAIRT AR THUILTE)

Aithníonn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr) na seansanna méadaithe tuile agus a éifeachtaí ar an gContae, agus tá sí ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW), le Córas Iompair Éireann (CIÉ) agus le hUisce Éireann chun tionscadail agus cláir a chur i bhfeidhm atá ag teacht le Treoir maidir le Tuilte an Aontais Eorpaigh³⁸ agus leis an gCreat-treoir Uisce³⁹. Tugadh faoi mheasúnuithe straitéiseacha ar riosca tuilte. Tá réitigh nádúrthúil amhail bogaigh chomhtháite, bonneagar glas, agus Córais Inbhuanaithe um Dhraenáil Uirbeach (SuDS) á n-úsáid chun seasmhacht in aghaidh tuilte a bhaint amach. I measc na n-oibreacha is suntasaí atá á gcur i gcrích ag dlr ina leith seo tá na scéimeanna cosanta tuilte i nGráinseach an Déin, sa Dothra, i mBaile Uí Lachnáin, agus i gCarraig Mhaighin / Seangánach.

Úsáideann dlr mapáil chuimsitheach ar riosca tuilte chun ceantair atá i mbaol tuile a oiriúnú. Tá comhoibriú ar siúl ar fud ranna dlr chun a chinntiú go ndéantar measúnú ar gach réiteach le haghaidh roghanna a d'fhéadfadh cur le hacmhainn na bithéagsúlachta agus an áineasa.

Tugtar tús áite do chosaintí nádúrthúil ar thuilte nuair is féidir. Mar sin féin, tá ceantair áirithe sa chontae nach bhfuil oiriúnach do réitigh bhoga, ar nós codanna d'Abhainn Bhaile Uí Lachnáin. Sna cásanna sin, tá cosaintí fisiciúla ar thuilte á dtógáil chun dul i ngleic le rioscaí ar thuilte atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Chomh maith leis na hoibreacha a rinneadh, déantar riosca ar thuilte a mheas ag gach céim den phróiseas pleanála le haghaidh úsáid talún agus déantar é a bhainistiú ar bhealach cúramach ó thaobh an chomhshaoil de trí bheartais shonracha ar thuilte i bPlean Forbartha an Chontae 2022-2028¹⁸.

GLASÚ UIRBEACH / BAINISTIÚ UISCE DROMCHLA BUNAITHE AR AN DÚLRA A CHUR I BHFEIDHM SA CHONTAE.

Chomh maith leis na scéimeanna mórsála um chosaint ar thuilte, tá bearta á dtabhairt isteach ag dlr a chabhróidh le tionchar an athraithe aeráide ar aibhneacha agus ar chórais draenála a laghdú, mar shampla réitigh nádúrthúil a úsáid sna scéimeanna taisteal gníomhach. (Féach Cás-Staidéar ar an Síneadh Slí Soghluaiстеachta Cósta (go teorainn DCC)). Tá go leor comhthairbhí ag baint leis na hoiriúnuithe beaga seo, lena n-áirítear feabhsuithe ar an réimse poiblí, bithéagsúlacht a bhainistiú agus a fheabhsú agus cáilíocht agus bainistiú uisce a fheabhsú.

Tá Straitéis um Bonneagar Glas ag dlr⁴⁰ a sholáthraíonn ceannaireacht shuntasach beartais agus a mbíonn tionchar aige ar fhoirm forbartha nua agus ar chothabháil sócmhainní glasa. Mar shampla, ní mór d'aon fhorbairtí amach anseo bearta a bheith ann atá oiriúnach do scála na forbartha, amhail díonta glasa, limistéir chun uisce a choinneáil, pábháil thréscailteach agus clais reatha bainte uisce báistí a laghdaíonn sreafaí uisce chuig an gcóras draenála poiblí agus a mhéadaíonn acmhainneacht insíothlathaithe áitiúil agus a fhéachann go cuí le haghaidh leochaileacht screamhuisce.



Córas stórála tuilte Pháirc Chill Bheagóige

CAD É ATÁ I GCEIST LE SUDS?

I gceantair uirbeacha, tá go leor dromchlaí neamh-thréscailteacha ann amhail bóithre agus cosáin nach ligean d'uisce draenáil go nádúrtha tríd an talamh. D'fhonn é sin a bhainistiú, tá córais draenála forbartha againn a úsáideann píopaí agus séaraigh chun uisce a atreorú. Agus geimhreadh níos fliche agus báisteach níos minice in Éirinn mar thoradh ar an athrú aeráide, ní thiocfaidh ach méadú ar an leibhéal uisce dromchla. D'fhéadfadh an iomarca uisce a bheith ann le haghaidh modhanna draenála traidisiúnta agus méadóidh éifeachtaí tuilte. Is gné amháin de réiteach na faidhbe seo iad na córais inbhuanaithe um dhraenáil uirbeach (SuDS).

Úsáideann SuDS gnéithe agus próisis nádúrtha agus é mar aidhm aige timthriall an uisce nádúrtha a athchruthú trí ligean do phlandaí agus d'ithir uisce báistí a ionsú go nádúrtha. Déanann SuDS uisce a choinneáil, an brú ar chórais draenála traidisiúnta a laghdú agus truaileáin a ionsú a d'fhéadfadh dul isteach in aibhneacha, sruthanna agus aigéin.

SÍNEADH AR AN MBEALACH SOGHLUAISTEACHTA CÓSTA (GO TEORAINN CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH)

In 2023, chuir dlr síneadh leis an mBealach Soghluaisteachta Cósta ar Bhóthar na Carraige ar an gCarraige Dhubh. Áirítear roinnt beart um ghníomhú ar son na haeráide sa tionscadal seo. Cuirtear san áireamh gairdín báistí lárnach a chuireann moill ar rith chun srutha sa chóras draenála uisce dromchla le linn tréimhsí báisteach throm. Cuireadh plandaí luibheacha ilbhliantúla atá neamhdhíobhálach do phailneoirí freisin agus ceithre chrann *Alnus x spaethii* (Spaeth's Alder). Tá na crainn sin oiriúnach do thaobh an bhóthair agus don chósta de bhrí go dtagann siad slán ó thuilte agus is féidir leo triomach agus truilliú uirbeach a sheasamh.



BEARTA COSANTA CÓSTA AR TUGADH FÚTHU CHUN OIRIÚNÚ DON ATHRÚ AERÁIDE

D'aithin dlr limistéir feadh an chósta inar dócha go mbeidh na rioscaí is airde a bhaineann le bearta cosanta cósta. Ní éireoidh na rioscaí sin níos measa ach amháin mar thoradh ar éifeachtaí an athraithe aeráide mar atá sonraithe sa Mheasúnú Riosca ar Athrú Aeráide.

Tá céimeanna á nglacadh ag dlr chun an cósta a chosaint agus tá gníomhartha eile a thacaíonn leis an obair seo le fáil sa Phlean seo. (Féach Cás-Staidéar ar Chosaint Chósta Líonadh Talún Bhré).

Ina theannta sin, beidh dlr i dteagmháil le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) maidir lena Clár Píolótach um Monatóireacht ar an gCósta de bhrí go mbaineann sé leis an gcósta sa chontae.


Is é aidhm an chlár píolótaigh measúnú a dhéanamh ar chreimeadh cósta, ar athruithe eile ar chósta na hÉireann agus ar fheidhmíocht an bhonneagair chosanta chósta atá ann cheana féin. Cabhróidh an staidéar sin le heolas a dhéanamh do chinntí maidir le bonneagar nua cosanta cósta a sholáthar.

Nuair a bheidh an clár píolótach curtha i gcrích, beidh dlr páirteach i gclár náisiúnta níos leithne. Déanfaidh an clár sin eolas do na cinntí amach anseo maidir le bearta bainistithe agus cosanta cósta sa chontae.



COSAINN CHÓSTA LÍONADH TALÚN BHRÉ

Tá an obair ar Thionscadal Cosanta Cósta Líonadh Talún Bhré beagnach críochnaithe. Críochnaíodh an obair ar armúr carraige ar aghaidh na talún in aice láimhe agus tá armúr carraige á chur ar aghaidh an líonadh talún faoi láthair. Ina theannta sin, cuireadh tús leis an obair ar an dúshraith le haghaidh na gcosán rochtana thuaidh / theas. Nuair a bheidh an obair críochnaithe cosnófar an chuid seo den chósta ó aon chreimeadh cósta eile.



COTHABHÁIL FHEABHSAITHE AR UISCE STOIRME, UISCE DROMCHLA AGUS LÍONRAÍ SILTEÁN BÓTHAIR.

Déanann dlr cothabháil ar na córais draenála a bhainistíonn uisce stoirme agus rith uisce dromchla de réir mar is gá. Chun a chinntiú go leanfaidh na córais draenála orthu ag feidhmiú de réir mar is gá, déanfar plean cuimsitheach cothabháil draenála a dhearadh, a athbheithniú agus a fheabhsú chun úsáid aon réitigh theicneolaíochta atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh.

COMHTHAIRBHÍ LE HAGHAIDH OIRIÚNÚ COSANTA TUILTE

- Is féidir le Locháin Stórála agus Maolaithe Tuilte a bheith ina gcoirlár i spásanna oscailte agus feidhmeanna breise gnáthóige, áineasa agus aeistéitiúla a bheith leo ag an am céanna.
- Is minic a bhíonn fásra imeallach i mbogaigh a chuireann gnáthóg nádúrtha ar fáil i gceantair uirbeacha. Nuair a bhíonn an fásra imeallach sin ann, cuirtear foscadh nádúrtha breise ar fáil. Déanann siad dríodar agus truilleáin a scagadh ó uisce dromchla a ritheann chun srutha, ó cheantair phábháilte agus ó sceitheadh áitiúil go draenacha uisce dromchla.
- Soláthraíonn scéimeanna curtha plandaí a bhíonn ar fud forbairtí scáthú, príobháideacht agus dromchlaí neamhscagtha chun ráta agus toirt uisce dromchla a laghdú. Déanann siad scagadh freisin ar thruilleáin uirbeacha agus ar dhríodar agus cuirtear deiseanna ar fáil chun bithéagsúlacht a mhéadú.
- Is féidir le Scéimeanna um Chosaint ar Thuilte agus um Chosaint Cósta deiseanna a chur ar fáil do shochair bhreise phobail ó thaobh bealaí coisithe agus rothaíochta de.



Seasmhacht in aghaidh Tuilte

Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Príomhroinn (ranna)	Comhpháirtí / Comhpháirtithe Aitheanta
Oiriúnú le haghaidh Teagmhais Mhéadaithe Tuilte (Cosaint ar Thuilte, Monatóireacht, Freagairt ar Thuilte)							
F1	Scéimeanna Maolaithe Tuilte a chur chun cinn sa chontae i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) Nóta A	Scéimeanna reatha a sheachadadh, tuairisciú don OPW, Cuid 8 agus Cuid 10 do na hIarratais Phleanála a chur i gcrích	Éagsúil	Oiriúnú	/ Comhordú agus éascú	Airgeadas agus Seirbhísí Uisce	Oifig na nOibreacha Poiblí Ilrannach
F2	Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar phleananna Mórphreagartha Bainistithe Éigeandála, ar bheartais dlr nó ar nósanna imeachta ábhartha i gcomhréir le reachtaíocht agus rialachán náisiúnta maidir le hoiriúnú um athrú aeráide agus bainistiú tuilte	Athbhreithniú ar Mhórhleananna um Fhreagairt Éigeandála, beartais dlr, nó nósanna imeachta ábhartha leis an reachtaíocht náisiúnta	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Airgeadas agus Seirbhísí Uisce	An Fhoireann um Fhreagairt Éigeandála Ilrannach
F3	Leanúint ar aghaidh leis an 'Leathnú ar Bhunachar Sonraí an Chórais Faisnéise Geografaí Uisce Dromchla' (Suirbhéireacht, Mapáil & Cothabháil)	Líon na n-eastát nua agus na dtionscadal tógála bóithre a cuireadh leis an mBunachar Sonraí Uisce Dromchla	2024 Rianú/ tuairisciú bliantúil ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Airgeadas agus Seirbhísí Uisce	
F4	A chinntiú go ndéantar taifeadadh ar theagmhais tuilte (báistiúil agus abhann) agus mórtheagmhais aeráide, ag baint úsáid as córas bunaithe ar Chórais Faisnéise Geografaí (GIS), ionas go mbeidh suíomhanna, tionchair, acmhainní freagartha, costais srl., comhsheasmhach chun forbairt beart oiriúnaithe aeráide a éascú	Cur i bhfeidhm iomlán WIRE APP do gach Innealtóir dlr, cigirí agus baill foirne eile a bhfuil suim acu ann. Líon na n-úsáideoirí; Líon na dTuarascálacha	2024 Athbhreithniú bliantúil tuairiscithe ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Airgeadas agus Seirbhísí Uisce	Ilrannach
F5	Nuashonrú bliantúil a dhéanamh ar na rioscaí ar thuile do na seirbhísí a sholáthraíonn dlr	Athbhreithniú bliantúil riosca	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Ilrannach
F6	Teagmháil a dhéanamh le hÚdarás Áitiúla agus le heagraíochtaí ábhartha eile maidir le saincheisteanna réigiúnacha bainistithe tuile agus tacú le cur i bhfeidhm na gcórais réamhaisnéise tuile	Líon na gCruinnithe	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Airgeadas agus Seirbhísí Uisce	Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht) Údarás Áitiúla Chomharsanachta
F7	Mionscéimeanna oibreacha a aithint agus a chur chun cinn chun fadhbanna tuilte a tharlaíonn arís is arís eile a réiteach, nuair is féidir, agus a chinntiú go ndéantar na scéimeanna a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun Córais Inbhuanaithe um Dhraenáil Uirbeach (SuDS) / réitigh nádúrghunaithe/ cosaint na bithéagsúlachta a chur san áireamh agus ilroinnt gnáthóg a sheachaint	Líon na scéimeanna ar tugadh fúthu	Atá ag brath ar líon na scéimeanna a aithníodh	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán / Comhordú agus éascú	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Airgeadas agus Seirbhísí Uisce



Seasmhacht in aghaidh Tuilte



Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Príomhroinn (ranna)	Comhpháirtí / Comhpháirtithe Aitheanta
Glasú Uirbeach / Bainsitiú Uisce Dromchla bunaithe ar an Dúlra a chur i bhfeidhm sa Chontae.							
F8	Conairí bruachánacha a fhorbairt, a chosaint agus a chaomhnú, i gcomhréir le Plean Forbartha an Chontae 2022-2028 agus a atriallta amach anseo	Líon na n-iarratas pleanála a cheadaítear i gcrios tuile A (ba chóir gur 0 atá ann) agus crios tuile B, líon na n-iarratas pleanála a cheadaítear sna conairí bruachánacha, méadair líneacha de chonairí bruachánacha a bhfuil plandaí dúchasacha uirthi	2024 Rianú / tuairisciú bliantúil ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta (Cuan Dhún Laoghaire san áireamh)	Airgeadas agus Seirbhísí Uisce Bonneagar Réamhphleanála Úinéirí Talún Príobháideacha
F9	A chinntiú go gcuirtear deiseanna ar ghlasú uirbeach i bhfeidhm i dtionscadail chaipitil dlr, lena n-áirítear tógáil agus iarfheistiú nua	Glasú uirbeach i bhfoirgnimh / forbairtí nua dlr	2024 Rianú / tuairisciú bliantúil ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán / Comhordú agus éascú	Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta (Cuan Dhún Laoghaire san áireamh)	Bonneagar Réamhphleanála na nAiltirí
F10	A chinntiú go bhfuil tograí maidir le glasú uirbeach mar chuid de Phleananna nua an Cheantair Áitiúil	Pleananna an Limistéir Áitiúil a bhfuil bearta ar ghlasú uirbeach leis	2024 Rianú / tuairisciú bliantúil ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta (Cuan Dhún Laoghaire san áireamh)	
F11	A chinntiú go bhfuil glasú uirbeach mar chuid d'fhorbairtí suntasacha agus é ina ghné bhunúsach de dheardh an láithreáin agus na bhfoirgneamh	Líon na bhforbairtí suntasacha ar tugadh togra maidir le glasú uirbeach dóibh	2024 Rianú / tuairisciú bliantúil ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán / Comhordú agus éascú	Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta (Cuan Dhún Laoghaire san áireamh)	Bonneagar Réamhphleanála Úinéirí Talún Príobháideacha
F12	Plean cothabhála a fhorbairt do shócmhainní SuDS a bhfuil dlr i gceannas orthu, agus a chinntiú go leanann siad ar aghaidh; a chinntiú go gclúdaíonn an plean réitigh nádúrghunaithe/ cosaint na bithéagsúlachta agus go ndéantar ilroinnt gnáthóg a sheachaint	Plean cothabhála forbartha agus curtha i bhfeidhm	2024 Rianú / tuairisciú bliantúil ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Airgeadas agus Seirbhísí Uisce	
Cothabháil Fheabhsaithe ar Uisce Stoirme, Uisce Dromchla agus Líonraí Silteán Bóthair.							
F13	Athbhreithniú a dhéanamh ar cheamaraí monatóireachta scáileáin le linn tuilte (deisiú agus suiteáil de réir mar is gá)	Líon na dtuilte a ndearnadh monatóireacht orthu, líon na gceamaraí a deisíodh agus a cuireadh ina n-ionad	2024 Rianú / tuairisciú bliantúil ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Airgeadas agus Seirbhísí Uisce	
F14	Feabhas a chur ar an bplean cothabhála don líonra uisce stoirme agus uisce dromchla, leis an nasc chuig réamhaisnéis tuilte agus sonraí suíomhanna aitheanta a bhfuil fadhbanna acu a chur leis	Plean cothabhála forbartha agus curtha i bhfeidhm	2024 Rianú / tuairisciú bliantúil ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Airgeadas agus Seirbhísí Uisce	
F15	Athbhreithniú a dhéanamh ar phlean cothabhála silteán agus oibríochtaí le haghaidh feabhsúcháin, agus smaoineamh ar shuíomhanna a mbíonn fadhb tuilte acu arís is arís agus deiseanna teicneolaíocht chliste	Athbhreithnithe ar an bplean cothabhála	2024 Rianú / tuairisciú bliantúil ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	



Seasmhacht in aghaidh Tuilte

Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Príomhroinn (ranna)	Comhpháirtí / Comhpháirtithe Aitheanta
A chinntiú go dtugtar faoi Bhearta um Chosaint an Chósta chun dul in oiriúint don Athrú Aeráide.							
F16	Príomhlochanna agus bogaigh a chothabháil, áiseanna stórála tuile atá ann cheana féin chun acmhainn stórála a chothabháil le linn drochaimsire Nóta B	An méid stórála atá ar fáil	2024 Rianú / tuairisciú bliantúil ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Cabhair Phobail, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Airgeadas agus Seirbhísí Uisce
F17	Tuarascáil na Straitéise um Chosaint Chósta a thabhairt cothrom le dáta chun comhairle a chur ar bhearta cosanta amach anseo agus é a chur chun feidhme de réir mar is gá; ag féachaint go cuí le haghaidh íogaireachtaí comhshaoil amhail láithreáin Eorpacha agus an bhithéagsúlacht	Tuarascáil nuashonraithe, líon na mbearta a cuireadh i bhfeidhm	Tuarascáil nuashonraithe in 2024, Bearta a cuireadh i bhfeidhm agus a ndearnadh tuairisciú bliantúil orthu ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Cabhair Phobail, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna
F18	Clár monatóireachta an chósta a chur chun feidhme	Clár faireacháin curtha i bhfeidhm agus tuairisciú déanta Líon na bpointí faireacháin cósta	Clár i bhfeidhm in 2024 Tuiriscítear go bliantúil ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Cabhair Phobail, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna
F19	Oibriú le Córas Iompair Éireann (CIÉ) ar bhearta cosanta cósta; ag féachaint go cuí le haghaidh íogaireachtaí comhshaoil amhail seandálaíocht, láithreáin Eorpacha, an bhithéagsúlacht agus luach taitneamhachta	Líon na gcruinnithe ábhartha	2024 Rianú / tuairisciú bliantúil ina dhiaidh sin	Oiriúnú	/ Comhordú agus éascú	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	CIÉ
F20	Plean le haghaidh Bainistíú Creasa Cósta Comhtháite a fhorbairt, a thacaíonn le cosaint agus feabhsú cuí na timpeallachta cósta	Plean forbartha agus curtha i bhfeidhm	Forbraíodh an plean in 2024, cuireadh i bhfeidhm é agus rinneadh tuairisciú air go bliantúil ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Ilrannach	
F21	'Straitéis Caomhnaithe agus Taighde an Bhithsféir 2022 – 2026' a chur i bhfeidhm laistigh den chontae	Plean forbartha agus curtha i bhfeidhm	2024 Rianú / tuairisciú bliantúil ina dhiaidh sin	Oiriúnú	/ Comhordú agus éascú	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Oifigigh Bhithsféir Chuan Bhaile Átha Cliath
F22	Páirt a ghlacadh agus cabhrú le Tionscadal SCORE an Aontais Eorpaigh agus Dún Laoghaire a úsáid mar 'Shaotharlann ar an gCósta' agus úsáid a bhaint as réiteach comhtháite de theicneolaíochtaí cliste agus réitigh nádúrghnaithe	Líon na rannpháirtíochta / cruinnithe ábhartha	2024	Oiriúnú	/ Comhordú agus éascú	Gnóthaí Corparáideacha (lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna)	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)
A chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní cosanta tuile sa Chontae.							
F23	Plean bainistithe acmhainní a fhorbairt lena chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní i bhfeidhm chun na gníomhartha sa téama seo a chur i gcrích	Plean forbartha agus curtha i bhfeidhm	2024	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Gnóthaí Corparáideacha (lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna)	
F24	Teimpléad a fhorbairt chun tionchair, freagairt agus costais a aithint (lena n-áirítear seirbhísí / costais chaipitil nádúrtha) do gach mórtheagmhas aeráide	Plean forbartha agus curtha i bhfeidhm	2024	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	



Seasmhacht in aghaidh Tuilte

Breithnithe Comhtháite Comhshaoil:

Nóta A	Gníomh F1	An gá a aithint atá le réitigh nádúrghunaithe agus Córais Draenála Inbhuanaithe a chur chun cinn, chomh maith le hógairachtaí comhshaoil ag na láithreacha sin, lena n-áirítear cáilíocht uisce, an bhithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, conairí bruachánacha agus éiceolaíocht uisceach, taitneamhacht amhairc agus luach áineasa agus taitneamhachta.
Nóta B	Gníomh F16	An gá a aithint atá le gnáthóga agus speicis thábhachtacha agus láithreáin Eorpacha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú go hiomchuí, agus tacú le cothabháil agus feabhsú cháilíocht an uisce i gcomhréir le haidhmeanna na Creat-treorach Uisce.





Réitigh Nádúrbhunaithe



RÉITIGH NÁDÚRBHUNAITHE


Is réitigh atá éifeachtach ó thaobh costais de agus inoiriúnaithe iad réitigh nádúrbhunaithe a oibríonn leis an dúlra chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochoáíocha éagsúla, rud a bhíonn tairbheach do dhaoine agus don bhitheagsúlacht araon⁴¹. Is féidir le réitigh nádúrbhunaithe cabhrú muid a chosaint ar éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide agus, ag an am céanna, téamh breise a mhoilliú, tacú leis an mbitheagsúlacht, cáilíocht an aeir agus an uisce a fheabhsú agus teacht aniar i gcoinne tuilte a mhéadú. Is iomaí cineál réitigh nádúrbhunaithe atá ann; idir chrainn uirbeacha a chuireann carbón atmaisféarach ar maos agus a sholáthraíonn gnáthóga don fhiadhúlra, agus dearadh agus cur i bhfeidhm córas inbhuanaithe um dhraenáil uirbeach (SuDS) chun riosca ar thuilte a laghdú agus cáilíocht an uisce a fheabhsú.

Is dea-rud féideartha é réitigh nádúrbhunaithe a úsáid inár bpobail ó cheann ceann na tíre – is dea-rud é don chaighdeán aeir agus uisce, an aeráid, an bhitheagsúlacht agus do dhaoine.

D’fhonn é sin a bhaint amach caithfear athrú a dhéanamh ar an gcaoi a smaoinimid ar dhearadh, seachadadh agus úsáid ár dtimpeallachta tógtha.

Aithníonn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr) an ról atá aici maidir le bithéagsúlacht shaibhir an Chontae agus na seirbhísí éiceachórais a sholáthraíonn a oidhreacht nádúrtha a chosaint agus tá sé mar aidhm aici ár n-oidhreacht nádúrtha a chosaint do na glúnta atá le teacht. Leanfaidh dlr air ag cur réitigh dhea-dheartha bunaithe ar an dúlra a i bhfeidhm chun seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais a chaomhnú agus a fheabhsú ar fud an Chontae. Cinnteoidh dlr freisin go ndéanfar measúnú comhshaoil agus measúnú cuí ar na pleananna agus na beartais a fhorbraíonn agus a chuireann sé i bhfeidhm ionas go mbeidh siad ag teacht leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht⁴² agus le príomhthreoracha an AE.

Príomhchuspóirí dlr maidir le Réitigh Nádúrbhunaithe



Fíor 5.6: Príomhchuspóirí dlr maidir le Réitigh Nádúrbhunaithe

ÉIFEACHTAÍ AN ATHRAITHE AERÁIDE AR BHITHÉAGSÚLACHT AN CHONTAE A MHAOLÚ

BONNEAGAR GLAS

Sainmhíonann an tAontas Eorpach an bonneagar glas mar 'líonra de limistéir nádúrtha agus leathnádúrtha atá pleanáilte go straitéiseach le gnéithe comhshaoil eile, a dheantar agus a bhainistítear chun réimse leathan seirbhísí éiceachórais a sholáthar'⁴³. Áirítear leis an mBonneagar Glas spásanna glasa amhail páirceanna, coillearnacha, gairdíní agus reiligí, chomh maith le gnéithe glasaithe uirbeacha ar nós crainn sráide, SuDS, ballaí maireachtála agus díonta glasa.

Soláthraíonn bonneagar glas an iliomad tairbhí idir chálíocht aeir níos fearr, bhainistiú uisce báistí, spásanna áineasa feabhsaithe agus deiseanna turasóireachta. Bíonn ról ríthábhachtach ag ballaí a bhfuil fásra orthu, díonta glasa agus páircíní ar chaomhnú agus feabhsú na bithéagsúlachta i gceantair uirbeacha de bhrí go gcuirtear gnáthóga ar fáil do réimse leathan speiceas. Cabhraíonn crainn sna páirceanna agus sna spásanna oscailte le maolú i gcoinne athrú aeráide trí dhé-ocsaíd charbóin a ionsú agus iarmhairt teasoileáin uirbigh a bhaineann le limistéir thógtha a laghdú. Is féidir le córais inbhuanaithe um dhraenáil uirbeach (SuDS) tacú le timthriall an uisce nádúrtha trí ligean d'fhásra agus do phlandaí uisce báistí a ionsú ag rátaí níos nádúrtha agus an brú ar chórais draenála traidisiúnta a mhaolú agus truailiú

ár ndobharlaigh a chosc. Ina theannta sin, cuireann an líonra páirceanna agus spásanna oscailte sláinte agus folláine chun cinn agus cuirtear áiseanna áineasa ar fáil a mbainfidh an pobal agus cuairteoirí an chontae sult astu.

Tá níos mó i gceist le bonneagar glas ná tuilleadh plandaí a chur. Baineann sé le tuiscint a fháil ar ról an dúlra maidir le tacú leis an mbeatha agus áiteanna a chruthú ina mairfidh daoine, plandaí agus ainmhithe. Baineann an phleanáil chun bonneagar glas a chuimsiú sa timpeallacht uirbeach le spásanna glasa a chomhtháthú i ndearadh uirbeach agus breithniú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le bonneagar, amhail bóithre agus foirgnimh a bheith i bpáirt leis an dúlra.

Aithníonn dlr gur cuid ríthábhachtach é an bonneagar glas chun pobail athléimneacha a fhorbairt, atá in ann oiriúnú d'iarmhairtí an athraithe aeráide. Tá dlr ag obair chun sócmhainní bonneagar glas atá ann cheana féin a chosaint agus a fheabhsú agus chun líonra bonneagar glas ar fud an chontae a fhorbairt chun caomhnú agus feabhsú na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras a chinntiú. Leanfaidh dlr ar aghaidh ag bainistiú páirceanna agus spásanna oscailte poiblí ar bhealach inbhuanaithe chun a chinntiú gur féidir leis na glúnta atá le teacht tairbhe a bhaint as na taitneamhachtaí seo ó thaobh áineasa, sláinte agus folláine de.

CAS-STAIDÉAR

GLASÚ CHEARNÓG MYRTLE AGUS LÁNA AN CHLOCHAIR

Is é aidhm an tionscadail, Glasú Chearnóg Myrtle agus Lána an Chlochair, tionchar fiúntach a bheith aige chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin aeráide atá roimh dhaoine go háitiúil agus an dúlra a chur ina chroílár agus réitigh nádúrthunaithe a úsáid nuair is féidir. Beidh Cearnóg Myrtle ina eiseamláir de ghlású agus an nádúr i suíomh uirbeach agus léireoidh sé conas a chabhróidh timpeallacht ghlas den sórt sin le stíl mhaireachtála shláintiúil, thaitneamhach agus inmhianaithe. Athróidh an tionscadal an sráid-dreach, déanfar glású agus maolú ar phríomhláithreacha, rud a thabharfaidh tús áite do choisithe in áit carranna, spreagar an bhithéagsúlacht agus cruthófar spás cathartha nua chun scíth a ligean, súgradh agus imeachtaí pobail a dhéanamh i lár Bhaile Dhún Laoghaire.

Cuirfidh an Tionscadal réitigh nádúrthunaithe i bhfeidhm trí cheannbhrat na gcrann uirbeach a leathnú, bonneagar glas a úsáid agus draenáil uirbeach inbhuanaithe a mhéadú. Tá na gníomhartha seo ríthábhachtach chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus a oiriúnú go háitiúil agus cabhróidh siad le tuilte agus creimeadh a chosc, teochtaí rialáil, carbón a ionsú agus truailleáin a scagadh ón aer. Ní hamháin go méadófar bonneagar glas i dtimpeallacht dhlúth-fhoirgnithe trí ghlású agus réimse áiseanna ach cuirfear luach leis freisin trí thaitneamhachtaí áineasa a mhéadú don phobal áitiúil agus do chuirteoirí an chontae.



COSAINT AGUS CAOMHNÚ

Tá réimse gnáthóg nádúrtha sa chontae, chomh maith le speicis chosanta agus neamhchoitianta, laistigh agus lasmuigh de láithreáin chosanta ainmnithe. Is dúshlán é cabhrú leis na gnáthóga agus na speicis sin dul in oiriúint don athrú aeráide. Bíonn tionchar ag riocht na ngnáthóg agus na speiceas nádúrtha seo ar an gcaoi ar féidir leo seirbhísí éiceachórais a chur ar fáil, lena n-áirítear tionchair an athraithe aeráide a laghdú. Rachaidh sé chun tairbhe go leor plandaí agus ainmhithe nuair a dhéanfar éiceachórais amhail bogaigh, coillearnacha agus limistéir mhuirí a chosaint agus a athbhunú. Is féidir leis na gnáthóga seo carbón a leithlisiú, uisce tuile a ionsú agus cáilíocht an uisce a fheabhsú. Tá ról acu freisin i rialáil teochta.

Trí ghníomhaíochtaí oiriúnaithe agus maolaithe aeráide a chur i bhfeidhm sa Phlean seo, le tacaíocht ó bheartais agus ó phleananna éagsúla (Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht dlr 2021-2025, Plean Gníomhaíochta um Speicis Choimhthíocha Ionracha dlr, Plean Uile-Éireann um Pailneoirí), tá dlr ag obair chun athléimneacht an chontae a fheabhsú. Ina theannta sin, is é aidhm dlr an acmhainneacht leithlisithe carbóin laistigh den chontae a mhéadú agus éiceachórais luachmhara a chosaint agus a fheabhsú, rud a rachaidh chun tairbhe don bhithéagsúlacht agus do shláinte agus folláine na bpobal.

CÁS-STAIDÉAR

TIONSCADAL ÁITIÚIL SÍOLTA

Tá tionscadal bainte síolta dlr mar chuid de thionscadail bhithéagsúlachta leanúnacha dlr le haghaidh pailneoirí agus faightear tacaíocht ó Roinn na bPáirceanna Poiblí chun gníomhartha Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht 2021-2025 dlr a chur i bhfeidhm.

Baintear an fómhar i gcuid de mhóinéir pháirceanna dlr i mí Iúil agus i mí Lúnasa nuair a leagann na móinéir síol. Tá sé tábhachtach gan na síolta go léir a bhaint agus ligean do chéatadán maith de na síolta titim go talamh chun na móinéir atá ann cheana féin a chothabháil. Déantar an síol a thriomú, a ghlanadh agus a shórtáil ansin agus stóráiltear é lena úsáid ar thionscadail dlr áitiúla eile ionas gur féidir síol áitiúil a úsáid nuair atá na coinníollacha go maith don síol. Is tionscadal comhlántach é an tionscadal seo, i ndiaidh an tionscadail Slow to Mow a spreagann laghdú ar lomadh spásanna glasa chun ligean don síol atá san ithir teacht tríd go nádúrtha, bláthú agus síol a chur. Tá méadú tagtha ar líon na magairlíní atá in áiteanna inar laghdaíodh an lomadh.

Tá dlr ag obair freisin le forbróirí agus lena gcomhairleoirí chun athúsáid ithreacha áitiúla a spreagadh ar láithreáin forbartha agus chun síol a bhailiú freisin nuair is féidir é sin a dhéanamh nó mura féidir, chun limistéir fhiáine a chruthú ó ithir áitiúil ag baint úsáid as an gcóras bainistithe dlr Slow to Mow seachas ithir a shíolú le síol bláthanna fíáine ó phaicead nó síol tráchtála a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar fhlóra áitiúil. Sábháiltear astaíochtaí carbóin freisin de bhrí go lomtar an féar níos lú uaireanta, coinnítear cré ar an láthair agus baintear níos lú úsáid as síolta allmhairithe sa chontae.




RÉITITHE EISEAMLÁIREACHA BUNAITHE AR AN DÚLRA I GCOILL NA SILÍNÍ

Cuirfidh Crios Forbartha Straitéisí Choill na Silíní (SDZ), nuair a bheidh siad tógtha go hiomlán, thart ar 10,500 teach nua ar fáil, agus aonaid tithíocht shóisialta 10% ar a laghad. Freastalóidh sé ar dhaonra thart ar 26,000. Beidh baile nua ilchineálach i gCoill na Silíní agus 3 ionad níos lú sa sráidbhaile chomh maith le comharsanachtaí cónaithe.



Bainfidh Coill na Silíní, atá neadaithe idir dhá phríomhbhealach iompair an N11 agus an M50, tairbhe as níos mó ná 60 heicteár de spás áineasa agus glas nádúrtha lena n-áirítear na limistéir pháirce a osclaíodh le déanaí i bPáirc na Tulaí, Páirc Ticknick agus Páirc Bheicéid. Tógadh an ceantar de réir mhúnla na comharsanachta sa mhéid is go bhfuil sé idirnasctha go hiomlán le gréasán cuimsitheach siúlbealaí do choisithe agus do rotharbhealaí. Freastalóidh naisc iompair níos fearr air, lena n-áirítear seirbhís bus feabhsaithe, cúig stad Luas agus glasbhealaí do choisithe agus do rothaithe. Ina theannta sin, beidh dhá mheánscoil, ceithre bhunscoil, páirceanna comharsanachta áitiúla ann agus beidh sprioc ard aige maidir le modhanna iompair inbhuanaithe. Beidh tú in ann siúl thart ar Choill na Silíní laistigh de 10 nóiméad agus beidh meascán d'úsáidí talún agus de thaitneamhachtaí atá gar dá chéile ann, rud a laghdóidh an gá taisteal.

Féachann Scéim Pleanála Choill na Silíní freisin lena chinntiú go gcoinneofar, go gcosnófar agus go mbainisteofar acmhainní éiceolaíochta laistigh den cheantar. Tá Plean Bithéagsúlachta Choill na Silíní mar chuid den Scéim Pleanála. Áirítear leis cuspóirí breise chun suaitheadh nó cailteanas gnáthóg a sheachaint nó a laghdú, chun coinneáil gnáthóg atá ann cheana a bhfuil tábhacht éiceolaíoch leo a spreagadh mar chuid den bhonneagar glas chomh maith le conairí éiceolaíoch a chosaint agus a fheabhsú. Is é aidhm na Scéime Pleanála freisin bainistíocht éifeachtach ar ghnáthoga coinnithe agus nuachruthaithe a chur chun cinn chun an acmhainneacht bithéagsúlachta a mhéadú agus glanchailteanas na bithéagsúlachta sa cheantar a laghdú.





DEISEANNA FRITHÁIRITHE CARBÓIN NÁDÚRBHUNAITHE A MHÉADÚ

TÁBHACHT NA GCRANN A CHUR CHUN CINN

Bíonn buntáistí éagsúla le crainn chun cabhrú leis na rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide a laghdú. Lonsúnn crainn carbón agus iad ag fás, agus mar sin is féidir le crann amháin roinnt tonna de dhé-ocsaíd charbóin an atmaisféir a ionsú thar a shaolré. Is féidir leis an gcrann ceart san áit cheart foscadh a sholáthar ón ngaoth agus ón ngrian agus cabhrú le hiarmhairt teasoileáin uirbigh a laghdú. Déanann crainn an t-aer a íonú trí thruailleáin atmaisféaracha a bhaint, rud a fheabhsaíonn cáilíocht an aeir. Le linn tréimhsí báistí, bíonn ról ríthábhachtach ag crainn maidir le creimeadh ithreach a chosc agus an baol tuilte i gceantair uirbeacha a laghdú. Ní hamháin go gcuireann siad leis an gcomhshaol ach is féidir le crainn tacú lenár meabhairshláinte agus lenár bhfolláine.

Aithníonn dlr an tábhacht a bhaineann le crainn agus na buntáistí a chuireann siad ar fáil don chontae, agus tá sé ag obair chun crainn a chur chun cinn mar ghnéithe riachtanacha den timpeallacht uirbeach chun stádas cosúil leis na bonneagar uirbeach eile a thabhairt dóibh. Is é aidhm dlr crainn agus coillearnacha atá ann cheana a chosaint agus iad seo a bhainistiú chun a chinntiú go mbeidh crainn ar a lánacmhainneacht agus na buntáistí gaolmhara go léir á dtairiscint acu. Tá dlr tiomanta do bhogearraí i-Tree⁴⁴ a úsáid a d'fhorbair Roinn Talmhaíochta na Stát Aontaithe, chun bainistíocht crann a fheabhsú agus chun cabhrú leis na buntáistí comhshaoil a sholáthraíonn crainn a chainníochtú.

Tá tuilleadh eolais ar fáil i Straitéis Crann dlr 'A Climate for Trees 2024-2030'.

CÁS-STAIIDÉAR

TIONSCNAMH TREE TAG A INIÚCHADH

In 2021, sheol dlr Parks an Tionscnamh Tree Tag chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le crainn sa chontae agus ar na buntáistí atá leo, lena n-áirítear an ról ríthábhachtach atá ag na crainn maidir le tionchair an athraithe aeráide a mhaolú.

Cuireadh clibeanna eolais ar chrainn i bPáirc agus Gairdíní Chnoc na Raithní, Páirc Chábán tSíle, Páirc an Phobail agus Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, agus é mar aidhm acu an pobal a spreagadh le meas a bheith acu ar na crainn thart orthu. Féachann an Tionscnamh Tree Tag na buntáistí nach bhfeictear le crainn a chur in iúl don phobal.



Buntáistí eile a bhaineann le Réitigh Nádúrbhunaithe

Is féidir le Réitigh Nádúrbhunaithe le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide a bheith ina bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de chun athléimneacht a mhéadú agus réimse tairbhí sóisialta, aeistéitiúla, comhshaoil agus eacnamaíocha a sholáthar don chontae ag an am céanna.

SLÁINTE AGUS FOLLÁINE / SOCHAIR SHÓISIALTA:

- Bíonn luach aeistéitiúil ag baint le réitigh nádúrbhunaithe, agus crainn, sa tírdhreachú uirbeach a fheabhsaíonn ár gcaighdeán maireachtála. Is féidir spásanna glasa áille a sholáthar le haghaidh úsáid áineasa leo.
- Tairbhí fisiceacha: imríonn crainn tionchar dearfach ar an tsláinte trí scáth, áineasa lasmuigh agus aer glan a chur ar fáil.
- Tairbhí meabhrach: tá sé léirithe le taighde go laghdaíonn crainn strus agus go gcuireann siad le caighdeán saoil níos fearr.
- Cruthaíonn crainn tírdhreach sainiúil, ag déanamh sainchomharthaí tíre tábhachtacha agus ag soláthar braistint áite agus suímh uathúil.

TAIRBHÍ EACNAMAÍOCHA:

- Luachanna réadmhaoine: tá sé léirithe le taighde má tá crainn ar fáil go bhféadfaí méadú idir 5 - 18% a dhéanamh ar luach réadmhaoine cónaithe agus tráchtála.
- Limistéir shráidbhaile agus mhiondíola: má bhíonn crainn ar fáil i limistéir mhiondíola, imríonn sé tionchar dearfach ar iompar daoine trí thomhaltóirí a mhealladh chuig ceantar.
- Éifeachtaí ar fhoirgnimh téimh / fuaraithe: cuireann crainn scáth, foscadh ón ngaoth agus rialú ar theocht an aeir áitiúil ar fáil. Laghdaítear costais fuinnimh agus téimh leis sin.
- Le réitigh dhúlrbhunaithe, is féidir an t-aistriú chuig meon eacnamaíoch ciorclach seachas líneach a spreagadh laistigh den phobal. Le creat an gheilleagair chiorclaigh, is féidir infheistíocht dúlrbhunaithe a spreagadh freisin ar féidir costais a bhaineann le damáiste don chomhshaol a shábháil leo.

TAIRBHÍ COMHSHAOIL:

- Le bonneagar glas, amhail crainn agus a n-éiceachórais, soláthraítear gnáthóga luachmhara don fhiadhúlra, ar nós éin atá ag neadú, pailneoirí agus feithidí eile.
- Le bonneagar glas, ar nós coillearnach bheag, is féidir foinsí bia a sholáthar don fhiadhúlra.
- Trí ghréasáin conairí fiadhúlra nádúrtha a sholáthar tríd an timpeallacht uirbeach, cuidítear le speicis ainmhithe agus plandaí imirce a dhéanamh tríd an tírdhreach atá ag athrú.
- Cuireann crainn feabhas ar chaighdeán an aeir toisc go n-ionsúnn siad dé-ocsaíd charbóin agus gáis eile ón aer a tháirgeann ocsaigin sa phróiseas fótaisintéise. Táirgeann crann aibí dóthain ocsaigine do 10 nduine gach bliain. Gabhann crainn cáithníní deannaigh a fheabhsaíonn caighdeán an aeir freisin.
- Is féidir le crainn agus fála scean torann a laghdú trí fheidmiú mar bhac fuaim. Tá sé sin thar a bheith tábhachtach maidir le torann tráchta a ionsú i limistéir faoi fhoirgnimh.



RÉITIGH DHÚLRABHUNAITHE



Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Príomhroinn (ranna)	Comhpháirtí (Comhpháirtithe) Aitheanta
Éifeachtaí an Athraithe Aeráide ar Bhithéagsúlacht an Chontae a Mhaolú							
N1	An gníomh reatha Bithéagsúlachta Contae agus Pleananna um Speicis Ionracha a chur chun feidhme Pleananna	De réir an ghnímh Pleananna	De réir an ghnímh Pleananna	An dá rud	Iomlán Cuntasacht	Pobal, Cultúrtha Seirbhísí agus Páirceanna	Il-Rannach Cairde Éanlaith Éireann Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC) An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) Comhpháirtithe agus Pobail Bithsféir
N2	Staidéar féidearthachta a dhéanamh chun teimpléad iniúchóireachta éiceachóras a fhorbairt	Staidéar Críochnaithe	2026	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	
N3	Leathnú limistéar pailneoirí agus eastát oiriúnach do Bheacha ar fud an Chontae agus tacaíocht iomlán ón bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí	Líon agus Limistéar (km ²) de Phailneoir agus láithreáin sa Chontae Líon pobail/limistéir cónaithe sa Chontae atá cláraithe leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta Léarscáileanna taifeadta pailneoirí	2024- 2028	Maolú	Iomlán Cuntasacht	Pobal, Cultúrtha Seirbhísí agus Páirceanna	NBDC NPWS
N4	Moltaí Thionscadal Measúnaithe Fálta Sceach an Chontae a chur chun feidhme	Líon na moltaí atá curtha chun feidhme	Go bliantúil go dtí 2028	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Úinéirí Talún Príobháideacha
N5	Scéim deontais a bhunú d'úinéirí talún chun go bhforbróidh Éiceolaí Plean Bithéagsúlachta agus chun cuidiú le moltaí an Phlean a chur chun feidhme	Líon na ndeontas a cuireadh ar fáil don ghníomh sin	Go bliantúil go dtí 2028	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	
N6	Conairí fiadhúlra a mhapaíl ar fud an Chontae agus a gcuid seirbhísí éiceachórais a mheas, lena n-áirítear athléimneacht i leith an athraithe aeráide	Líon na gconairí fiadhúlra a mapáladh	Go bliantúil go dtí 2028	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Bonneagar Réamhphleanála
N7	Roghanna measúnaithe agus leasúcháin ar an tionchar ar éiceachórais, gnáthóga agus speicis thábhachtacha ó na bearta cosanta/bainistíochta chun an t-athrú aeráide a mhaolú nó oiriúnú dó.	Bail na nGnáthóg a n-imríonn an t-athrú aeráide tionchar orthu (Achar km ² / méadair faid) Limistéir fheabhsaithe bhithéagsúlachta (Achar km ² / méadair faid) Ilroinnt nó briseadh i leanúnachas gnáthóg agus cailliúint conairí fiadhúlra, céimeanna aistir agus nascacht (KM 2) Líon agus dáileadh geografach Speiceas nó treochtaí pobal Speiceas a n-imríonn an t-athrú aeráide tionchar orthu Cineál agus líon na gCaighdeán Comhshaoil agus Sóisialta (ESS) a n-imríonn ant-athrú aeráide tionchar orthu	Go bliantúil go dtí 2028	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	NPWS

RÉITIGH DHÚLRABHUNAITHE

Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Prómhroinn (ranna)	Comhpháirtí (Comhpháirtithe) Aitheanta
N8	Iníuchadh éiceolaíoch agus suirbhéanna a dhéanamh ar thailte dlr agus aird a tharraingt ar limistéir atá i mbaol mar gheall ar an athrú aeráide agus ar limistéir atá le cosaint, le hathchóiriú agus le feabhsú le haghaidh stóráil carbóin Conairí fiadhúlra agus nascacht le Líonra Éiceolaíochta dlr a aithint	Líon na n-iníuchtaí agus na suirbhéanna Líon na suíomhanna dlr atá ar fáil lena gcosaint, lena n-athchóiriú agus lena bhfeabhsú don bhithéagsúlacht agus do stóráil carbóin	2023 -2028	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Il-Rannach
N9	Plean Bainistíochta Gnáthóg agus Speiceas a ullmhú agus a chur chun feidhme do Limistéir Oidhreachtá Nádúrtha bheartaithe (LON beartaithe) Chill Iníon Léinín agus Chnoc an Róistigh in ainneoin an athraithe aeráide agus falscaithe Nóta A	Limistéar gnáthóg (Km2) agus Bail. Líon Speiceas agus Treochtaí Pobal Speiceas	2023- 2025	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	NPWS
N10	Plean Bainistíochta Gnáthóg agus Speiceas a ullmhú do Limistéir Oidhreachtá Nádúrtha bheartaithe (LON beartaithe) Riasc Bhaile an Bhóthair, Láithreán Speiceas Plandaí faoi Chosaint agus cuid de Limistéar faoi Chosaint Speisialta Chuan Átha Cliath Theas agus Inbhear na Tulchann faoi réir chomhaontú na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra Nóta A	Limistéar gnáthóg (km 2) agus Ball Líon Speiceas agus Treochtaí Pobal Speiceas	2023- 2025	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	NPWS
N11	Treoir a fhorbairt maidir le dearadh cuimsitheach bithéagsúlachta le haghaidh forbairt tithíochta lena n-áirítear tithíocht shóisialta ar a mbeidh díonta glasa, bogaigh & SuDS lochán, páirceáil ghlas, boscaí neadaithe, ithreacha agus síolta áitiúla le haghaidh tírdhreachú, agus toir agus crainn dhúchasacha oiriúnach don fhiadhúlra Nóta B	Treoir forbartha	2023 - 2026	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Eastát Aerpháirce Ailtirí
N12	Treoir a fhorbairt maidir leis an mbithéagsúlacht agus rotharbhealaí/cosáin lena chinntiú nach mbeidh cailliúint na bithéagsúlachta mar thoradh ar shuíomh agus ar dhearadh na nglasbhealaí agus chun treoir a sholáthar maidir le feabhsuithe ar an mbithéagsúlacht Nóta C	Treoir forbartha	2023- 2025	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht) NPWS Bonneagar Iompair Éireann Forbróirí an Údaráis Náisiúnta Iompair

Deiseanna Fritháirimh Carbóin Dúlrahunaithe a mhéadú

N13	Straitéis Crann dlr (Aeráid do Chrainn 2024-2030) a chur chun feidhme	Glanmhéid breise de chrainn a cuireadh leis Miondealú ar an gcéatadán speiceas crann do chrainn nua a cuireadh do gach ceann díobh seo a leanas: fine, géineas agus speicis plandaí	2024- 2028	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	
N14	Tá deireadh curtha ag dlr le húsáid gliofosáite ó bhí 2017 ann agus féachfaidh sé le deireadh le húsáid gliofosáite sa phobal a chur chun cinn Nóta E	Líon na n-imeachtaí / na bhfeachtas arna gcur i crích go bliantúil	2024 (tuairiscíú bliantúil sin amach)	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Bitsféir



RÉITIGH DHÚLRABHUNAITHE

Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Príomhroinn (ranna)	Comhpháirtí (Comhpháirtithe) Aitheanta
N15	Straitéis Falscaithe do Chnoc Chill Iníon Léinín agus do Chnoc an Róistigh a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme	Straitéis Tugtha chun Críocha Straitéis Curtha chun Feidhme	2024 (tuairisciú bliantúil as sin amach)	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Sainleailithe Idirnáisiúnta Dóiteáin Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath An Garda Síochána Pobal Áitiúil NPWS
N16	An Straitéis um Spásanna Oscailte agus Páirceanna Poiblí a chruthú	Cóimheas an daonra le spás glas poiblí/páirceanna poiblí (m2)	2023 - 2028	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	
N17	Córais Draenála Uirbigh Inbhuanaithe (SuDS) ar an tsráid a fhorbairt laistigh den Chontae agus béim á cur ar réitigh dhúlraibhunnaithe/SuDS nuair is féidir ag cloí le dearadh dea-chleachtais agus treoir rialtais Nóta D	Líon na scéimeanna atá curtha chun feidhme	2023 - 2028	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna Ailtirí Bonneagar Réamhphleanála
N18	Suirbhéanna éiceolaíochta a dhéanamh ar shócmhainní Oidhreachta faoi úinéireacht dlr agus pleananna bainistíochta don bhithéagsúlacht a fhorbairt	Líon na suirbhéanna éiceolaíochta/na bpleananna bainistíochta fásra	2023 - 2028	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Bainisteoir Réamhaoine Oidhreachta
N19	Pleananna comhpháirteacha gníomhaíochta a chomhaontú maidir le gnáthóga agus speicis dhúchasacha tábhachtacha an Chontae a chosaint	Líon na bPleananna Gníomhaíochta maidir le gnáthóga agus speicis dhúchasacha a chosaint ar an Leibhéal Náisiúnta	2025 - 2028	An dá rud	Cuntasacht Iomlán / Comhordaigh agus éascaigh	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Comhairle Contae Fhine Gall Comhairle Contae Átha Cliath Theas Comhairle Contae Chill Mhantáin Comhairle Contae Chill Dara NPWS
N20	Gníomh maidir leis an mbithéagsúlacht a chomhordú ar fud na gceithre Údarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath	Líon na dtionscadal a cuireadh i ngníomh ar fud na 4 Údarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath	2023-2028	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Comhairle Contae Fhine Gall Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas
N21	Tuilemhánna, bogaigh agus limistéir chósta lena n-áirítear na cinn ina dtarlaíonn tuilte a chosaint agus a chaomhnú	Líon na limistéar tuilemhánna, bogach agus gnáthóg cósta a ndearnadh suirbhé orthu/a mapáladh le haghaidh cosaint bheartaithe Limistéar (KM2) tuilemhánna, bogach agus gnáthóg cósta ina dtarlaíonn tuilte atá ainmnithe lena gcosaint sa Chontae Beartas nua san áireamh sa CDP chun na limistéir sin a chosaint	2028	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Il-Rannach NPWS Cumann Reiptíleolaíochta na hÉireann
N22	Straitéis um Bonneagar Glas (BG) a chur chun feidhme ar aon dul leis an Aontas Eorpach Sainmhíniú agus beartais BG ina gcuimsítear maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide	Straitéis um Bonneagar Glas curtha i gcrích	2028	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Il-Rannach NPWS Cumann Reiptíleolaíochta na hÉireann
N23	Ceardlanna ar Réitigh Dhúlraibhunnaithe, Bonneagar Glas agus Córais Draenála Uirbigh Inbhuanaithe (SuDS) a thionól	Líon na gceardlann a tionóladh	2024-2026	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Il-Rannach Eastát Aerpháirce

RÉITIGH DHÚLRABHUNAITHE

Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlR	Príomhroinn (ranna)	Comhpháirtí (Comhpháirtithe) Aitheanta
N24	Láithreáin taispeántais a fhorbairt lena thaispeáint conas caomhnú an dúlra a chomhcheangal le talamhúsáidí atá ann cheana	Líon na láithreán taispeántais	Go bliantúil go dtí 2028	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Seirbhísí Airgeadais agus Uisce Pobail Úinéirí Talún Príobháideacha Eastát Aerpháirce
N25	Samhail an ghairdín pobail a forbraíodh ag Páirc Chnoc na Raithní a leathnú go suíomhanna eile sa Chontae; agus aird chuí á tabhairt ar íogaireachtaí comhshaoil amhail láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht	Líon na scéimeanna atá curtha chun feidhme	2023 - 2028	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna Ailtirí	Community Gardens Ireland

Breithnithe Comhtháite Comhshaoil:

Nóta A	Gníomhartha N9 agus N10	Agus aird chuí á tabhairt ar an ngá tacú leis na cuspóirí caomhantais a bhaint amach agus leasanna cáilitheacha an láithreáin sin a chosaint agus a fheabhsú.
Nóta B	Gníomh N11	A chinntiú go ndearfar treoir dá leithéid chun tacú le forbairt cuimsitheach na bithéagsúlachta a chur i gcrích ar bhealach nach mbeidh aon drochthionchar comhshaoil neamhbheartaithe mar thoradh air.
Nóta C	Gníomh N12	A chinntiú go dtabharfar aird chuí ar éifeachtaí na céime oibríche maidir le bithéagsúlacht amhail cur isteach, tramláil, bainistiú bruscair agus comharthaíocht.
Nóta D	Gníomh N17	A chinntiú go ndéanfar na hoibreacha tógála uile a bhaineann le SuDS a dheardh agus a chur chun feidhme ar bhealach nach mbeidh drochthionchar comhshaoil suntasach mar thoradh air.
Nóta E	Gníomh N14	Féadfar Gliofosáit a úsáid ar bhealach rialaithe agus srianta chun Speicis Plandaí Coimhthíocha Ionracha a d'fhéadfadh bagairt a dhéanamh ar an mbithéagsúlacht dhúchasach, ar shláinte an duine agus ar sheirbhísí éiceachórais a dhíothú.





GEILLEAGAR CIORCLACH AGUS BAINISTIÚ ACMHAINNÍ



GEILLEAGAR CIORCLACH AGUS BAINISTIÚ ACMHAINNÍ


Tá an geilleagar ciorclach agus gníomhú ar son na haeráide idirnasctha ó nádúr. Tá ár samhail líneach táirgthe agus tomhaltais reatha (bunaithe ar tháirg, úsáid agus diúscair) an-dian ar charbóin agus ar acmhainní.

Mar shochaí ní mór dúinn bogadh chuig samhail táirgthe agus tomhaltais níos inbhuanaithe trí athrú a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáidimid ábhair agus acmhainní a athrú, ar an dóigh an ndearaimid na táirgí a úsáideann teaghlaigh agus gnólachtaí agus ar an dóigh a gcuirimid le saolré tháirgiúil gach earra agus gach táirge. Gníomh aeráide is féidir linn a dhéanamh gach lá is ea dramhaíl a sheachaint ar an gcéad dul síos.

Tugann an tAontas Eorpach agus Éire tús áite d'aistriú ó shamhlacha eacnamaíocha líneacha traidisiúnta go geilleagar níos ciorclaí. Is é an toradh a bhíonn ar dhaoine méadaithe agus rathúnas méadaithe go n-ídítear acmhainní teoranta an domhain níos mó agus bíonn tionchar aige sin ar an gcomhshaol agus ar an aeráid araon.

Mar shínteoir Dhearbhu na gCathracha Ciorclacha Eorpacha, déanfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr) gealltanais Dhearbhu na gCathracha Ciorclacha Eorpacha a leabú isteach i gcéim chur chun feidhme an Phlean seo um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029. Bainistíonn an Geilleagar Ciorclach agus ICLEI - (Dlr Idirnáisiúnta do Thionscnaimh an Chomhshaoil Áitiúil) Rialtais Áitiúla ar son na hInbhuanaitheachta, a bhfuil seasca a haon sínteoir acu faoi láthair, Dearbhú na gCathracha Ciorclacha Eorpacha. Líonra domhanda is ea ICLEI ina bhfuil níos mó ná 2,500 rialtas áitiúil agus réigiúnach atá tiomanta d'fhorbairt uirbeach inbhuanaithe. Tugtar deis leis sin do dlr foghlaim ón deachleachtas ar fud na gcathracha Eorpacha agus údaráis áitiúla eile agus cur leis.

PRÍOMHCHUSPÓIRÍ dlr MAIDIR LE GEILLEAGAR CIORCLACH AGUS BAINISTIÚ ACMHAINNÍ



Fíor 5.7: Príomhchuspóirí dlr don Gheilleagar Ciorclach agus Bainistiú Acmhainní

AN tAISTRIÚ CHUIG GEILLEAGRACH CIORCLACH A LUATHÚ

Le geilleagar ciorclach, uasmhéadaítear úsáid acmhainní, táirgí agus sócmhainní a uasmhéadú, agus íoslaghdaítear úsáid acmhainní agus cur amú de gach cineál. Tá sé sin i gcodarsnacht leis an gcur chuige líneach traidisiúnta maidir le ‘táirg-déan-úsáid-diúscair’, cur chuige atá neamh-inbhuanaithe. Ní hamháin go gcaomhnófar acmhainní má aistrítear go geilleagar ciorclach, ach laghdófar leis freisin an tionchar ar an gcomhshaol agus ar an aeráid, spreagfar nuálaíocht leis agus méadófar an t-iomaíochas agus cruthófar poist nua dá réir. Is féidir le gach duine páirt a ghlacadh trína roghnú conas a úsáidfean nó a ídeofar acmhainní, agus trí dhramháil a athúsáid, a athchúrsáil agus a íoslaghdú ina saol laethúil.

Síníodh an tAcht um Gheilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha 2022⁴⁵ isteach i ndlí na hÉireann i mí Iúil 2022 agus leagtar amach leis creat reachtúil le haghaidh aistriú na hÉireann chuig geilleagar ciorclach. Príomhchuspóirí náisiúnta is ea an méid dramháila a tháirgimid a íoslaghdú, chun an luach is fearr a bhaint as ábhair atá in úsáid cheana féin, agus ábhair a athúsáid agus a dheisiú a oiread is féidir. Áirítear leis an bPlean Náisiúnta Dramháila do Gheilleagar Ciorclach 2023-2029⁴⁶ spriocanna, beartais, agus gníomhaíochtaí lena gcuirtear ar chumas na hearnála dramháila agus acmhainní dlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach.

CÁS-STAIDEAR

MODOS - OILIÚINT EACNAMAÍOCH DO GHNÓLACHTAÍ

Ceapadh clár oiliúna um Gheilleagar Ciorclach MODOS chun micrifhiontair agus FBManna a thabhairt trí bhunphrionsabail an gheilleagair chiorclaigh. Spreagann sé iad chun scrúdú a dhéanamh ar an dóigh a mbaineann sé sin lena gcuid oibríochtaí gnó, táirgí agus seirbhísí agus chun gníomhaíochtaí a shainaithint is féidir leo a dhéanamh chun prionsabail agus cleachtais chiorclacha a chur i bhfeidhm chun fiontair ísealcharbóin a dhéanamh díobh. Chuaigh dlr i gcomhpháirtíocht in 2021 le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun seisiúin oiliúna agus meantóireachta MODOS a sholáthar do ghnólachtaí áitiúla agus chun comhoibriú a chothú idir na hOifigí Fiontair Áitiúil a soláthraíonn oiliúint faoin ngeilleagar ciorclach do ghnólachtaí.

Clúdaíodh san oiliúint topaicí amhail geilleagar ciorclach, straitéis aeráide agus lorg carbóin, éifeachtúlacht acmhainní agus rannpháirtíocht custaiméirí. Ba é an earnáil ba mhó a ndearnadh ionadaíocht uirthi sa chlár oiliúna MODOS sin tionscal an bhia agus deochanna lena n-áirítear táirgeadh bia, caiféanna agus drioglanna (41%); ba é an chéad earnáil eile is mó an earnáil miondíola agus ceardaíocht/teicstílí lena bhain 22% de na rannpháirtithe.

I gcomhthéacs méide, ba mhicrifhiontair 52% de na gnólachtaí rannpháirteacha agus ba FBManna iad 48% díobh. Tá dlr tiomanta do thacaíocht leanúnach a sholáthar chun uirlis oiliúna MODOS a chur chun cinn agus a sholáthar d'aon ghnólachtaí sa Chontae atá ag dul ar dturas ciorclach den chéad uair nó atá dul chun cinn á dhéanamh acu ina leith agus ar féidir leo leas a bhaint as rannpháirtíocht sa chlár náisiúnta meantóireachta sin agus as na himeachtaí líonraithe a bhaineann leis.



COMHOIBRÍÚ CHUN BEARTAS ÁITIÚIL AGUS NÁISIÚNTA UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE A CHUR CHUN FEIDHME.

Is meatán a thagann as diúscairt go líonadh talún iad astaíochtaí dramhaíola go príomha. Tá tionchar téimh an-difriúil ag baint le tionchar comhshaoil meatáin ná mar atá le dé-ocsaíd charbóin mar gheall ar a Phoitéinseal Téimh Domhanda (GWP) níos airde. Cuireann meatán 84 go 86 oiread níos mó leis an téamh domhanda in aghaidh an aonaid maise ná mar a chuireann dé-ocsaíd charbóin le linn na chéad fiche bliain. Mar aitheantas air sin, ag Comhdháil na bPáirtithe (COP) 26 in 2021, shínigh 121 tír (lena n-áirítear Éire) an Gealltanas Domhanda maidir le Meatán⁴⁷ a bhfuil sé mar aidhm leis astaíochtaí meatáin a laghdú 30% le chéile idir 2020 agus 2030.

Cuideoidh dlr le laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí meatáin a bhaineann le dramhaíl trí níos lú dramhaíola a chur chuig líonadh talún, trí laghdú a dhéanamh ar an dramhaíl a ghineann sé trí ghlacadh le cleachtas geilleagair chiorclaigh lena gcinnteofar go mbeidh na táirgí in-athnuaite agus in-athúsáidte agus trína chinntiú gur rogha dheiridh í an dramhaíl. Beidh níos lú astaíochtaí a bhaineann le hiompar agus le cóireáil dramhaíola mar thoradh ar an nginiúint dramhaíola a íoslaghdú, agus ar leithscaradh, athúsáid agus athchúrsáil a fheabhsú.

CÁS-STAIDEAR

COMPHÁIRTÍOCHT ATHÚSÁID PÉINTE

Is fiontar sóisialta é Rediscover Paint, atá lonnaithe san Ionad Athfhionnachtana i mBaile Munna. Bailíonn sé péint dramhaíola uiscebhunaithe neamhghuaiseach a fhaightear in ionaid athchúrsála na n-údarás áitiúil, lena n-áirítear Páirc Athchúrsála dlr i mBaile Uí Ógáin agus athchúrsáilann sé í chun dathanna nua a chruthú. Is é is aidhm don Chlár Rediscover Paint péint ath-inúsáidte a atreorú ó dhiúscairt nó ó loscadh agus péint inacmhainne lena hathúsáid a sholáthar don phobal agus d'eagraíochtaí pobail trí Eicea-Shiopa an Aonaid Athfhionnachtana agus trína shiopa ar líne. Tá Rediscover Paint ag obair i gcompháirtíocht le dlr ar chomhpháirtíocht athúsáide péinte le roinnt blianta anuas.

In 2022, bhailigh Rediscover Paint 2,520 kg de phéint lena hathúsáid ó Pháirc Athchúrsála dlr i mBaile Uí Ógáin. Mar gheall air sin seachnaíodh cruthú 6,073 kg d'astaíochtaí CO₂ ó phéint nua a tháirgeadh. Tá an figiúr sin bunaithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de 2.41 kgCO₂/kg de phéint, arna ghlacadh mar thionchar saolré péinte ó thaighde atá maoinithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun príomhtháscairí feidhmíochta a shainiúint a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun an tionchar sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíoch a bhaineann le heagraíochtaí athúsáide in Éirinn a mheasúnú. Rinneadh na táscairí a bhailíochtú trí oibríochtaí agus trí ghníomhaíochtaí an Ionaid Athfhionnachtana mar láthair binse tástála tosaigh thar thréimhse 12 mhí.



TEAGMHAIS BHRUSCAIR AGUS TRUAILLITHE A LAGHDÚ A D'FHÉADFADH CUR ISTEACH AR AN gCOMHSHAOL AGUS CUR LE HASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA.

CÁS-STAIDEÁR

ARDTAILTE AGUS TIMPEALLACHTAÍ TUAITHE A CHOSAINT (PURE)

Is Tionscadal comhoibríoch é Adtailte agus Timpeallachtaí Tuaithe a Chosaint (Pure) idir dlr, Comhairle Contae Chill Mhantáin, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Coillte, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúra agus Comhairle Ardtailte Chill Mhantáin. Cuireadh ar bun é chun dumpáil mhídhleathach/diúscairt mhídhleathach ar Ardtailte Chill Mhantáin agus Bhaile Átha Cliath a chomhrac. Ó 2006 i leith, bhain Pure teagmhais dhumpála mídhleathaí atá lonnaithe in Ardtailte Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus de réadmhaoine Coillte laistigh den Chontae. Chuir Pure le hiarrachtaí dlr féin freisin maidir le feachtas an phobail ar dhumpáil mhídhleathach agus ar bhruscar a chruthú trí chlár scoileanna in aghaidh bruscair a fhógairt, nochtadh teagmhas dumpála ag na meáin a uasmhéadú, nascadh le cumainn cónaitheoirí agus glanadh ginearálta láithreán a dhéanamh.

Ó dhearcadh dlr de, chuir an rannpháirtíocht le Pure deireadh leis an am a chailltear agus idirchaidreamh á dhéanamh le gníomhaireachtaí eile chun 'úinéireacht' talún ina ndéantar dramhaíl a dhumpáil a chinneadh agus chuir sé luach breise le cur i bhfeidhm GPS/GIS chun faisnéis fheabhsaithe faoi chineálacha dramhaíola, suíomhanna agus láithreán dumpála a sholáthar. Tá dlr díograiseach freisin maidir le tacaíocht a thabhairt d'uailmhianta Pure um Ghníomhú ar son na hAeráide amach anseo, mar shampla, Feachtas Cupán Athúsáide Pure Mile, Feachtas um Laghdú Plaisteacha Pure Mile, Tionscadail um Íoslachdú Dramhaíola agus Geilleagar Ciorclach Pure, ceardlanna Athchúrsála, Uaschúrsála agus Dramhaíola Nialasaí a sholáthar atá beartaithe do Ghrúpaí Pure Mile agus do bhaill den phobal.



Agus líonra saoráidí athchúrsála á sholáthar do shealbhóirí tí, tacóidh dlr le cur chun feidhme na spriocanna seo a leanas sa Phlean Náisiúnta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach 2024-2030⁴⁶.

- 65% den dramhaíl chathrach a athchúrsáil faoi 2035
- 70% den dramhphacáistíocht a athchúrsáil faoi 2030
- 55% den dramhphacáistíocht phlaisteach a athchúrsáil faoi 2030
- Oibleagáidí bailithe ar leithligh chun dramhaíl ghuaiseach tí a chur san áireamh (faoi dheireadh 2024), bíthhdramhaíl a chur san áireamh (faoi dheireadh 2023), agus teicstílí a chur san áireamh (faoi dheireadh 2024)
- Teorainn a chur le hatreorú na dramhaíola cathrach inbhithmhille go líonadh talún go dtí an uasteorainn 427,000 tona
- An méid dramhaíola cathrach a chuirtear i líonadh talún a laghdú go 10% faoi 2035

Dramhaíola Réigiún an Oirthir-an Láir Tíre, leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus le comhlachtaí náisiúnta eile chun cosc dramhaíola agus feachtas a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach a chur chun cinn agus chun príomhuirlisí agus príomhrialacháin beartais um gheilleagar ciorclach agus bainistíocht acmhainní a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil. Cuideoidh dlr ina ról mar rialtóir dramhaíola le feabhas a chur ar na rátaí gabhála dramhaíola, éilliú a laghdú agus straitéisí coiscthe dramhaíola níos fearr a fhorbairt chun na spriocanna seo a leanas atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023¹⁰ a bhaint amach chun:

- Dramhbhia a laghdú 50% faoi 2030
- Soláthar a dhéanamh do bhailiú 90% de choimeádáin deochanna plaisteacha faoi 2029
- Na spriocanna laghdaithe dramhaíola a bhaint amach trí bhearta ordaithe tráth nach déanaí ná 2026
- A chinntiú go mbeidh an pacáistiú plaisteach uile in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte faoi 2030

TAIRBHÍ BREISE DO GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AN GHEILLEAGAIR CHIORCLAIGH AGUS NA BAINISTÍOCHTA ACMHAINNÍ:

Déanfar an méid seo a leanas le haistriú i dtreo geilleagar níos ciorclaí:

- Fostaíocht áitiúil a spreagadh trí na hearnálacha deisiúcháin agus athúsáide sa ghearrthearma.
- Iomaíochas a mhéadú, nuálaíocht a spreagadh, fás eacnamaíoch a threisiú, agus poist a chruthú.
- Beidh coigilteas do thomhaltóirí mar thoradh air trí tháirgí marthanacha ar chaighdeán níos fearr agus ar féidir iad a dheisiú agus a athúsáid.
- Gnólachtaí athléimneacha a chruthú nach mbeidh ag brath a oiread ar allmhairí agus suaití sa slabhra soláthair.
- Ceartas sóisialta a fheabhsú trí shamhail eacnamaíoch níos comhroinnte.
- Giniúint dramhaíola a laghdú.

CÁS-STAIDÉAR

TRIAIL NA nARAIDÍ CLISTE ATHCHÚRSÁLA

Le 2021, shuiteáil dlr seacht n-araid chliste athchúrsála déag ar fud an Chontae ar bhonn píolótach. Cuireadh na haraidí leis na boscaí bruscair ginearálta cliste a bhí ann cheana chun rogha 'athchúrsáil ghníomhach' a sholáthar don phobal le haghaidh buidéal phlaisteacha agus cannaí. Reáchtáladh an treoirthionscadal sé mhí i gcomhar le Kyron Street Ltd. agus choinnigh dlr na boscaí athchúrsála in situ ina dhiaidh sin ar bhonn buan. Ó shin i leith, leathnaíodh an tseirbhís go 26 araid chliste athchúrsála. Faoin treoirthionscadal, bailíodh 1,900Kg d'ábhar ar an iomlán ina raibh 11% de dhramhaíl éillithe, i bhfad ní ba lú ná an gnáthráta éillithe de 30% a fhaightear i dramhaíl athchúrsáilte tí.

Leis na haraidí cliste, de réir a gcineáil, is féidir líon na mbailiúcháin araidí a laghdú suas le 80% mar gheall ar a gcumas dlúthúcháin agus a gcumas a aithint nuair a bhíonn siad lán agus cumarsáide a dhéanamh trí thacaíocht chúloifige. Soláthraítear monatóireacht fíor-ama leis na haraidí trí chóras teiliméadrachta a dhéanann monatóireacht ar na leibhéil dramhaíola laistigh de na haraidí. Spreagtar rabhaidh nuair a bheidh araid lán nó chor a bheith lán, agus mar sin méadaítear éifeachtúlacht an bhailithe araidí. Cuidíonn an modh bailiúcháin níos cliste sin le gluaiseachtaí feithiclí a laghdú, agus mar sin laghdaítear na hastaíochtaí carbóin a bhaineann le seirbhísí. Nuair a chuirtear é sin le hathchúrsáil, is féidir laghdúithe suntasacha a bhaint amach ar an tionchar a bhíonn ag seirbhísí dramhaíola cathrach ar an gcomhshaoil.



GEILLEAGAR CIORCLACH AGUS BAINISTIÚ ACMHAINNÍ

Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Príomhroinn (ranna)	Comhpháirtí (Comhpháirtithe) Aitheanta
A chinntiú go ndéanfar monatóireacht ar ghníomhaíochtaí bainistíochta agus rialaithe dramhaíola chun cur chun feidhme na mbeartas áitiúil agus náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide a éascú							
R1	Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí sa Chontae a bhféadfaí truailliú comhshaoil a chruthú leo	Na híoschritéir Mholta le haghaidh Spriocanna Cigireachtaí Comhshaoil (RMCEI) a Bhaint Amach Gach bliain	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	An Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin n Dramhaíola (WERLA) Airgeadas agus Seirbhísí Uisce
R1A	A chinntiú go gcloífeadh leis na Rialacháin maidir le Breosla Soladach trí chigireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar sholáthraithe breosla sholadaigh	Líon na gcigireachtaí in aghaidh na bliana de réir Phlean RMCEI	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ)
R2	Cur chun feidhme an Phlean Bainistíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach 2024-2030 a éascú a chumasú agus tacú leis	2024 Plean Gníomhaíochta Dramhaíola dlr forbartha	2024 Athbhreithnigh an Plean Gníomhaíochta deiridh 2025-2029 An Plean Gníomhaíochta a chur chun feidhme le hathbhreithnithe bliantúla	An dá rud	Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Oifig Pleanála Dramhaíola Réigiún an Oirthir-an Láir Tíre (EMRWMP) An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) (RCPRÁ)
R3	Faoi threoir an Phlean Náisiúnta Dramhaíola Guaisí 2021-2027, bainistiú cuí ar dhramhaíl ghuaiseach tí a chur chun cinn	Faighítear tonaí de dhramhaíl ghuaiseach in Ionaid Athchúrsála gach bliain	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	GCC EMRWMP Cuideachtaí Bainistíochta Dramhaíola
R4	Tacú le gabháil dramhthrealaimh leictrigh agus leictreonaigh (DTLL) ag Ionaid Athchúrsála dlr agus imeachtaí bailithe DTLL saor in aisce	Faighítear tonaí de DTLL in Ionaid Athchúrsála agus imeachtaí bliantúla gach bliain	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	WEEE Ireland Ltd. Príoiseálaithe Dramhaíola DTLL
R5	Beartas um athúsáid/ deisiúchán an Phlean Bainistíochta Dramhaíola a chur chun feidhme le haghaidh Geilleagar Ciorclach 2024-2030	Faighítear tonaí de dhramhaíl théagartha ag Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin gach bliain	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Líonra Acmhainní Pobail na hÉireann Circuléire GCC EMRWMP
R6	Leanúint ag glacadh le dramhaíl ghairdín ag Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin, de réir na gcoinníollacha a bhaineann le bainistíocht agus cosaint an chomhshaoil atá sa cheadúnas dramhaíola don tsaoráid sin agus straitéis múirínithe a fhorbairt do dhramhaíl orgánach a bhailíonn / a ghineann ag an gComhairle.	Faighítear tonaí de dhramhaíl ghairdín ag Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin gach bliain Forbraíodh Straitéis Múirínithe	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin 2025	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	GCC RCPRÁ An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Conraitheoir Múirí a oibríonn Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin
Tacú le gnólaigh agus le daoine a thugann cuairt ar an gcontae agus a chónaíonn agus a oibríonn ann chun cleachtais chiorclacha a ghlacadh agus a dtionchar aeráide a laghdú							
R7	Tacaíochtaí um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur chun cinn agus a sholáthar chun cuidiú le gnólaigh a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus leis an aistriú go fiontair chiorclacha glan-nialasacha	Líon na ngnólaigh a fhaigheann tacaíocht trí chlár, deontais agus imeachtaí na nOifigí Fiontair Áitiúil gach bliain	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	An dá rud	Imirt Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh	Oifig Fiontair Áitiúil	Fiontraíocht Éireann Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath um Ghníomhú ar son na hAeráide

GEILLEAGAR CIORCLACH AGUS BAINISTIÚ ACMHAINNÍ

Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Príomhroinn (ranna)	Comhpháirtí (Comhpháirtithe) Aitheanta
R8	Comhoibriú le hOifig Pleanála Dramhaíola Réigiún an Oirthir-an Láir Tíre (EMRWMP), leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comshaoil (GCC) agus le comhlachtaí náisiúnta eile chun feachtais um chosc dramhaíola agus feachtais a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach a chur chun cinn.	Líon na bhfeachtas a maoiníodh	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	An dá rud	Imir Tionchair / Comhordaigh agus éascaigh	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	EMRWMP GCC RCPRÁ
R9	Tiomantas leanúnach agus Sínteoir Dhearbhú na gCathracha Ciorclacha Eorpacha	Gealltanús bliantúil	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht).	Gnóthaí Corparáideacha (lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna)
R10	Fís a fhorbairt do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin bheith ina Chontae ciorclach lena n-áirítear an fhéidearthacht an geilleagar moil ghorma/chiorclacha eacnamaíoch a chur ar bun sa chontae	Fís forbartha	2025	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Geilleagar Ciorclach
R11	Monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an tSoláthair Phoiblí Ghlais (SPG) i ngach tairiscint dlr agus oiliúint a chur ar fáil don fhoireann	% de na Tairiscintí lena n-áirítear Soláthar Poiblí Glas Líon na mball foirne a chuirfidh oiliúint i gcrích	2029 Cur i bhfeidhm na hoiliúna faoi R4 2024	An dá rud	Cuntasacht Iomlán	Gnóthaí Corparáideacha (lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna)	IL-Rannach

Bearta chun dramhaíl a laghdú a chur chun feidhme, athchúrsáil a mhéadú agus uisce a chaomhnú i bhFoirgnimh Chorparáideacha dlr

R12	Monatóireacht a dhéanamh ar dhramhaíl sholadach chathrach a ghintear gach bliain i bhfoirgnimh chorparáideacha dlr chun an méid den dramhaíl sin a chuirtear lena loscadh a laghdú	Na tonaí de dhramhaíl sholadach chathrach a bhailítear gach bliain Na tonaí de dhramhaíl chathrach sholadach á loisctear gach bliain	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Gnóthaí Corparáideacha (lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna)	Foireann dlr Cuideachtaí Bainistíochta Dramhaíola
R13	Monatóireacht a dhéanamh ar dhramhaíl chathrach a athchúrsáiltear ó fhoirgnimh chorparáideacha dlr gach bliain	An céatadán dramhaíola athchúrsáilte cathrach a bhailítear gach bliain	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Gnóthaí Corparáideacha (lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna)	Foireann dlr Cuideachtaí Bainistíochta Dramhaíola
R14	Monatóireacht a dhéanamh ar úsáid uisce i bhfoirgnimh na ceannoifige gach bliain	Lítir uisce a úsáidtear go bliantúil	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Gnóthaí Corparáideacha (lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna)	Uisce Éireann
R15	Tionscadal rathúil bailithe uisce báistí a chur i bhfeidhm, mar a cuireadh i bhfeidhm é i mBaile Uí Lachnáin, chuig foirgnimh faoi úinéireacht dlr i gcás ina bhfuil an dearadh inoiriúnaithe	Lítir uisce a bhaintear gach bliain	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Pobal, Cultúr agus Páirceanna Gnóthaí Corparáideacha (lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna)	Conraitheoirí Bainistíochta Saoráidí IL-Rannach

Teagmhais bhruscair agus truaillithe a laghdú a d'fhéadfadh cur isteach ar an gcomhshaol agus cur le hAstaíochtaí Gás Ceaptha Teasa.

R16	Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid Araidí Cliste sa Chontae lena n-áirítear triail a dhéanamh chun dramhaíl inmhúirín a bhailiú sa Chríos Dícharbóinithe	Líon na mbailiúcháin míosúil agus bliantúil a taifeadh Meáchan na dramhaíola a bhailítear go míosúil agus go bliantúil Méid na dramhaíola bia a leithscartar lena muiríní ó Araidí Cliste le linn na trialach	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin 2029	An dá rud	Cuntasacht Iomlán/Tionchar/ Comhordú agus éascú	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	
-----	--	---	---	-----------	---	---	--

GEILLEAGAR CIORCLACH AGUS BAINISTIÚ ACMHAINNÍ

Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Príomhroinn (ranna)	Comhpháirtí (Comhpháirtithe) Aitheanta
R17	Feachtais i gcoinne bruscair a reáchtáil gach bliain	Líon na bhFeachtais i gcoinne bruscair a reáchtáladh	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht) Acmhainní	Comhpháirtithe Poiblí agus Príobháideacha Oibrithe Deonacha Eagraíochtaí Neamhrialtasac ha Comhshaoil
R18	Triail a bhaint as táirgí bainte algaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil	Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na trialach	2024	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Soláthraith e na dtáirgí
R19	Glantáí doimhne a dhéanamh ar bhailte agus ar shráidbhailte ar bhealach nach imríonn drochthionchar ar chaighdeán an aeir nó uisce, nó ar an mbithéagsúlacht dhúchasach	Líon na nglantáí doimhne baile agus sráidbhailte a dhéantar gach bliain	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	
R20	Monatóireacht agus Tuairisciú ar Cháilíocht Uisce Snámha	Líon na dteagmhas truaillithe a braitheadh de bharr droch-cháilíocht uisce snámha, lena n-áirítear rianú foinse agus cúisíocht nuair is féidir Líon na samplaí uisce snámha a tógadh le linn na bliana Cur chun Feidhme na huirlise samhaltaithe tuarthaí do cháilíocht uisce snámha	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	GCC Feidhmeanna chta na Seirbhíse Sláinte Tascfhórsa Uisce Snámha Chuan Bhaile Átha Cliath COBÁC
R21	Oibriú le COBÁC mar chuid den Tascfhórsa Uisce Snámha faoin tionscadal Acclimatise	Anailís rianaithe foinse miocróbach (MST) ar shamplaí uisce snámha Faireachas ar cháilíocht an uisce ar shruthanna Pháirc an Leamháin agus Shruthán Bhaile Átha Troim Táscaire faecais an duine, madraí agus éan Lódáil baictéar ag Trá Rinn na Mara	Ar siúl go dtí 2027	Maolú	/ Comhordaigh agus éascaigh	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Seirbhísí Airgeadais agus Uisce Tascfhórsa Uisce Snámha Chuan Bhaile Átha Cliath COBÁC





RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL






RANPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

Sonraítear sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 (CAP23)¹⁰ *“chun ár n-uailmhian aeráide a bhaint amach, ceanglaítear ar an Rialtas agus ar shaoránaigh na hÉireann teacht le chéile i ‘gconradh sóisialta’ neartaithe don ghníomhú ar son na haeráide agus fíor-réitigh ar an athrú aeráide a chruthú le chéile, réitigh a bheidh fiúntach, cuimsitheach, cothrom agus inrochtana do chách, ag tabhairt tús áite dá réir sin d’aistriú cóir”.*

Is féidir an téarma ‘Pobal’ a shainmhíniú mar aon duine a chónaíonn nó a oibríonn sa Chontae nó a thugann cuairt air, mar shampla, an pobal gnó, grúpaí deonacha, scoileanna, an pobal spóirt agus cónaitheoirí.

Agus ár bPlean reatha um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019-2024 á chur chun feidhm againn agus monatóireacht á déanamh againn air, tá cuntas teiste bunaithe ag dlr maidir dul i bpáirt leis an bpobal maidir le gníomhú ar son na haeráide. Tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr) tógáil air sin tríd an bPlean seo um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029 a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

PRÍOMHCHUSPÓIRÍ dlR MAIDIR LE RANPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL



Fíor 5.8: Príomhchuspóirí dlR maidir le Rannpháirtíocht an Phobail

IMEACHTAÍ FEASACHTA AERÁIDE

Tá taithí shuntasach ag dlr ar pháirt a thabhairt do phobail agus do pháirtithe leasmhara, trínár bhfeidhmeanna reatha, lena n-áirítear pleanáil talamhúsáide, tithíocht, fostaíocht, iompar agus feasacht ar an gcomhshaol. Tá dlr páirteach freisin i struchtúir agus cuir chuige rannpháirtíochta an phobail atá ann cheana ar cuir chuige ón mbun aníos iad, a dhírítear ar an bpobal áitiúil agus a dhírítear ar thorthaí. Ina measc sin tá Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (LRP), Coistí Forbartha Pobail Áitiúil (PPFÁ), Bailte Slachtmhara, Pobail Fuinnimh Inmharthana (SEC) agus réimse clár agus tionscnamh eile.

Reáchtálann dlr clár feasachta cuimsitheach le gnólachtaí, scoileanna, grúpaí pobail agus cónaitheoirí agus tá sé mar aidhm aige leanúint ar aghaidh ag tógáil air sin. Is féidir le clár feasachta cuidiú le braistint úinéireachta agus freagrachta a chruthú i measc pobal chun cuidiú leo ról níos gníomhaí a ghlacadh i gcur chun feidhme cleachtas atá neamhdhíobhálach don aeráid ina saol laethúil.

CÁS-STAIDEAR

COMHRÁITE FAOIN AERÁID

In 2022, lean dlr ag tacú le tionscnaimh rannpháirtíochta pobail agus páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Idirphlé Náisiúnta an Rialtais ar Ghníomhú ar son na hAeráide (NDCA), agus ‘Comhráite Aeráide’ áitiúla faoi threoír an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí. Aithnítear sna hAchtanna um Aeráide 2015-2021 na Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí mar phríomhlíonra chun dul i gcomhairle leis maidir le gníomhú ar son na haeráide agus d’oibrigh dlr e LRP dlr sa chomhairliúchán poiblí ar an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.

JOIN THE CLIMATE CONVERSATION

PPN Climate Conversations

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

National Dialogue on Climate Action

Tá dúshlán an athraithe aeráide forleathan ar fud na socháí, níl siad sainithe de réir teorainneacha spáis agus teastaíonn freagraí iomlánaíocha agus comhchoiteanna uathu. Tá sé tábhachtach go leanfar le luach a chur ar rannpháirtíocht agus pobail a chuimsiú i gcinntí aeráide agus i mbearta a bhaineann leo, agus tionchar dearfach agus cothromasach á imirt ar na roghanna a dhéanfaidh siad.

“ Cé go dtugtar le tuiscint leis na torthaí go bhfuil feasacht ar an athrú aeráide ard i measc phobal na hÉireann, ní gá gurb ionann sin agus gníomhú ar son na haeráide. Teastaíonn treoír inbhraite níos láidre ón Rialtas ó dhaoine le go mbeidh siad ábalta gníomhú ar son na haeráide a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs a gcúinsí féin, na roghanna atá ar fáil dóibh, agus an tionchair is féidir leo a imirt. ” CAP 23

LÍNTE NA FARRAIGE

I mí Feabhra 2023, sheol dlr suiteáil ealaíne Línte na Farraige (Lines of the Sea) arna mhaoiniú ag Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide ag Túr Martello i bPáirc na Carraige Duibhe. Ba iad na healaíontóirí ón bhFionlainn, Pekka Niittyvirta agus Timo Aho a dhear an tsuiteáil, agus bhí sé mar aidhm léi an pobal a nascadh go físiúil agus go hinbhraithe leis na rioscaí a bhaineann le leibhéil na farraige amach anseo. Is éard a bhí sa tsuiteáil ealaíne ná líne solais chothrománach ghrianchumhachta LED. Taispeánadh ann na rioscaí a bhaineann leis na farraigí a bheith ag ardú agus borradh na stoirmeacha amach anseo, sa bhliain 2100 agus faoi chás ard-riosca, i gcás go mbeidh an caillteanas oighir ón Antartaice níos measa ná mar atá coinne leis. Bhí an tsuiteáil bunaithe freisin ar réamh-mheastáchain amach anseo ó Thuarascáil AR6 an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide, agus ar shonraí stairiúla faoin mborradh stoirme i gCuan Bhaile Átha Cliath.

Is faighteoir é Línte na Farraige den chéad chiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide. Is tionscnamh é ón gClár Éire Ildánach i gcomhar leis an Róinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a thacaíonn le tionscadail chruthaitheacha, chultúrtha agus ealaíonta lena gothaítear feacht ar an athrú aeráide agus ina gcuimsítear pobail chun bunathrú fiúntach iompraíochta a dhéanamh. Bhí foireann chomhoibríoch páirteach sa tionscadal lena n-áirítear dlr, eolaithe atá lonnaithe i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Mhá Nuad, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhairle Contae Loch Garman, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Contae Fhine Gall, Foras na Mara, cruthaitheoirí agus ealaíontóirí Éireannacha. Bhí na suiteálacha eile lonnaithe ag an bPóirse Caoch, Gaillimh agus Cuan Loch Garman. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.lintenafarraige.com.



AN TSEACHTAIN UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE 2022: 'SMALL SWAPS'

Mar chuid den tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022, chuaigh dlr i gcomhpháirtíocht le ReCreate, The Creative Reuse Company, chun siopa babhtála a óstáil do gach aoisghrúpa. Féachadh leis an siopa babhtála sin feacht a mhúscailt laistigh den phobal faoin ngeilleagar ciorclach. Tugadh cuireadh do dhaoine earraí ardchaighdeán, nach bhfuil de dhíth a thrádáil, mar mhalairt ar earra a thug ball eile den phobal isteach. Leis an gceardlann sin, spreagadh bréagáin a bhabhtáil chun spreagadh a thabhairt do leanáí foghlaim faoi athúsáid. D'fhéadfadh baill den phobal smaoineamh athúsáide a thrádáil freisin ar earra ón siopa.

Chomh maith leis an siopa babhtála, d'óstáil an t-ealaíontóir teicstíle Katie Hanlon cúinne deisiúcháin éadaí Fix & Twist, ag cur casadh neamhghnách le deisiú le paistí cróise athúsáide. Thug Katie treoir phraiticiúil faoi conas éadaí Domhnaigh a dhéanamh de shean-éadaí trí athchúrsáil. Bhain Cluichí Glasa cruthaitheacha athúsáide le 'Small Swaps' freisin chun smaoineamh athúsáide agus ceardlanna uaschúrsála bréagán do theaghlaigh a spreagadh chun na bréagáin a thug siad isteach a dheisiú.



COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ A NEARTÚ

Tá léargas uathúil ag pobail ar thionchair an athraithe aeráide ar an leibhéal áitiúil. Leis an gcaibidil ar Rannpháirtíocht an Chomhphobail a cuireadh leis an atriall seo de Phlean dlr um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029 leagtar amach treo-chlár chun comhpháirtíochtaí idir dlr agus pobail a neartú, amhail an pobal gnó, clubanna spóirt, grúpaí pobail agus cumainn chónaitheoirí. D'fhéadfadh méadú ar eolas do gach earnáil a bheith mar thoradh ar an gcomhoibriú sin agus d'fhéadfadh sé cuidiú le réitigh nuálacha chun dul i ngleic leis an athrú aeráide a shainaitint.

Tá líonra láidir grúpaí pobail, gnólachtaí, clubanna spóirt, scoileanna, cumainn cónaitheoirí agus grúpaí Bailte Slachtmhara sa Chontae. Leis na comhiarrachtaí a dhéanann na grúpaí sin, is féidir le pobail aghaidh a thabhairt ar dhúshlán, éachtaí a cheiliúradh agus comhspricanna a bhaint amach. Trí chomhoibriú le dlr, is féidir le pobail cuidiú a thabhairt le Contae cuimsitheach, eolasach agus athléimneach a chruthú.

CÁS-STAIDÉAR

CLUBANNA GLASA CLG

Bunaíodh Clár na gClubanna Glasa de chuid Chumann Lúthchleas Gael (CLG) chun tacú le clubanna Cluichí Gaelacha beart simplí agus éifeachtach inbhuanaitheachta a dhéanamh ina bpáirceanna agus ina ngníomhaíochtaí. Tá an Clár bunaithe ar na téamaí maidir le Fuinneamh, Uisce, Dramhaíl, Bithéagsúlacht agus Taisteal & Iompar agus tá sé deartha chun feasacht agus gníomhaíocht inbhuanaitheachta a chur chun cinn i gclubanna agus i bpobail CLG.

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ar an gclár sin agus Céim 2 den Chlár i bhfeidhm ó bhí tús 2023 ann. Tá dhá chlub i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin ag glacadh páirt sa chlár sin anois agus tá Pointe Teagmhála in dlr trínar féidir le clubanna teagmháil a dhéanamh leis chun comhairle agus treoir a fháil.

Agus Céim 2 den chlár le bheith curtha i gcrích ag druidim le deireadh 2024 / tús 2025, meastar go mbeidh níos mó clubanna páirteach sa chlár le linn Chéim 3 (Ag tosú in 2025).

Tá an Fhoireann Uirlisí ar fáil do gach club agus ball CLG, LGFA agus Camógaíochta ag: <https://learning.gaa.ie/greenclub>




CÁS-STAIDÉAR

CRUINIÚ MULLAIGH NUÁLAÍOCHTA ÁTH AN GHAINIMH, 2022

Bhí dlr sásta tacú le Cruinniú Mullaigh Nuálaíochta Áth an Ghainimh in 2022. Ba é an téama a bhí ann “Dícharbónú” agus a thionchar ar ghnólachtaí agus ar an bpobal i gcoitinne agus bhí gné chomhdhála beo ar siúl thar dhá lá ina cuimsíodh cuir i láthair, tinteáin, agus seisiúin ceisteanna agus freagraí don lucht spéise.

Bhí taispeántas suntasach ann inar léiríodh na roghanna iompair inbhuanaithe is fearr atá ar fáil faoi láthair agus na cinn atá ar na bacáin. Cuireadh tús le gach lá le léiriú praiticiúil ar choincheap mhol an mhíle dheiridh/oileáin soghluaisteachta, i gcás go bhfuair cuairteoirí ar ar an imeacht deis le ‘soghluaisteacht glas an mhíle dheiridh’ a shampláil go díreach ag baint úsáid as r-scútair, r-rothair agus ‘Bus Glas’ chun an t-ionad a bhaint amach.

Bhain an chéad lá go sonrach leis an iompar agus leis an tsoghluaisteacht i ndomhan dícharbónaithe agus bhí cainteoirí ann ó speisialtóirí an tionscail, ceannairí smaointe agus foireann ó dlr. Díríodh an dara lá ar ról na teicneolaíochta sa dícharbónú agus breithníodh fíor-réitigh fuinnimh agus réitigh phraiticiúla le cuir i láthair ó shaineolaithe domhanda agus le taispeántais phraiticiúla ó chuideachtaí móra a bhfuil réitigh thadhhlacha agus straitéisí á gcur chun feidhme acu cheana féin chun todhchaí dícharbónaithe a bhaint amach.





CLÁR GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE

Ní mór do dlr pobail a chumhachtú leis an eolas agus leis na hacmhainní chun cur lena n-athléimneacht agus lena gcumas oiriúnú don athrú aeráide. An 3 Feabhra, 2023, sheol an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Snáithe 1 den Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide - Pobail Ísealcharbóin a Chruthú. Is ciste náisiúnta dar luach €24 milliún é sin d'údarás áitiúla ar fud na tíre, chun tacú le pobail ísealcharbóin agus iad a fhorbairt. Tá €3 mhilliún eile á chur ar fáil chun tacú le tionscnaimh gníomhaithe aeráide pobail trasteorann agus uile-oileáin. Tá an maoiniú sin mar chuid den Chlár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide, a thacaíonn le tionscadail agus tionscnaimh lena n-éascaítear gníomhú pobail ar son na haeráide trí oideachas, trí fhothú acmhainneachta agus trí fhoghlaim trí rudaí a dhéanamh.

Éilítear le Snáithe 1 go gceapfar Oifigigh Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide (CCAO) i ngach údarás áitiúil chun treoir agus tacaíocht a thabhairt do phobail ón tús. Tá CCAO earcaithe ag dlr chun riaradh an chiste sin a éascú.

Leis na tionscadail phobail atá incháilithe don treoir sin agus don mhaoiniú féideartha, tabharfar aghaidh ar na cúig théama seo a leanas:



**TIONSCADAIL
FUINNIMH
POBAIL**



TAISTEAL



**BIA AGUS
DRAMHAÍL**



**SIOPADÓIREACHT
AGUS
ATHCHÚRSÁIL**



**SIOPADÓIREACHT
AGUS
ATHCHÚRSÁIL**

Fíor 5.9 Tionscadail Phobail an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide

COMHTHAIRBHÍ NA RANPHÁIRTÍOCHTA POBAIL

Trí pháirt ghníomhach a thabhairt do phobail i ngníomhú ar son na haeráide agus trí bhéim a chur ar chomhthairbhí na dtionscnamh sin, is féidir le dlr agus pobail tacaíocht láidir do chleachtas inbhuanaithe agus do Chontae níos rathúla agus níos athléimní a chruthú.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir le comhthairbhí an ghníomhaithe ar son na haeráide dul níos faide ná aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus tionchair dhearfacha a bheith acu ar ghnéithe éagsúla de shaol an phobail.

- Feasacht agus tuiscint mhéadaithe ar shaincheistanna maidir leis an aeráid i measc an phobail;
- Braistint mhéadaithe úinéireachta agus cumhachtaithe laistigh den phobal chun dul i ngleic le saincheistanna amhail an t-athrú aeráide;
- Comhoibriú méadaithe idir dlr agus pobail;
- Cinnteoireacht níos eolasaí agus níos éifeachtaí trí eolas agus trí dhearcthaí áitiúla a ionchorprú.



RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Príomhroinn (ranna)	Comhpháirtí (Comhpháirtithe) Aitheanta
Tacú le pobail chun tionscadail aeráide a sholáthar.							
C1	An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide a Riar	Líon na dtionscadal a maoiníodh	2023-2026	An dá rud	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Pobail Áitiúla
C2	An Scéim Glantacháin Pobail a éascú	Líon na mbailiúcháin dramhaíola arna ghiniúint ón Scéim Glantacháin Pobail	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Oibrithe Deonacha
C3	Tionscadail um ghníomhú ar son na haeráide na heolaíochta saoránach a chur chun cinn	Líon na dtionscadal ar tacaíodh leo	2024 (Athbhreithniú bliantúil tuairiscithe as sin amach)	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Éascaitheoirí thionscadail na heolaíochta saoránach
C4	Soláthar Trealaimh Spárála Fuinnimh sa Bhaile i leabharlanna dlr	An méid trealaimh a tugadh amach	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Sealbhóirí Tí Codema
C5	Samplaí dearfacha de thionscadail chomhoibríocha bithéagsúlachta pobail áitiúil nó de shamhlacha taispeána a chur ar cinn agus a chur chun cinn	Líon na dtionscadal bithéagsúlachta pobail a bunaíodh	2025	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	
C6	Oibriú i gcomhpháirtíocht le cónaitheoirí, grúpaí pobail, clubanna spóirt agus scoileanna i gcláir a bhaineann leis an aeráid	Líon imeachtaí/clár	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	An dá rud	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht) Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Cónaitheoirí Scoileanna Cumainn Oibrithe Deonacha Ceardlann Éascaitheoirí Comhpháirtithe Maoinithe
C7	Tionscadal a fhorbairt lena gcomhcheanglaítear oidhreacht agus na healaíona cruthaitheacha chun aghaidh a thabhairt ar inní aeráide	Tionscadal críochnaithe	2027	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Éire Ildánach
C8	Rannpháirtíocht an phobail in iarfheistiú SuDS a chur chun cinn agus a spreagadh nó bearta bainistithe tuilte nádúrtha agus bonneagar gorm/glas a fhorbairtí dtithíocht / forbairtí / limistéir áitiúla atá ann cheana féin	Líon na n-imeachtaí rannpháirtíochta (postálacha meán sóisialta, ailt, imeachtaí) in aghaidh na bliana	2029	Oiriúnú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Seirbhísí Airgeadais agus Uisce Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta (lena n-áirítear Cuan Dhún Laoghaire) Úinéirí Talún Príobháideacha
C9	Imeachtaí ar théama na haeráide a mhéadú d'imeachtaí náisiúnta mar an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta, Cruinniú agus Bealtaine	Líon na n-imeachtaí don tSeachtain Oidhreachta a mbeidh téama aeráide ag baint leo	2024-2029	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Grúpaí Pobail



RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL



Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Príomhroinn (ranna)	Comhpháirtí (Comhpháirtithe) Aitheanta
Oibriú le pobail trí chlár feasachta chun cumhacht a thabhairt do gach duine laistigh den chontae chun gníomhú ar son na haeráide.							
C10	Tionscadal nuálach cruthaitheach a dhearadh chun láithreán oidhreachta a úsáid chun go mbeidh pobail áitiúla rannpháirteach ar bhealach cruthaitheach leis an athrú aeráide, maolú ar an aeráid agus oidhreach Nóta A	Roghnú agus críochnú tionscadail	2024-2029	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	
C11	Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do scoileanna a chuireann Clár na Scoileanna Glasa agus an Clár 'Farmer Time' de chuid An Taisce chun feidhme	Líon na scoileanna ar a bronnadh an Brat Glas Líon na scoileanna a ghlac páirt sa Chlár 'Farmer Time'	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Eastát Aerpháirce An Taisce
C12	Tacú le Clár na gClubanna Glasa de chuid Chumann Lúthchleas Gael (CLG)	Líon na gclubanna ar tacaíodh leo	2024	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide Clubanna GCL
C13	Cur i bhfeidhm chlár Phobail Fuinnimh Inmharthana SEAI (PFIIna) a éascú.	Líon na PFIIna a chláraítear go bliantúil Líon na PFIIna atá maoinithe	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
C14	Tionscnaimh an Gheilleagair Chiorclaigh a chur chun cinn agus tacú le gnólachtaí agus leis an bpobal lena n-áirítear an fhéidearthacht moil geilleagair ghoirm/chiorclaigh a bhunú sa chontae	Líon na dtionscnamh a cuireadh i gcrích	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	BID Áth an Ghainimh Comhlachas Tráchtála DLR An tIonad Athfhionnachtana
C15	Líon na n-imeachtaí oidhreachta ina bhfuil téama aeráide a mhéadú	Líon imeachtaí le téama na haeráide	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	An Chomhairle Oidhreachta
C16	Tacaíocht a thabhairt do Chomhpháirtíocht dlr maidir le Clár Siúlóide sa Chontae a chomhordú agus a sheachadadh Nóta A	Líon na siúlóide eagraithe	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Comhpháirtíocht Spóirt
C17	Oideachas a sholáthar agus feasacht a mhúscailt ar thionchair an athraithe aeráide ar an mbithéagsúlacht agus ar cháilíocht an uisce	Líon na dtionscnamh a réachtáladh gach bliain	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Il-Rannach Scoileanna Coláistí tríú leibhéal Roinn na Mara Seirbhísí Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúla (NWPS) An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Cairde Éanlaith Éireann Oifig na Creat-Treorach Uisce Údarás Áitiúla Oifig Réigiúnacha Clár Uisce (LAWPRO) Iascach Intíre



RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

Tag	Gníomh	Beart Rianaithe	Achar ama	Oiriúnú / Maolú	Ról dlr	Príomhroinn (ranna)	Comhpháirtí (Comhpháirtithe) Aitheanta
C18	Gníomhaíochtaí agus imeachtaí a eagrú chun bithéagsúlacht, éiceachórais agus seirbhísí éiceachórais a chur chun cinn	Líon na dtionscnamh a reáchtáladh gach bliain	2025	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna	Scoileanna, Grúpaí Oideachais Pobail Áitiúla BWI NPWS An Chomhairle Oidhreacht
C19	Cláir oiliúna a chruthú d'fhoireann na n-údarás áitiúil/poiblí maidir le húsáid ábhar agus scileanna traidisiúnta agus inbhuanaithe, litearthacht charbóin, cosaint sócmhainní oidhreacht agus aon sainoiliúint scileanna eile is gá chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna um oiriúnú, maolú agus bainistíocht éigeandála a eascraíonn as tionchar an athraithe aeráide.	Líon na gcúrsaí a reáchtáladh Líon na ndaoine ar cuireadh oiliúint orthu Líon na struchtúr a deisíodh	2028	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	
C20	Feasacht fuinnimh a chur chun cinn sa Chontae agus sa Chomhairle lena n-áirítear imeachtaí de chineál ceardlainne	Líon na n-imeachtaí feasachta Líon na dTionóntaí dlr ar soláthraíodh faisnéis dóibh faoi spáráil fuinnimh agus a gcomhaontú tionóntachta á síniú acu	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Ailtirí	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann Codema Tithíocht
C21	Oiliúint a chur ar fhoireann dlr chun gníomh aeráide a chur chun feidhme ag an obair agus sa bhaile	Líon na dtionscnamh a reáchtáladh	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Il-rannach
C22	Deiseanna a shainaitheint chun taisteal inbhuanaithe agus gníomhach a chur chun cinn le foireann dlr	Líon na dtionscnamh taistil inbhuanaithe a cuireadh chun cinn	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre)	
C23	Soláthar feachtas um chaomhnú/éileamh uisce Uisce Éireann do scoileanna, do theaghlaigh agus do ghnóilachtaí a éascú	Líon na bhfeachtas a rinneadh	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Éascaigh	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Uisce Éireann
C24	Iníuchadh a dhéanamh agus freagairt ar bhealaí a rachaidh an t-aistriú aeráide i bhfeidhm ar ghrúpaí éagsúla sa chontae lena n-áirítear oiliúint scileanna agus bearta um laghdú bochtaineachta fuinnimh a éascú ionas nach bhfágfar duine ar bith ar lár	Líon na ndaoine a bhaineann leas as na hidirghabhálacha a tairgeadh	2029	Maolú	Cuntasacht Iomlán / Imir Tionchar / Comhordaigh agus éascaigh / Mol	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht)	Codema Institiúidí Tríú Leibhéal FSS An Earnáil Pobail agus Dheonach
C25	Nuachtlitir a sholáthar chun gach duine laistigh den chontae a spreagadh chun gníomh ar son na haeráide a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le cur chun feidhme na ngníomhartha thar shaolrann an Phlean.	Líon na Nuachtlitreach a sholáthraítear go bliantúil	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Maolú	Cuntasacht Iomlán	Bonneagar agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht) Gnóthaí Corparáideacha ((lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna)	
C26	Iarfheistiú forbairtí tithíochta agus ilonad a chur chun cinn agus a spreagadh agus eolas agus dea-chleachtais na Comhairle a roinnt, agus béim á cur ar theacht ar theaghlaigh atá i mbaol bochtaineacht breosla	Líon na n-imeachtaí rannpháirtíochta in aghaidh na bliana	2024 Gach bliain ina dhiaidh sin	Oiriúnú / Maolú	Imir tionchar/Comhordaigh agus Éascaigh	Ailtirí	Il-Rannach Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta Eagraíochtaí Tionóntaí Cuideachtaí Bainistíochta Úinéirí Tiarnaí Talún Príobháideacha

Breithnithe Comhtháite Comhshaoil:

Nóta A	Gníomhaíochtaí C10 agus C16	Aird chuí a thabhairt ar ar iogaireachtaí comhshaoil amhail láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht
---------------	-----------------------------	---



6 CRÍOS DÍCHARBÓNAITHE





CAD IS CRIOS DÍCHARBÓNÁITHE ANN?

Limistéar roghnaithe is ea Crios Dícharbónaithe (CD) ina n-oibríonn údarás áitiúla agus pobail le chéile chun an méid carbóin a tháirgtear lena gcuid gníomhaíochtaí laethúla a laghdú. Trí bhreathnú laistigh den phobal ar bhealaí le maireachtáil agus le hoibriú ar bhealach níos inbhuanaithe, leis na criosanna sin, is féidir réitigh áitiúla a fháil ar fhadhbanna domhanda, amhail astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, caighdeán an aeir a fheabhsú, fuinneamh a shábháil agus dramhaíl a laghdú.

Is é príomhchuspóir an Chreasa Dícharbónaithe bealaí nuálacha ach insroichte a aimsiú chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ón limistéar a laghdú 51% faoi 2030, bunaithe ar leibhéal 2018. Beidh plean gach creasa bunaithe ar shaintréithe an cheantair, cad a rachaidh chun leas an phobail, agus ar conas is féidir leis na gnéithe sin oibriú le chéile chun carbóin agus gáis ceaptha teasa eile a laghdú nó a bhaint den phróiseas.

Trí na criosanna sin a chruthú, is féidir cuir chuige agus tionscadail éagsúla a thástáil agus a chur i gcrích, rud a chuireann ar chumas pobal eile smaointe cruthaithe a chur i bhfeidhm bunaithe ar a gcuid riachtanas féin.

CÉN FÁTH AR ROGHNAÍODH DÚN LAOGHAIRE AGUS AN CHARRAIG DHUBH

Chun cáiliú mar CDanna, ní mór go mbeadh tréithe áirithe ag na limistéir roghnaithe lena mbaineann acmhainneacht do ghníomhú ar son na haeráide in earnálacha éagsúla. Roghnaíodh Dún Laoghaire agus an Charraig Dhubh chun CD amháin a chruthú toisc gur measadh go raibh siad réidh le tacú le ghníomhú ar son na haeráide, go raibh braistint láidir pobail ag baint leo, agus go raibh siad ar an méid ceart ó thaobh an daonra de (5,000 duine ar a laghad ag teastáil le haghaidh CDanna uirbeacha).

Mar CD, tá go leor féidearthachtaí i nDún Laoghaire/sa Charraig Dhubh chun tionscadail nua agus cinn atá ann cheana maidir leis an aeráid a fhorbairt, mar aon le deiseanna chun comhthairbhí a sholáthar don cheantar. Mar shampla, d'fhéadfaí feabhas a chur ar chaighdeán an aeir trí bhreathnú ar úsáid mhéadaithe a bhaint as iompar poiblí, taisteal gníomhach, agus moil soghluaisteachta. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar an inbhuanaitheacht fuinnimh le bonnagar nua fuinnimh, amhail uasghrádú an ghréasáin leictreachais agus téamh ceantair, agus trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar théamh in-athnuaite i bhfoirgnimh chónaithe, phoiblí agus thráchtála. Tá deiseanna ann do thionscadail um ghlasú a thacaíonn le bithéagsúlacht i limistéir talún atá faoi úinéireacht poiblí agus phríobháideach araon.

Ina theannta sin, tá réimse leathan cineálacha foirgneamh i nDún Laoghaire/sa Charraig Dhubh lena ngabhann riachtanais fuinnimh éagsúla, a úsáideann an pobal, an earnáil poiblí agus an earnáil ghnó gach lá agus tá sé ina chuid den lárionad éifeachtach do dhobharcheantar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr), a 'bhaile Contae' go bunúsach. Ciallaíonn sé sin gur féidir go leor de na tionscadail agus de na tionscnaimh atá ar bun cheana féin a áireamh agus a fhorbairt in éineacht leis an CD.

Mar chuid de Phlean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019, ceanglaítear ar gach údarás áitiúil sa tír CD a phleanáil. De bhreis air sin, mar chuid den Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021⁴, ceanglaítear ar gach údarás áitiúil Plean mionsonraithe um Ghníomhú ar son na hAeráide a sholáthar.

In 2023, mar chuid de na Treoirínte do Phleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid na nÚdarás Áitiúil¹⁶ arna bhfoilsíú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ní mór na Criosanna Dícharbónaithe a áireamh anois i ngach Plean Gníomhaíochta Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid na n-údarás áitiúil.



CD DHÚN LAOGHAIRE/NA CARRAIGDE DUIBHE INNIU

Chun an sprioc um laghdú 51% ar astaíochtaí carbóin a bhaint amach faoi 2030, ní mór go mbeifear ar an eolas ar dtús faoi; na hastaíochtaí reatha sa chrios dícharbónaithe, cá háit a bhfuil siad, cad iad na gníomhaíochtaí atá á gcruthú, agus cuspóir na ngníomhaíochtaí sin. Tá sé riachtanach freisin go mbreithneofaí gach rud idir mhiondealú ar an daonra agus phatrúin taistil go dtí na cineálacha foirgneamh agus córas téimh laistigh den cheantar. Soláthraítear leis sin forléargas mionsonraithe maidir le bheith ar an eolas faoi iompraíochtaí, faoi ghníomhaíochtaí agus faoin mbonneagar atá ann cheana féin chun an cinneadh is fearr a dhéanamh le chéile maidir le réitigh a fhorbairt a bheidh saincheapadh do Dhún Laoghaire/don Charraig Dhubh agus do gach duine a chónaíonn agus a oibríonn ansin.


MÉID, CRIOSÚ AGUS BONNEAGAR

Is pobail chósta iad Dún Laoghaire agus An Charraig Dhubh, thart ar 10 km ó dheas ó Chathair Bhaile Átha Cliath. Léirítear ZD Dún Laoghaire/ An Charraig Dhubh I bhFigiúr 6.1 agus i bhFigiúr 6.2. Tá achar 6.4km² leis agus áirítear lár bhaile Dhún Laoghaire agus sráidbhaile na Carraige Duibhe, chomh maith leis na ceantair chónaithe agus thaitneamhachta atá gar dó agus líon maith gráigeanna tráchtála. Tá 10,935 teaghlach anseo, agus 829 foirgneamh tráchtála agus tionsclaíochta.

Is ceantair chónaithe an chuid is mó den zón agus 63% den áit iomlán i gceist leis sin. Clúdaíonn spás oscailte, ar nós páirceanna, 14%, agus clúdaíonn bailte agus comharsanachta 7%, clúdaíonn ceantair forbartha eacnamaíochta 4%, úsáideann bonneagar inbhuanaithe comharsanachta (ar nós scoileanna agus ionaid phobail) 5%, tógann imeall an uisce agus an calafort 4%, agus déanann institiúidí tríú leibhéal oideachais suas 3%.

DRÉACHFHÍS DO CD

“ Léireoidh ZD Dhún Laoghaire agus na Carraige Duibhe na deiseanna atá ann don dícharbónú agus don mhaireachtáil inbhuanaithe inár gContae ”




Figiúr 6.1 - Zónú úsáidte talún i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe



DAONRA

Is é thart ar 28,000 daonra Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe. Tá cothromaíocht áirithe de réir aoise agus daoine atá níos sine ná 60 ag déanamh suas 22% den daonra agus daoine níos óige ná 20 ag déanamh suas 23%. Tá an 55% eile den daonra idir 20 agus 60 bliain d’aois.



Figiúr 6.2 - Áiseanna agus áiteanna pobail i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe.

BONNEAGAR POBAIL

Chomh maith le lár an bhaile, an calafort, ceantair chónaithe agus spáis oscailte, tá an bonneagar tábhachtach poiblí seo a leanas léirithe ag ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe i bhFigiúr 6.2.

NAISC IOMPAIR

Trasnaíonn líne iarnróid DART Dún Laoghaire/an Charraig Dhubh a cheanglaíonn Binn Éadair/Mullach Íde le Bré/na Clocha Liatha. Tá bealaí 7a, 46e, 84, 84a, 46a, 63 agus 75 de chuid Bhus Átha Cliath tar éis tosú sa ZD mar chuid de Athdhearadh Líonra BusConnects agus déanann bealaí Nitelink 7n agus 84n freastal ar an gCarraig Dhubh. Déanann an 7, 7a, 46a agus 7n de chuid Nitelink freastal ar Dhún Laoghaire chomh maith leis sin.

TEAGMHÁLITHE AGUS PÁIRTITHE LEASMHARA LÁRNACHA ATÁ ANN CHEANA FÉIN

Tá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ríthábhachtach d'fhorbairt phleananna an ZD. Mar shampla, molann Treoirlínte Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an Údarás Áitiúil rannpháirtíocht luath agus leanúnach na bpáirtithe leasmhara i gcaitheamh an phróisis. Tharraing na Treoirlínte aird freisin ar an gcaoi nach bhfuil 'an smacht nó an cumhacht le tionchar díreach a imirt ar na lagduithe ar fad fuinnimh agus astaíochtaí laistigh de theorainneacha cheantar an ZD' ag an Údarás Áitiúil. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach rannpháirtíocht a fháil ó réimse leathan earnálacha agus páirtithe leasmhara i bpróiseas an ZD le gníomhartha a aithint agus le forbairt agus cur i bhfeidhm an phlean ZD a bhrú chun cinn.

Le cinntiú go mbeidh próiseas cothrom agus cóir i gceist le forbairt agus cur i bhfeidhm ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe, tá sé i gceist ag Comhairle Chontae Dhún Laoghaire - Rath an Dúin (dlr) rannpháirtíocht a fháil ó pháirtithe áitiúla leasmhara ar nós grúpaí pobail, comhlachtaí ionadaíochta gnó, áiseanna oideachais, ionaid leighis, grúpaí cúraim leanaf agus óige, eagraíochtaí creidimh agus na healaíona cruthaitheacha.



Ina theannta sin, beidh gá ríthábhachtach 'príomh-idirghabhálaithe' a aithint agus a tharraingt isteach ar a nós siúd a bhfuil leanúint mhór agus tionchar acu ar an bpobal go forleathan. Is féidir leis na grúpaí iontaofa seo feidhmiú mar cheangal idir an pobal agus an dlr, ag treisiú tionscadal atá idir lámha, ag tarraingt aird ar phleananna an ZD agus ag tarraingt ar an bpobal i gcoitinne.

Is sampla amháin iad na Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe de ghrúpaí príomh-idirghabhálaithe ar cheart tarraingt isteach sa bpróiseas ZD. Is grúpa daoine é Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe (PFI) atá tar éis tarraingt le chéile le feabhas a chur ar an gcaoi a n-úsáidtear fuinneamh agus córas inbhuanaithe fuinnimh a fhorbairt ar mhaithe lena bpobal féin. Breathnaíonn pobail fuinnimh go rialta ar thionscadail sna tithe, ar an iompar agus ar ghnó áitiúil.

Tá sé mar aidhm acu:

- a bheith éifeachtach i dtaobh fuinnimh de
- leas a bhaint as an bhfuinneamh in-athnuaite
- machnamh a dhéanamh ar réitigh fuinnimh cliste

D'fhéadfaí réimse éagsúil úsáideoirí fuinnimh a bheith páirteach in PFI ar nós tithe, clubanna spóirt, ionaid phobail, séipéil agus comhlachtaí. Sa gcaoi seo, cruthaíonn PFI nasc idir an fuinneamh inbhuanaithe, forbairt áitiúil eacnamaíochta agus folláine an phobail. Tá líon maith Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe de chuid SEAL i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe' - 'Monkstown Village Tidy District' agus 'An Fhothair Theas'.




ASTAÍOCHTAÍ LAISTIGH DE ZD DHÚN LAOGHAIRE/NA CARRAIGE DUIBHE

Is bealach é Liosta Bunlíne Astaíochtaí (LBA) le léargas sciobtha a fháil ar mhéid an gháis cheaptha teasa atá á scaoileadh in áit áirithe. Déanann sé iniúchadh ar fhoinsí na n-astaíochtaí, ar nós tithe, carranna, imeachtaí tráchtála agus pobail, tionsclaíocht agus imeachtaí eile chomh maith le húsáid an leictreachais agus bainistíocht dramhaíola. Cabhraíonn an LBA leis na gníomhartha a tharlaíonn sna ZD a threorú, i dtreo slí níos glaine, níos inbhuanaithe maireachtála.

Rinneadh forbairt ar an Liosta Bunlíne Astaíochtaí ag úsáid modhanna ón iliomad tuarascálacha Codema , treoirlínte náisiúnta do Phleananna Ghníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na n-údarás áitiúil agus modhanna a thacaíonn leis na tacair sonraí. Cruthaíodh an tsraith léarscáileanna sa gcuid seo a leanas ag baint úsáide as na modhanna, na foinsí agus na tacair sonraí céanna.

Tógann ZDanna a LBA ó leibhéal 2018, mar is gá de réir an bheartais náisiúnta aeráide. Ag baint úsáid as na sonraí bunlíne seo (Figiúr 6.3), is féidir na háiteanna a fheiceáil gur féidir an méid is mó carbóin a shábháil, agus an chaoi is fearr le laghdú 51% a bhaint amach faoi 2030. Léiríonn na torthaí gur **ghin ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe 105,313 tCO₂ de chomhionann in 2018**. Trí chomparáid a dhéanamh idir sonraí astaíochtaí 2030 agus bunlíne 2018, beifear in ann a dul chun cinn a fheiceáil agus rath na ngníomhartha ar son na haeráide sa zón a mheas.



Figiúr 6.3 Astaíochtaí iomlán gáis cheaptha teasa do ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe de réir earnála in 2018.


ASTAÍOCHTAÍ CÓNAITHE AGUS PRÓIFÍL

An tsraith léarscáileanna seo a leanas - astaíochtaí cónaithe, rátáil fuinnimh an fhoirgnimh, agus córas téite (Figiúr 6.4 - 6.6) - cabhraigh linn tuiscint a fháil ar na cineálacha tithe agus na córais téite atá i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe agus na háiteanna gur féidir le huasghrádúithe foirgnimh tí agus le haisfheistithe an tionchar is fearr a bheith acu ar astaíochtaí agus ar chaighdeán an aeir, chomh maith le cineál na hoibre a bheidh ag teastáil.


Léiríonn **Figiúr 6.4** an briseadh síos de réir spáis ar na hastaíochtaí cónaithe i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe, de réir ceantair bheaga ag tarraingt airde ar na ceantair leis na hastaíochtaí is lú agus is mó ó earnáil na cónaitheachta. Léiríonn na dathanna dorcha ar an léarscáil na háiteanna gur féidir le huasghrádúithe fuinnimh tí an tionchar is mó a bheith acu ar astaíochtaí a laghdú.

Déanann teastas Rátála Fuinnimh an Tí (RFT) rátáil ar fheidhmiú fuinnimh an tí ar scála idir A agus G le tithe a bhfuil rátáil A acu ar na tithe is éifeachtaí i dtaobh fuinnimh agus tithe a bhfuil rátáil G acu ar na tithe a bhfuil an éifeachtacht is lú acu. Léiríonn **Figiúr 6.5** Rátáil Fuinnimh an Tí (RFT) a bhaineann leis an tithe i ngach ceantar beag i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe. Tá aithne ar na RFTanna go forleathan sna réime ísle de D1, D2 agus E1, rud a léiríonn an stoc tógála atá ag dul in aois sa gceantar seo, agus a tharraingíonn aird ar an obair shuntasach atá le déanamh leis na haidhmeanna náisiúnta a chomhlíonadh chun RFT ár stoc tógála a fheabhsú.

Léiríonn **Figiúr 6.6** na háiteanna a n-úsáidtear na príomhbhreosla téite - gás, ola agus leictreachas a úsáidtear sa ZD. Is é an gás nádúrtha a príomhfhoinsé breosla don téamh cónaithe (50%), agus an ola ina dhiaidh (29%) agus an leictreachas (14%). Áirítear le breoslaí eile (7%) an gual, adhmaid, móin agus Gás Peitriiliam Leachtaithe (GPL).




Figiúr 6.4 - Astaíochtaí cónaithe (tCO2) de réir Ceantar Beag i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe.



Figiúr 6.5 - Rátáil Fuinnimh an Tí (RFT) a bhaineann leis an tithé i ngach ceantar beag i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe

Cineál Coire de Dhún Laoghaire agus den Charraig Dhubh
Zón Décharbónaithe




Figiúr 6.6 - Breosláí téite de réir ceantar beag i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe.

ASTAÍOCHTAÍ IOMPAIR AGUS PRÓIFÍL

I ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe, tagann thart ar 95% d’astaíochtaí iompair ó thurais bhóthair, agus 5% ón iompar ar iarnród. Léiríonn Fígiúr 6.8 na bóithre sa ZD a bhfuil an méid is mó astaíochtaí ag baint leo agus léiríonn Fígiúr 6.9 na bealaí a dhéanann daoine sa ZD taisteal chun na hoibre, na scoile nó na hollscoile. Chun astaíochtaí iompair a laghdú, agus le caighdeán an aeir a fheabhsú, tá gá le hathrú i dtreo an taistil ghníomhaigh chomh maith le tabhairt isteach na bhfeithiclí leictreacha. Léiríonn an chart seo go mb’fhéidir go mbeidh deis ann daoine a tharraingt ó thurais chairr, mar ba thurais chairr a bhí in 42% de na turais ar fad. Is féidir leas a bhaint as an eolas seo le tacú le pleannanna nua maidir le roghanna níos inbhuanaithe taistil laistigh den zón.



Fígiúr 6.8 - Astaíochtaí Bóthair in tCO₂ - forbartha bunaithe ar shonraí múnlaithre atá ar fáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair



Fígiúr 6.9 - Turais chun na hoibre, na scoile nó na hollscoile laistigh de ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe (CSO 2016)

RÓL AN dlr SA ZD

Is é an príomhról a bheidh ag an dlr i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe ná éascóir. Le tacú le plean an ZD agus chun é a chur i gcrích, beidh gá le gníomh ón dlr, ach ó eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí, gnóthaí áitiúla, grúpaí sóisialta agus pobail, agus ón bpobal i gcoitinne chomh maith.

Agus seo á thabhairt faoi deara, beidh go leor ról ag an dlr agus iad ag tacú le gníomh ar son na haeráide i nDún Laoghaire agus sa gCarraig Dhubh. Seo a leanas na ról seo:

- Gníomh díreach - ag cur gníomhaíocht i gcrích i gceantair atá faoi smacht díreach an dlr lena n-áirítear a chuid foirgneamh féin, bonneagar, córais, oibríochtaí agus foireann.
- Éascú - gníomhú ar son na haeráide a chur i gcrích trí chomhordú a dhéanamh chomh maith le ceangail agus naisc a chruthú le daoine eile. Is féidir rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a bheith i gceist leis seo, chomh maith le tógáil cumais, forbairt chomhpháirtíochtaí, tacú maoiniú agus beartais, agus imeachtaí eile cumasaithe.
- Abhcóideacht – cumarsáid a dhéanamh, tionchar a imirt agus ag tógáil ar bharr fíis choiteann sa ZD, chomh maith le feasacht a ardú faoi phlean an ZD agus gníomhartha molta agus nua a fhorbairt le grúpa leathan páirtithe leasmhara le tacaíocht a fháil ón bpobal áitiúil.

CONAIRÍ AERÁIDE

Is éard atá sna conairí aeráide na bealaí agus straitéisí éagsúla a d'fhéadfadh astaíochtaí a laghdú go mór mór laistigh den ZD. Tarraingíonn na conairí seo aird ar roinnt de na treonna atá ann chun astaíochtaí a laghdú agus chun éifeachtacht féideartha na dtreonna seo a léiriú. Tá sé mar aidhm plean a chruthú a fheileann do na cúinsí agus acmhainní ar leith laistigh den ZD, chomh maith le spriocanna náisiúnta aeráide na hÉireann a chomhlíonadh (i.e., laghdú 51% ar astaíochtaí faoi 2030). Trí thaiscéalaíocht a dhéanamh ar na conairí aeráide seo, is féidir leis an zón dul chun cinn suntasach a dhéanamh i ndul i ngleic leis an athrú aeráide agus chun todhchaí níos glaine, níos inbhuanaithe a chruthú do Dhún Laoghaire/don Charraig Dhubh.






CONAIR CHÓNAITHEACHTA AERÁIDE GO 2030

Léirítear conair féideartha astaíochtaí d’earnáil chónaitheachta ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe i bhFigiúr 6.10. Léirítear céimeanna laghduithe astaíochtaí i ndath oráiste agus déantar rangú orthu de réir éifeachtacht chostais ó chlé go deas.

Na céimeanna seo:

1. Soláthar Leictreachais
2. PV Gréine agus Uasghráduithe Fuinnimh Tí. Bítear ag súil le méadú 5% in astaíochtaí i nGnó mar Chás rialta.



Figiúr 6.10 - Conair Aeráide Chónaithe ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe.



1. SOLÁTHAR LEICTREACHAIS

Ciallaíonn dícharbónú an eangaigh leictreachais gur gá foinsí níos glaine a úsáid ar nós na gaoithe agus na gréine le leictreachas a ghiniúint a chumhachtaíonn ár gcuid tithé agus gnólachtaí. Laghdóidh dícharbónú an eangaigh leictreachais amach anseo astaíochtaí le 33% (12,000t CO₂) i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe. Fágann sé seo gur gá dul i ngleic le 8,400t CO₂ breise leis an sprioc de laghdú 51% astaíochtaí a bhaint amach faoi 2030.



2. PV GRÉINE AGUS UASGHRÁDUITHE FUINNIMH TÍ

D’fhéadfaí an sprioc de 8,400t CO₂ a bhaint amach trí chomhcheangal a dhéanamh idir painéil PV Gréine agus Uasghráduithe Fuinnimh Tí do thart ar 5,500 teach sa ZD. Tá féidearthacht ann astaíochtaí a laghdú níos mó ná an sprioc de 51% má dhéantar Uasghráduithe Fuinnimh Tí ar an 7,000 teach atá fágtha sa zón. Seans go mbeidh ionchur chórais inbhuanaithe téite i gceist leis na huasghráduithe fuinnimh tí chomh maith le hinsliú áiléir agus balla, aeráil, agus céimeanna aer-obacha.

CONAIR AERÁIDE NA HEARNÁLA TRÁCHTÁLA AGUS POIBLÍ GO 2030

Léirítear conair féideartha astaíochtaí d’astaíochtaí tráchtála laistigh den ZD i bhFigiúr 6.11 thíos. Cuirtear na céimeanna i láthair de réir chostas gach tona de CO2 a shábháiltear, rud a chiallaíonn go mbeidh luach níos fearr airgid ag na céimeanna ar chlé, gach seans. Baineann earnáil seo na tráchtála le foirgnimh thráchtála agus foirgnimh phoiblí (lena n-áirítear soilsiú sráide). Is iad na príomhréimsí le hastaíochtaí a laghdú san earnáil tráchtála Soláthar Leictreachais agus Dícharbónú Teasa.

Soláthar Leictreachais

Ar an mbealach céanna, coinneoidh dícharbónú an eangaigh leictreachais go suntasach (17,900 t CO2) i dtreo an laghdúithe 51% san earnáil tráchtála.


Dícharbónú Teasa

San earnáil tráchtála, bheadh an ZD in ann an sprioc de laghdú 51% astaíochtaí faoi 2030 dá mbainfí astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ón earnáil mhór agus ó úsáideoirí.

Beidh gá le gníomhartha sprioc-bhunaithe le dul i ngleic leis an mbarr-chaitheamh de 80% téite tráchtála (na 87 úsáideoir is mó tráchtála, lena n-áirítear 24 oifig, 22 siopa miondíola, 13 suíomh fáilteachais, 10 n-ionad fóillíochta, 10 suíomh tionsclaíochta, 4 suíomh sláinte, 3 atá ilchineálach agus trádstóras amháin).

Tá tuilleadh nó laghduithe malartacha astaíochtaí indéanta san earnáil tráchtála i gcoitinne leis na moltaí seo a leanas:

- Uasghráduithe soilisithe
- PV Gréine ar fhoirgnimh thráchtála a bhfuil spás dín acu (€3.2 milliún)
- Tús áite a thabhairt do dhícharbónú fhoirgnimh an dlir (tionscadal DelibeREE)
- Uasghráduithe soilisithe sráide



Figiúr 6.11 - Conair Aeráide Tráchtála ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe



CONAIR IOMPAIR AERÁIDE GO 2030


Léiríonn Figiúr 6.12 conair féideartha astaíochtaí d’astaíochtaí iompair laistigh de ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe. Léirítear na céimeanna de réir na gcéimeanna is éifeachtúlaí (€/tona CO2) a bheidh ar thaobh na láimhe clé, go dtí na céimeanna is costasaí ar thaobh na láimhe deise agus áirítear leo Feithiclí Earraí Éadroma (FEÉanna), Leictriú na mBusanna, Feithiclí Earraí Troma (FETanna), Úsáid Carranna agus an taisteal gníomhach.

GNÓ MAR IS CEART / CONAIR REATHA

Molann tionscadail reatha taistil suas go 2028 go mb’fhéidir go mbeidh laghdú 21% in astaíochtaí bóthair agus laghdú 50% in astaíochtaí iarnróid. Tógtar é seo ó mhúnlú an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI) ina bhfuil baint ag laghduithe astaíochtaí bóthair le tionscadail de chineál an taistil ghníomhaigh, BusConnects, agus roinnt feithiclí leictreacha; agus baineann laghduithe astaíochtaí iarnróid leis an leictriú.

FEITHICLÍ EARRAÍ ÉADROMA (FEÉ)

Is éard a bhíonn i gceist le FEÉ jípeanna, veaineanna, agus trucaí níos lú. Le go mbainfidh ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe amach spriocanna astaíochtaí 2030 amach, beidh gá le laghdú 5% i gciliméadair na bhfeithiclí mar gheall ar fheabhsuithe bainistíochta phleanáil na lóistíochta lastais, athrú 10% go rothair ríomh-lastais agus athrú 40% go Feithiclí Leictreacha.



Figiúr 6.12 - Conair Aeráide Iompair ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe

LEICTRIÚ NA MBUSANNA

Maidir le busanna sa ZD, beidh gá le 70% de na busanna ar fad (poiblí agus príobháideach) a leictriú. Tá sé i gceist ag an ÚNI flít iomlán poiblí cathrach ar astaíochtaí ísle faoi 2030, a mbeidh feithiclí ann le cadhnra leictreach acu, feithiclí hibrídeacha díosail agus feithiclí breosla-chille, le flít iomlán astaíochtaí neodracha faoi 2035. Gach seans gur seo is mó a chuirfidh leis an sprioc de 70%, mar gheall go mbeidh sé níos deacra seirbhísí réigiúnacha agus príobháideacha bus a dhícharbónú.

FEITHICLÍ EARRAÍ TROMA (FET)


Bíonn veaineanna móra agus trucaí altacha i gceist le FETanna. Le go laghdóidh ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe astaíochtaí ag teacht le spriocanna náisiúnta, beidh gá le laghdú 5% i gciliméadair na bhfeithiclí chomh maith le hathrú de 20% de FETanna go Feithiclí Leictreacha agus 5% go lastas iarnróid.

TAISTEAL CAIRR AGUS TAISTEAL GNÍOMHACH

Beidh sé tábhachtach béim a leagan ar an taisteal gníomhach (an siúl, an rothaíocht), agus ar an iompar poiblí i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe tríd síos le 21% de charranna atá ann cheana féin a spreagadh i dtreo bealaí eile iompair atá níos inbhuanaithe. Ina theannta sin, beidh gá le 27% de charranna sa ZD a athrú go FLanna le spriocanna 2030 a bhaint amach.

CÁR bhFÉADFAÍ PV GRÉINE A CHUR ISTEACH?

Léiríonn anailís tosaigh i bh Figiúr 6.13 an deis a bhaineann le leictreachas dín gréine i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe, ag léiriú go bhfuil sé indéanta go mbeadh painéil ghréine ag go leor foirgneamh don leictreachais. Is léiriú tosaigh í an léarscáil seo d'fhéidearthacht na bpainéal gréine. Tá gá le machnaimh sonracha ar na foirgnimh le féidearthacht cruinn na bpainéal gréine a bhaint amach. Gnéithe eile a bhfuil machnamh le déanamh orthu: an scáthú, claonadh dín, agus rochtain.



Figiúr 6.13 - Deiseanna do leictreachas dín gréine i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe


CÁR bhFÉADFAÍ AN TÉAMH CEANTAIR A ÚSÁID?

Is córas seanbhunaithe é an téamh ceantair atá déanta suas de líona píopaí faoi thalamh, atá ag freastal ar phobal iomlán nó níos faide i gcéin. In áit córas aonair téite a bheith ag gach foirgneamh, tá siad nasctha le chéile le líonra atá roinnte, ar nós an eangaigh leictreachais.

An chéad chéim a bhaineann le córas téite ceantair ná dul sa tóir ar fhoinní féideartha teasa atá ann cheana féin sa gceantar.

Seoltar an t-uisce te trí líonra píopaí faoi thalamh atá inslithe go maith agus a ritheann faoi na sráideanna. Tógann na píopaí seo an teas timpeall an cheantair go gach foirgneamh. Aithnítear an téamh ceantair in Éirinn agus san AE mar bhealach tábhachtach an fuinneamh in-athnuaite a mhéadú.

Déanann an léarscáil i bh Figiúr 6.14, ó Mháistirphlean Fuinnimh Átha Cliath de chuid Codema, comparáid idir chostais phumpaí téite agus an téamh ceantair sa ZD. Is iad na háiteanna a bhfuil dath gorm orthu na háiteanna is feiliúnaí do phumpaí téite agus na háiteanna a bhfuil dath dearg orthu is feiliúnaí don téamh ceantair. Léiríonn sé seo go bhféadfadh an téamh ceantair a bheith ina rogha maith do ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe, agus go bhfuil machnamh breise tuillte ag an réiteach seo téite. Ina theannta sin, tá ceantar Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe aitheanta in 'cheantar iarrthóra' ag an Taighde Náisiúnta Teasa de chuid SEAI.



Figiúr 6.14 - Pumpaí teasa agus téamh ceantair i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe

BUNTÁISTÍ AN TÉIMH CEANTAIR


Tá go leor buntáistí ag baint leis an téamh ceantair, lena n-áirítear;

- Neamhdhíobhálach don aeráid - ritheann líonraí nua téimh ceantair ar an bhfuinneamh in-athnuaite rud a laghaíonn astaíochtaí agus a fheabhsaíonn caighdeán an aeir.
- Éifeachtúlacht Fuinnimh - bíonn an téamh ceantair níos éifeachtúla de ghnáth ná córais aonair téite.
- Níos Lú Cothabhála - bíonn freagracht na cothabhála ar oibritheoirí láraithe áise agus an téamh ceantair i gceist, rud a bhaineann an dua ó na lonnaitheoirí a gcuid earraí féin téite a chothabháil i gcónaí.
- Seasamh aimsire - níl aon ghá le teicneolaíocht a athrú i dtithe amach anseo mar go dtarlaíonn sé seo ag lárionad an téimh ceantair.
- Stóráil fuinnimh - Is féidir leis an téamh ceantair ‘seirbhísí eangaigh’ a sholáthar don eangach leictreachais. Is féidir leis cabhrú an méid fuinnimh in-athnuaite a shábháil trí solúbthacht san úsáid teasa a sholáthar. Mar shampla, d’fhéadfadh an córas téimh ceantair fuinneamh breise in-athnuaite a úsáid nuair a bhíonn sé ar fáil agus é a stóráil in umair le húsáid arís i líonra an téimh ceantair.

CÁR bhÉADFAÍ PUMPAÍ TEASA A SHUITEÁIL?

Déanann pumpa teasa teas a sholáthar d’fhoirgneamh, trí theas a fháil ón taobh amuigh agus é a thabhairt isteach. Baineann sé úsáid as an leictreachas chun é seo a dhéanamh, ach tá méid an teasa a thugtar isteach i dteach thart ar thrí oiread níos mó ná méid an leictreachais a úsáidtear, áfach. Aithnítear pumpaí teasa mar bhealach tábhachtach leis an bhfuinneamh in-athnuaite a mhéadú sa téamh.

Seans go bhfuil thart ar 1,500 teach i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe feiliúnach do phumpaí teasa gan suiteáil bhreise a dhéanamh agus céimeanna éifeachtachta fuinnimh. Beidh gá le tuilleadh suiteála sna 10,800 teach atá fágtha chomh maith le céimeanna éifeachtachta fuinnimh sula mbeidh siad feiliúnach do shuiteáil phumpaí teasa. Léiríonn **Figiúr 6.15** an céatadán de thithe atá feiliúnach b’fhéidir do phumpaí teasa i ngach ceantar beag - cabhraíonn na dathanna dorcha ar an léarscáil leis na ceantair a léiriú a bhfuil an méid is mó tithe feiliúnacha iontu.



Figiúr 6.15 - Feiliúnacht do phumpaí teasa i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe



DEISEANNA DO GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE I nDÚN LAOGHAIRE AGUS AR AN gCARRAIG DHUBH

GNÓ MAR IS CEART / CONAIR REATHA

Ar bharr na gconairí aeráide a pléadh, déanann an chuid seo rangú ar deiseanna don ghníomhú ar son na haeráide i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe le tuilleadh sonraí. Leagann **Tábla 6.1** amach réimse de ghníomhú féideartha ar son na haeráide a bhfuil machnamh le déanamh uirthi mar chuid de ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe.

Tá gá le go bhfeidhmeoidh go leor cineálacha gníomhartha le chéile i mbealach comhoibríoch le fíís ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe a bhaint amach. Tá gá le go gclúdóidh na gníomhartha seo anailís eolaíoch, seachadadh tionscadail, réimsí sóisialta agus pobail, agus struchtúir rialaithe leis na hathruithe córasacha a bhaint amach ionas go mbeidh Dún Laoghaire/an Charraig Dhubh faoi bhláth agus neamhdhíobhálach don timpeallacht.

CLÁR DEISEANNA

Tá Clár Deiseanna curtha le chéile don ZD. Tá na deiseanna seo leathan go leor, ar ard-chaighdeán agus tá nádúr ginearálta acu agus baint acu le hidirghabhálacha féideartha straitéise a bhfuil taighde le déanamh orthu le laghduithe GHG astaíochtaí a bhaint amach laistigh den ZD. Tar éis tréimhse rannpháirtíochta ó na páirtithe leasmhara, déanfar forbairt ar na deiseanna seo le go mbeidh sraith sonracha gníomhartha ann a bheidh le cur i bhfeidhm faoi phlean don ZD a mbeidh a Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST) féin le déanamh air chomh maith le próisis Measúnaithe Cuí (MC).

Tiocfaidh na deiseanna seo agus iad brúite ar aghaidh leis na ceisteanna seo cosanta agus feabhsaithe timpeallachta comhtháite a leanas:

- Déanfar machnamh cuí ar the deiseanna forbartha, agus aon imeacht nó forbairt a bhaineann leo, ar nós fuinnimh, téimh nó forbairt a bhaineann leis an taisteal gníomhach, mar gheall go dteastaíonn siad le gnéithe rúnda den timpeallacht lena mbaineann a chosaint, lena n-áirítear gabhdóirí áitiúla daonna; suíomhanna Eorpacha agus an bhithéagsúlacht; gnéithe oidhreachta, struchtúir chosanta agus an comhthéacs ina mbíonn na gnéithe; agus an t-uisce, na créanna agus an timpeallacht áitiúil chaighdeán aeir lena mbaineann.
- Tabharfar machnamh ar leith cuí d'aon deis a mbíonn forbairt in-athnuaite fuinnimh mar thoradh air, ar nós forbairt tuirbíní gaoithe nó forbairt phainéil gréine le go ndéanfar gnéithe rúnda den timpeallacht a chosaint ó na héifeachtaí rialta a bhíonn ag a leithéid d'fhorbairt, lena n-áirítear éifeachtaí avifauna nó an tírdhreach nó éifeachtaí físiúla, lena n-áirítear loinnir agus dalladh.
- Déanfaidh dlr abhcóideacht agus tionchar a imirt le cinntiú nach dtagann na deiseanna forbartha seo a mbíonn forbairt bonneagar líonra leictreachais mar thoradh orthu, lena n-áirítear forbairt bonneagar de cháblaí líneacha, ó oibrítheoirí líonra leictreachais, nach dtagann siad salach ar an gcritéir cuí pleanála agus cosanta timpeallachta nó nach mbíonn tionchar suntasach diúltach acu ar an timpeallacht.
- Déanfar machnamh cuí ar aon deis a thacaíonn le huasghrádú an tsoilsithe poiblí, le cinntiú go gcloítear le leibhéal na ndaoine agus réimse speictreach dá leithéid de soilsiú nó go ndéanfar iad a laghdú/smachtú le héifeachtaí ar an mbithéagsúlacht a sheachaint.

CLÁR DEISEANNA

Ceantar Straitéise	Deis	Ró(i)l an Ghnó agus an Udaráis Áitiúil	Comh-thairbhí*
Astaíochtaí Cónaitheachta	Uasghrádú ar stoc tógála cónaitheachta ar mhaithe le héifeachtacht fuinnimh agus córais inbhuanaithe téite	Gníomh díreach, Éascú, Abhcóideacht	Aer atá níos glaine, laghdú ar an easpa fuinnimh, sláinte feabhsaithe, fostaíocht méadaithe, slándáil méadaithe fuinnimh
Astaíochtaí Cónaitheachta	PV dín gréine cónaitheachta	Gníomh díreach, Éascú, Abhcóideacht	Aer atá níos glaine, laghdú ar an easpa fuinnimh, sláinte feabhsaithe, fostaíocht mhéadaithe, slándáil mhéadaithe fuinnimh
Astaíochtaí Cónaitheachta	Feabhsú fuinnimh ar fhoirgnimh tosaíochta an dlr sa ZD	Gníomh díreach	Aer atá níos glaine, sláinte feabhsaithe, fostaíocht mhéadaithe, slándáil mhéadaithe fuinnimh
Astaíochtaí Cónaitheachta	Plé a dhéanamh le clár agus meantóirí an Phobail Fuinnimh Inmharthana (PFI) le tacú le forbairt na PFIanna, rannpháirtíocht agus cur i gcrích tionscadail laistigh den ZD	Gníomh díreach	Aer atá níos glaine, laghdú ar an easpa fuinnimh, sláinte feabhsaithe, fostaíocht mhéadaithe, slándáil mhéadaithe fuinnimh agus ionchuimsitheacht
Astaíochtaí Cónaitheachta	Téamh ceantair don earnáil chónaitheachta	Gníomh díreach	Aer atá níos glaine, sláinte feabhsaithe, fostaíocht mhéadaithe, slándáil mhéadaithe fuinnimh
Astaíochtaí Tráchtála agus Poiblí	Uasghrádú ar stoc tosaíochta tráchtála ar mhaithe le héifeachtacht fuinnimh agus córais inbhuanaithe téite	Gníomh díreach, Éascú, Abhcóideacht	Aer atá níos glaine, sláinte feabhsaithe, fostaíocht mhéadaithe, slándáil mhéadaithe fuinnimh
Astaíochtaí Tráchtála agus Poiblí	PV tráchtála gréine	Gníomh díreach, Éascú, Abhcóideacht	Aer atá níos glaine, sláinte feabhsaithe, fostaíocht mhéadaithe, slándáil mhéadaithe fuinnimh
Astaíochtaí Tráchtála agus Poiblí	Uasghráduithe soilsithe d'fhoirgnimh tráchtála	Gníomh díreach, Éascú, Abhcóideacht	Fostaíocht mhéadaithe agus slándáil mhéadaithe fuinnimh
Astaíochtaí Tráchtála agus Poiblí	Téamh ceantair d'earnálacha tráchtála agus poiblí	Gníomh díreach	Aer atá níos glaine, laghdú ar an easpa fuinnimh, sláinte feabhsaithe, fostaíocht mhéadaithe, slándáil mhéadaithe fuinnimh
Astaíochtaí Tráchtála agus Poiblí	Uasghráduithe poiblí soilsithe laistigh den ZD	Gníomh díreach	Aer atá níos glaine, sláinte feabhsaithe, fostaíocht mhéadaithe, slándáil mhéadaithe fuinnimh
Astaíochtaí Iompair	Iompar cairr - a athrú go hiompar gníomhach, iompar poiblí agus feithiclí leictreacha	Gníomh díreach, Éascú, Abhcóideacht	Aer atá níos glaine, sláinte feabhsaithe, slándáil mhéadaithe fuinnimh agus laghdú ar an torann
Astaíochtaí Iompair	Leictriúchán na mbusanna	Éascú, Abhcóideacht	Aer atá níos glaine, sláinte feabhsaithe, slándáil mhéadaithe fuinnimh agus laghdú ar an torann
Astaíochtaí Iompair	Céimeanna iompair d'fheithiclí earraí éadroma (FEÉanna) agus d'fheithiclí earraí troma (FETanna)	Éascú, Abhcóideacht	Aer atá níos glaine, sláinte feabhsaithe, slándáil mhéadaithe fuinnimh agus laghdú ar an torann
Astaíochtaí Iompair	Taisteal gníomhach - taiscéalaíocht a dhéanamh ar 'leabharlanna rothair' nó ar scéimeanna 'trial rothar'	Gníomh díreach	Aer atá níos glaine, sláinte feabhsaithe, ionchuimsitheacht agus rannpháirtíocht an phobail méadaithe
Astaíochtaí Iompair	Taiscéalaíocht a dhéanamh ar fheidhm nua a thabhairt do charrchlóis le go mbeidh siad ina moil seachadta 'míle deiridh'	Éascú	Aer atá níos glaine
Astaíochtaí Iompair	Taiscéalaíocht a dhéanamh ar deiseanna nua d'iompar nua poiblí agus do naisc ghníomhacha taistil go seirbhísí iarnród atá gar	Éascú	Aer atá níos glaine, sláinte feabhsaithe
Astaíochtaí Iompair	Athbhreithniú a dhéanamh ar deiseanna spásanna poiblí páirceála a athlonnú go húsáid mhalartach a bhaineann le háiseanna poiblí	Gníomh díreach	Aer glanta, sláinte feabhsaithe
Earnáil Leictreachais	Ag éascú bonneagar líonra nua leictreachais in áit ar bith a dteastaíonn sé ó oibritheoirí líonra leictreachais	Éascú, Abhcóideacht	Aer atá níos glaine, sláinte feabhsaithe, fostaíocht mhéadaithe, slándáil feabhsaithe fuinnimh

*Is éard atá sna comh-thairbhí éifeachtaí dearfacha breise a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide ar bharr laghduithe díreacha astaíochtaí (m.sh. aer glanta, easpa fuinnimh, sláinte, fostaíocht, bithéagsúlacht, caighdeán an uisce, sláinte éiceachórais, slándáil fuinnimh, leibhéal torainn, carbón corpraithe, geilleagar ciorclach, ionchuimsitheacht, rannpháirtíocht an phobail).

CLÁR DEISEANNA

Ceantar Straitéise	Deis	Ró(i)l an Ghnó agus an Údaráis Áitiúil	Comh-thairbhí
Earnáil Leictreachais	Plé a dhéanamh le comhlachtaí fhreagairt don éileamh agus príomhpháirtithe leasmhara laistigh den ZD, le tacú le forbairt na freagartha don éileamh agus stóráil fuinnimh in earnálacha cónaitheachta, tráchtála agus poiblí	Gníomh Díreach, Éascú, Abhcóideacht	Aer atá níos glaine, fostaíocht mhéadaithe, slándáil feabhsaithe fuinnimh
Rannpháirtíocht	Plean a fhorbairt do rannpháirtíocht an phobail áitiúil don ZD	Gníomh díreach	Ionchuimsitheacht agus rannpháirtíocht an phobail méadaithe
Rannpháirtíocht	‘Foireann aistrithe’ a bhunú don ZD ina mbeidh ionadaithe ón earnáil áitiúil poiblí, gnó, iompair, fuinnimh, agus daoine eile le plean gnímh a chomh-chruthú	Gníomh díreach	Ionchuimsitheacht agus rannpháirtíocht an phobail méadaithe
Rannpháirtíocht	‘Clinic fuinnimh’ gur féidir buailéadh isteach ann go rialta a chruthú, áit ar féidir leis an bpobal comhairle a fháil ar an gcaoi le gníomhú ar son na haeráide. Taiscéalaíocht a dhéanamh ar naisc féideartha le meantóirí Phobail Fuinnimh Imharthana	Gníomh díreach	Ionchuimsitheacht agus rannpháirtíocht an phobail méadaithe
Rannpháirtíocht	Plé a dhéanamh le heagraíochtaí ón earnáil phoiblí atá lonnaithe sa ZD le tuiscint a fháil ar a gcuid pleananna dícharbónaithe agus le sineirgí a aimsiú agus deiseanna	Gníomh díreach	Aer atá níos glaine, sláinte feabhsaithe, fostaíocht mhéadaithe agus slándáil fuinnimh
Tacaíocht Rialaithe agus Córais	Creatlach rialaithe a fhorbairt agus plean cuir i bhfeidhm don ZD	Gníomh díreach	Ionchuimsitheacht agus rannpháirtíocht an phobail méadaithe
Tacaíocht Rialaithe agus Córais	Tionscadal bailithe sonraí agus monatóireachta a fhorbairt sa ZD le taiscéalaíocht a dhéanamh ar bhealaí breise agus moltacha le hastaíochtaí a rianú agus cumarsáid a dhéanamh ar an dul chun cinn	Gníomh díreach	Ionchuimsitheacht Méadaithe
Tacaíocht Rialaithe agus Córais	Taiscéalaíocht a dhéanamh ar deiseanna do shuíomh idirlín bunaithe ar ‘ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe’	Gníomh díreach	Ionchuimsitheacht agus rannpháirtíocht an phobail méadaithe
Bithéagsúlacht, Geilleagar Ciorclach agus Réitigh bunaithe ar an Nádúr	Taiscéalaíocht a dhéanamh ar deiseanna bithéagsúlachta sa ZD	Gníomh díreach, Éascú, Abhcóideacht	Aer atá níos glaine, caighdeán an uisce feabhsaithe, bithéagsúlacht mhéadaithe, sláinte feabhsaithe éiceachórais, cur chun cinn gheilleagar ciorclach
Bithéagsúlacht, Geilleagar Ciorclach agus Réitigh bunaithe ar an Nádúr	Taiscéalaíocht a dhéanamh ar deiseanna do gheilleagar ciorclach sa ZD	Gníomh díreach, Éascú, Abhcóideacht	Aer atá níos glaine, caighdeán an uisce feabhsaithe, bithéagsúlacht mhéadaithe, sláinte feabhsaithe éiceachórais, cur chun cinn gheilleagar ciorclach
Bithéagsúlacht, Geilleagar Ciorclach agus Réitigh bunaithe ar an Nádúr	Taiscéalaíocht a dhéanamh ar deiseanna do réitigh bunaithe ar an nádúr sa ZD	Gníomh díreach, Éascú, Abhcóideacht	Aer atá níos glaine, caighdeán an uisce feabhsaithe, bithéagsúlacht mhéadaithe, sláinte feabhsaithe éiceachórais, cur chun cinn gheilleagar ciorclach
Aistriú Cóir	Taiscéalaíocht agus forbairt a dhéanamh ar deiseanna d’aistriú cóir sa ZD ar nós oiliúint scileanna, agus céimeanna laghdaithe easpa fuinnimh	Gníomh díreach, Éascú	Ionchuimsitheacht agus rannpháirtíocht an phobail méadaithe

Tábla 6.1 – Clár Deiseanna don Dícharbónú i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe



LÉARSCÁILÍOCHT NA BPÁIRTITHE LEASMHARA

Tagann aithint agus léarscáilíocht na bpáirtithe leasmhara faoi **Chéim 2 de Aguisín Teicniúil D de Threoirlínte forbartha na Zón Dícharbónaithe (ZDanna) (Aguisín Teicniúil D** as seo amach). Sa mullach ar léarscáilíocht agus aithint na bpáirtithe leasmhara laistigh den ZD, tarraingíonn na Treoirlínte aird ar thábhacht rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, rud a mholann go sonrach rannpháirtíocht luath agus leanúnach ó na páirtithe leasmhara le linn an tionscadail. Beidh an-chuid rannpháirtíochta ó na páirtithe leasmhara i gceist le príomhphrionsabail an ZD lena n-áirítear uailmhian, rannpháirtíocht agus trédhearcacht. Tarraingíonn **Aguisín Teicniúil D** aird freisin ar an gcaoi nach bhfuil ‘an smacht nó an cumhacht le tionchar díreach a imirt ar na laghduithe ar fad fuinnimh agus astaíochtaí laistigh de theorainneacha cheantar an ZD’ ag an Údarás Áitiúil. Tá sé ríthábhachtach mar sin réimse leathan earnálacha agus páirtithe leasmhara a chur san áireamh i bpróiseas pleanála an ZD.

Le cinntiú go mbainfear amach spriocanna le cur chuige uailmhianach, áitiúil, bunaithe ar cheantar, tá gá le comhoibriú iomlán tras-earnála agus rannpháirtíocht idir dlr, gnóthaí, an pobal, agus príomhpháirtithe leasmhara eile ar nós oibrítheoirí líonra fuinnimh. Le riachtanais Aguisín Teicniúil D a chomhlíonadh, rinneadh léarscáilíocht ar na páirtithe leasmhara agus rangáidh páirtithe áitiúla leasmhara chun an comhoibriú tras-earnála a fháil, rud a mholtar don ZD in Aguisín Teicniúil D. Cuireann an léarscáilíocht tosaigh seo ar na páirtithe áitiúla achoimre ar ghrúpaí pobail, áiseanna oideachais, ionaid leighis, spórt agus siamsaíocht, gnóthaí, grúpaí cúraim leanaí agus óige, eagraíochtaí creidimh agus grúpaí meán agus ealaíona.

Le cinntiú go mbeidh go ndéanfar ionadaíocht chothrom agus chóir ar gach grúpa pobail de chuid Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe moltar go ndéanfar earcú ar phríomhpháirtithe ón gceantar áitiúil le páirt a ghlacadh i ngrúpa áitiúil páirtithe leasmhara ZD le tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm phlean an ZD. Tacóidh comhoibriú le páirtithe seachtacha cumhachtacha le hobair an ZD trí mhaoiniú féideartha a chur i láthair nó tacaíocht for-rochtana.

Ba cheart go ndéanfaidh an grúpaí idéalach páirtithe leasmhara don ZD ionadaíocht ar gach grúpa pobail laistigh de cheantar Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe le cinntiú go mbeidh an pobal ar fad i láthair sa bpróiseas, go léirítear a gcuid tuairimí, agus go ndéanfar freastal ar a gcuid ceisteanna i bplean an ZD.

Meastar gurb iad na tithe ar ioncam íseal agus grúpaí eile ar nós daoine atá faoi mhíchumas, meastar gurb iadsan is mó atá i mbaol easpa fuinnimh agus go mbeidh siad níos leochaillí in aistriú fuinnimh. Beidh géarghá le hearcú príomhpháirtithe áitiúla leasmhara i ngrúpa an ZD, daoine atá ag obair le baill leochaileacha den phobal nach bhfuil an bhaint chéanna acu leis an bpobal le cinntiú go ndéanfar ionadaíocht chothrom agus chóir i bpróiseas an ZD.

Beidh grúpaí de phríomhpháirtithe áitiúla leasmhara a bhfuil leanúint láidir ón bpobal acu ina n-acmhainn luachmhar chomh maith le grúpaí a dtagann a gcuid tionscadal le gníomhartha an ZD cheana féin chun plean an ZD a chur i bhfeidhm. Beidh tairbhe ag baint le hionadaíocht a fháil

ar ghrúpa an ZD ó eagraíochtaí pobail chomh maith le líonraí áitiúla spóirt agus oideachais le heolas a scaipeadh agus le rannpháirtíocht an phobail a chinntiú. Tá féidearthacht ann go bhfeidhmeoidh na grúpaí seo ina nascóirí sa bpobal agus go mbainfidh siad úsáid as a gcuid nasc le himeachtaí arduithe feasachta agus rannpháirtíochta a bhaineann leis an ZD a thabhairt isteach in ócáidí atá ann cheana féin.

PÁIRTITHE COMHOIBRÍOCHA

Is iad na daoine a bhfuil tionchar agus cumhacht acu nó deiseanna maoinithe na príomhpháirtithe comhoibríocha. Déanfar teagmháil leis na páirtithe seo leasmhara chun forbairt agus cur i bhfeidhm phlean an ZD a bhrú ar aghaidh. Déanfar teagmháil freisin le príomhpháirtithe cumhachtacha leasmhara d’astaíochtaí arda i ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe le bheith ina bpáirtithe i gcur i bhfeidhm ghníomhartha an ZD. Tabharfar faoi chonairí maoinithe freisin trí Chomhpháirtíocht Theas DLR le tacú le rannpháirtíocht an phobail áitiúil agus leis an ngníomhú. Ina theannta sin, coinneofar comhairleoirí áitiúla ar an eolas faoi phróiseas an ZD mar pháirtithe comhoibríocha le tacaíocht an phobail do phlean an ZD a threisiú agus le tacaíocht a chur ar fáil in abhcóideacht an athruithe beartais.

TIONSCADAL FAOI LÁTHAIR AGUS INFHEISTÍOCHT

Beidh tairbhe ag baint le baill de ghrúpa páirtithe leasmhara áitiúla a ZD a earcú ó ghrúpaí pobail a bhfuil for-rochtain leathan acu sa bpobal agus a bhfuil taithí acu a bheith ag dul sa tóir ar an maoiniú agus comhpháirtíochtaí a chruthú i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm ghníomhartha an ZD. Tá comhpháirtíocht láidir spóirt ag an ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe a bhfuil tacaíocht aige ón dlr agus ó Chomhpháirtíocht Theas DLR. Beidh an líonra seo úsáideach ardú feasachta a dhéanamh faoin ZD agus le dul i mbun conairí féideartha gníomhaithe. Chomh maith leis sin, tá feabhsuithe móra feicthe ag an gceantar seo ina bhonneagar rothaíochta ar bhóthar an chósta agus tá go leor siopa rothaíochta sa gceantar. D’fhéadfadh an Bike Hub a bheith ina pháirtí leasmhara a mbeadh tionchar ar leith acu don ZD atá ina fhiontar sóisialta i gcomhpháirt le dlr, Cycling Without Age, Down Syndrome Ireland, Comhairle Dídeanaithe na hÉireann agus tuilleadh. D’fhéadfadh páirtithe leasmhar ar nós Bike Hub saineolas luachmhar a chur ar fáil don ghrúpa páirtithe leasmhara áitiúla mar gheall ar an eolas agus oilteacht atá acu ar a bheith ag cruthú chomhpháirtíochtaí comhoibríocha atá láidir agus a mhaireann i bhfad leis an iliomad páirtithe. Ina theannta sin, maidir le comhpháirtíochtaí comhoibríocha a chruthú, d’fhéadfadh tairbhe a bheith le cur chun cinn chruthú Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe sa ZD.

Tá grúpaí gníomhacha pobail ag ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe a bhfuil taithí acu ar a bheith ag soláthar tionscadal atá pobal-bhunaithe agus a nglacfar páirt iontu leis an tionchar atá acu, éifeacht agus taithí le maoiniú poiblí a fháil. Beidh tairbhe ag tionscadail atá ann cheana féin ar nós SMART Dún Laoghaire mar chuid de chéim curtha i bhfeidhm phlean an ZD.

NA CHÉAD CÉIMEANNA EILE

Is iad na chéad céimeanna eile do ZD Dhún Laoghaire/na Carraige Duibhe, Plean Curtha i bhFeidhm ZD a chomhchruthú, i gcomhpháirt leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe leasmhara áitiúla. Áirítear leis seo:

- Plean Rannpháirtíochta Pobail a Chruthú.
- Grúpa príomhpháirtithe leasmhara a bhunú atá déanta suas d'ionadaithe ón bpobal áitiúil, ó ghnóthaí, ó earnálacha iompair agus fuinnimh daoine eile.
- Liosta gníomhartha a bhfuil tús áite acu a chomhchruthú, ag méadú ar idirghabhálacha straitéiseacha agus ar chlár na ndeiseanna a pléadh sa gcaibidil seo.
- Creatlach rialaithe a fhorbairt don ZD.
- Tacaíocht a thabhairt do chur i gcrích an Phlean Curtha i bhFeidhm le fíis an ZD a bhaint amach do 2030.

MAIDIR LE CODEMA

Is iad Codema Gníomhaireacht Fuinnimh Átha Cliath atá tá siad tiomanta le ceannaireacht a dhéanamh ar an athrú a bheidh ag Baile Átha Cliath i dtreo astaíochtaí ísle go dtí 2030 agus 2050. Feidhmíonn siad ina gcomhairleoirí fuinnimh do na ceithre údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath - Comhairle Cathrach Bhaile Átha, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Contae Fhine Gall agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Tacaíonn Codema le gach Contae i gceannaireacht agus i treorú an athruithe seo i dtreo astaíochtaí ísle trí fheabhas a chur ar a gcuid éifeachtúlacht fuinnimh, teicneolaíocht in-athnuaithe a thabhairt isteach agus trína gcuid astaíochta gáis ceaptha teasa a laghdú. Ar son dlr, tá an t-ionchur cuí tugtha ag Codema do ZD Dhún Laoghaire agus na Carraige Duibhe chun an t-aistear a thosú i dtreo astaíochtaí neodracha faoi 2050. Coinneoidh Codema orthu lena gcuid tacaíochta le Dícharbónú Dhún Laoghaire agus na Carraige Duibhe a chur i gcrích go dtí deireadh thréimhse an Phlean seo.



7 CUR I bhFEIDHM AGUS TUAIRISCIÚ





PLEANÁIL DON CHUR I bhFEIDHM

Cuirfidh gach roinn de Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr) an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm. Cé go bhfuil gá le cur chuige uile-Chomhairle ag teastáil sa bPlean, tá úinéireacht an Phlean i Stiúrthóireacht an Bonneagair agus Athrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht). Bunaíodh Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide in dlr in 2016 agus tá Comhordaitheoir Gníomhú ar son na hAeráide, Oifigeach Gníomhú ar son na hAeráide agus Oifigeach Poiblí Gníomhú ar son na hAeráide ann anois. Is é ról na foirne seo an gníomhú ar son na haeráide a thabhairt isteach sa bPríomhshruth in imeachtaí dlr, monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm gníomhartha sa bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus comhordú a dhéanamh ar thuairiscíú agus ar mheasúnú an Phlean nuair a ghlacann na Baill Tofa leis.

Tacaíonn an Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide leis an bhFoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide atá curtha le chéile le hionadaithe idir Ailtirí, Forbairt Phleanála agus Eacnamaíoch (lena áirítear Calafort Dhún Laoghaire), Cúrsaí Corparáide (lena n-áirítear TF agus Acmhainní Daonna), Tithíocht, Seirbhísí Airgeadais agus Uisce, Pobal, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna, Bonneagar agus an tAthrú Aeráide (lena n-áirítear Cothabháil Bóithre agus Trácht) agus Bonneagar Pleanála Chun Cinn. Beidh an Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide ina bpointe teagmhála do phobal le tuilleadh a fhoghlaim faoin ngníomhú ar son na haeráide sa gContae. Chomh maith leis sin bunófar Foireann nua Gníomhaithe le cur i bhfeidhm an Zóin Dícharbónaithe a éascú.

Feidhmeoidh dlr go comhoibríoch agus i gcomhpháirt le réimse príomhpháirtithe le tacú le seachadadh an Phlean seo. Áirítear leis na páirtithe leasmhara seo, ach ní hamháin na húdaráis áitiúla atá in aice láimhe Comhairle Contae Chill Mhantáin, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Climate Action Regional Office (CARO) Cathrach Bhaile Átha Cliath, Codema (Comhlacht Fuinnimh Átha Cliath), Grúpa Náisiúnta Oiliúna Sheirbhísí an Údarás Áitiúil, Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre, Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, Gníomhaireacht Bainistíochta na Cathrach agus na Contae, Oifig na nOibreacha Poiblí, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Comhlachas Tráchtála Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Smart Dublin Aoisbhá Éireann agus Comhairle na nÓg. Is féidir leis na comhpháirtíochtaí seo deiseanna a sholáthar don chomhoibriú ar thionscadail, foghlaim roinnte, tacaíocht teicniúil agus treisiú maoinithe i rith thréimhse curtha i bhfeidhm an Phlean.

Coinneoidh dlr agus Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath orthu ag dul sa tóir ar thionscadail atá i dteideal maoinithe ón gCiste Gníomhaithe ar son na hAeráide, maoiniú Eorpach agus foinsí eile. Coinneoidh Codema – agus CARO orthu ar déanamh taighde ar deiseanna féideartha maoinithe agus ar chomhpháirtíochtaí le hinstiúidí tríú leibhéal. Tá tábhacht freisin ag baint le comhpháirtíochtaí san earnáil phríobháideach le go n-aimsítear réitigh charbóin ísil don earnáil agus molfar agus éascófar é seo nuair is féidir.

Is dúshlán tras-teorainn é an t-athrú aeráide, ní stopann sé ag teorainneacha polaitiúla ná geografacha. Tá obair tosaithe i rith forbairt an Phlean seo um Ghníomhú ar son na hAeráide ar straitéisí curtha i bhfeidhm a réiteach do na gníomhartha, lena n-áirítear amlínte tábhachtacha a shocrú, chomh maith le spleáchais agus úinéirí gníomhaithe.

Nuair a ghlactar leis an bPlean, déanfar forbairt ar Straitéisí Curtha i bhFeidhm do gach gníomh a dhéantar, rud a leagfaidh amach an chaoi a gcuirfeadh an gníomh i gcríoch chomh maith leis an gcostas, na hamlínte agus na daoine/ranna a bhaineann le cur i gcrích an ghnímh seo.

FORBAIRT A RIANÚ TRÍ PHRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMITHÉ

Thug polasáí treisithe um ghníomhú ar son na haeráide ag leibhéal náisiúnta spreagadh d'fhreagairt tiomanta agus do ghealltanais ón earnáil údaráis áitiúil. Leagtar amach an gealltanais seo i straitéisí foilsithe na hEagraíochta Bainistíochta Chontae agus Cathrach (EBCC) ar son an rialtais áitiúil dár dteideal Delivering Effective Climate Action 2030[1] (DECA 2021). Is príomhábhar machnaimh í an fhreagracht san earnáil seo, go háirithe an cumas rianaithe, measúnaithe agus tuairiscithe ar dhul chun cinn gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a thabhairt go ceann scríbe ag leibhéal oibríochta (údaráis aonair áitiúil) agus earnála (rialtais áitiúil) agus náisiúnta (rialtais náisiúnta). Maidir leis seo, beidh ról suntasach ag Príomhtháscairí Feidhmithé (PFanna).

Déanfar plé ar fheidhmí dlr ar sheachadadh éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdúithe astaíochtaí a bhaineann lena bhonneagar agus acmhainní, mar atá ordaithe ag riachtanais náisiúnta aeráide, tríd an gcóras Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) atá faoi bhainistíocht Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ). Maidir le gníomhartha taobh amuigh de chóras M&T coinneoidh dlr orthu le tuairiscíú a dhéanamh ar fheidhm fuinnimh agus spriocanna astaíochtaí go bliantúil don ÚFIÉ. Maidir le gníomhartha atá taobh amuigh de seo, braithfidh an próiseas rianaithe dul chun cinn ar úsáid chéimeanna rianaithe atá aitheanta ag dlr do na gníomhartha atá forbartha tríd an bpróiseas déanta Pleananna.

Baileoidh na CAROanna sonraí in éineacht leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) ar bhonn bliantúil a bhainfidh le réimse téamaí lena n-áirítear:

- Acmhainní Gníomhú ar son na hAeráide;
- Oiliúint Gníomhú ar son na hAeráide d'fhoireann an údarás áitiúil agus baill tofa;
- Gníomhartha seachadta;
- Tacaíocht fiontraíochta i gceantair ghníomh ar son na haeráide;
- Éifeachtúlacht fuinnimh;
- Laghduithe astaíochtaí;
- Céimeanna gníomhacha taistil; agus
- Freagairt ar an drochaimsir.

Coinneofar le KPlanna a chur leis deir réir mar is gá san earnáil. Cuirfidh dlr eolas ábhartha ar fáil de réir mar is gá le cabhrú le dul chun cinn earnáil an údarás áitiúil a tharraingt chun solais maidir le gníomhú ar son na haeráide.

RIACHTANÁIS TUAIRISCITHE AGUS SOCRUITHE

Tá an gníomhú ar son na haeráide faoi shainordú d'údarás áitiúla mar chuid d'iarrachtaí níos leithne comhbheartaithe agus céimeanna freagartha náisiúnta le hastaíochtaí a ghearradh ina leath faoi 2030 agus le bogadh i dtreo sochaí atá seasmhach agus neodrach i dtaobh na haeráide faoi 2050.

Tá creatlacha níos láidre tuairiscithe agus monatóireachta anois mar chuid den mheicníocht le cuntas a choinneáil ar an gcaoi a bhfuil na húdarás áitiúla ag tabhairt faoi gníomhú ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil i gcomhthéacs an Chuspóra Náisiúnta Aeráide. Tabharfaidh dlr aghaidh ar na bealaí seo tuairiscithe a leanas le dul chun cinn a léiriú ar sheachadadh na ngníomhartha sa bPlean seo Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Bíonn dlr ag tuairisciú don Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) a dhéanann iniúchadh ar fheidhmiú údarás áitiúil in aghaidh táscairí cuí mar chuid dá fheidhm reachtúil.

Feidhmiú Earnála

Déanfaidh dlr tuairisciú bliantúil ar a fheidhmiú i dtaobh gníomhú ar son na haeráide trí KPlanna, le heolas a thabhairt faoin earnáil údarás áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide mar chuid den Straitéis Seachadta Gníomhaithe Éifeachtaigh ar son na hAeráide (SGÉA) 2030.

Monatóireacht agus Tuairisciú SEAL (M&T)

Déanfaidh dlr tuairisciú leanúnach ar a chuid spriocanna astaíochtaí agus feidhmíthe fuinnimh don SEAL leis an uirlise M&T Gap to Target. Monatóireacht agus Tuairisciú (M&T).

TUAIRISCIÚ INMHEÁNACH

Déanfaidh dlr uasdátú agus tuairisciú ar an dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha thar na sé théama ar fad den Phlean trína struchtúir rialaithe agus tuairiscithe agus na cainéil chumarsáide. Déanfaidh slr tuairisciú don Choiste Beartais Straitéiseach Gníomhú ar son na Timpeallacht agus na hAeráide ar bhonn ráithiúla agus do gach ball tofa go leathbliantúil.

Beidh seisiún eolais go leathbliantúil ag an bhFoireann Gníomhaithe ar son na hAeráide le spreagadh a thabhairt chun gníomhú ar son na haeráide a thabhairt isteach sa bpríomhshruth thar fhoirgnimh, áiseanna, feidhmíthe agus seirbhísí an dlr. Beidh deiseanna anseo freisin ionchur a bheith acu i ndearadh gníomhartha nua thar thréimhse an Phlean. Déanfar tuairisciú freisin ar dhul chun cinn chur i bhfeidhm i dTuarascálacha ráithiúla Bainistíochta ó gach roinn agus don phobal i gcoitinne ar na meáin shóisialta, ar shuíomh dlr agus i nuachtlitr ráithiúil dlr Times.

PLEAN NÁISIÚNTA GHNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE

Déanfaidh dlr tuairisciú, de réir Chuid 3(w) do Chairt Gníomhaithe ar son hAeráide an Údarás Áitiúil, don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar dhul chun cinn an ghníomhaithe ar son na haeráide ag leibhéal áitiúil mar chuid de sheachadadh an Chuspóra Náisiúnta Aeráide. Déanfar tuairisciú ar dhul chun cinn gach gníomhaithe via uirlis tuairiscithe atá forbartha Oifig Réigiúnach Gníomhú ar son na hAeráide Chathair Bhaile Átha Cliath. Déanfar tuairisciú ag leibhéal náisiúnta trí na struchtúir earnálacha tuairiscithe atá ann cheana féin don Phlean Náisiúnta Aeráide e.g., ag cur uasdátuithe ar fáil do Roinn Iompair ar an dul chun cinn maidir le céimeanna an taistil ghníomhaigh.

Beidh dlr ag plé go dlúth leis an gCúnant Méara don Aeráid agus Fuinneamh agus líonra seanbhunaithe eile de chathracha na hEorpa agus gníomhaireachtaí ionad gur féidir an cleachtas is fearr idirnáisiúnta a thabhairt isteach sna gníomhartha cuí.



SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE

